



Comhairle na
nDochtúirí Leighis
Medical Council



Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais

2024



Maidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht rialála le haghaidh dochtúirí. Tá ról reachtach ag an gComhairle na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn i measc dochtúirí atá i mbun cleachtais i bPoblacht na hÉireann leis an bpobal a chosaint.

Ní comhaltaí leighis iad tromlach na Comhairle. Tá 25 comhalta ar an gComhairle: 13 chomhalta neamhleighis agus 12 chomhalta leighis.

Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis Clár Liachleachtóirí - Clár na ndochtúirí ar fad a bhfuil cead dlíthiúil acu obair mhíochaine a dhéanamh in Éirinn.

Leagann an Chomhairle síos na caighdeáin maidir le hoideachas agus oiliúint mhíochaine in Éirinn.

Déanann sí maoirsiú ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna ar feadh gairmréimeanna trí na ceanglais a leagann sí síos maidir le hinniúlacht ghairmiúil. Tá sé de chúram uirthi dea-chleachtas míochaine a chur chun cinn.

Is féidir le duine den phobal gearán a dhéanamh in aghaidh dochtúra le Comhairle na nDochtúirí Leighis.





**Ionadaíocht thar ceann
othar agus tacaíocht ar
son liachleachtóirí i
gcultúr cúraim sláinte a
bhíonn de shíor ag athrú**

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Uachtaráin	6
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	7
Ráiteas straitéise 2019 – 2024	8
Fís, Bunchuspóir agus Treoirphrionsabail	9
Ar baineadh amach in 2024 faoin	
Ráiteas Straitéise	10
Comhaltaí na Comhairle	16
Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin	17
Figiúirí ó 2024	18
Clárúchán	20
Gearáin agus Imscrúduithe	22
Feidhmiúlacht chun Cleachtadh,	
Monatóireacht agus Sláinte	25
Beartas Rialála, Taighde agus Caighdeáin	28
Forbairt Ghairmiúil	32
Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta	36
Gnóthaí Corparáideacha	39
Ard-Abhcóide	42
Cumarsáid agus Rannpháirteachas	43
Bainistíocht Riosca	46
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	48
Saoráidí	49
Daoine agus Cultúr	54
Cúrsaí Airgeadais	56
Soláthar	57
Ráitis Airgeadais	59
Aguisíní	92

Ráiteas an Uachtaráin



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán,
Comhairle na
nDochtúirí Leighis

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fhoilsiú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Agus mé ag breathnú siar ar an tréimhse le dhá mhí dhéag anuas, cúis mhór bhróid dom an méid atá bainte amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus as na forbairtí atá tar éis a rian a fhágáil ar réimse an leighis in Éirinn, rian a mhairfidh go ceann i bhfad.

Thit athrú amach in 2024 nuair a d'éirigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle, Leo Kearns, as a ról i mí Mheán Fómhair. Bhí Leo i gceannas ar an eagraíocht ó bhí mí Aibreáin 2021 ann. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar chúrsaí sa tréimhse a chaith sé leis an gComhairle. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Leo as a dhúthracht, as a dhílseacht don eagraíocht agus as an méid atá bainte amach aige. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta ag Yvonne Clancy a tháinig isteach mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach tar éis do Leo éirí as an ról. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Ciarán Buggle a thosaigh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí na Nollag. Tá an-obair déanta ag Ciarán leis an gComhairle a threorú, tráth a bhfuil athruithe éagsúla ag titim amach.

Tá líon níos airde dochtúirí ar Chlár na Liachleachtóirí le bliain anuas ná mar a bhí riamh. Bíonn níos mó brú ar dhochtúirí atá ag obair in Éirinn sa lá atá inniu ann ná mar a bhíodh ar chúiseanna éagsúla, cuir i gcás daonra atá ag fás agus fadhbanna leighis atá ag éirí níos casta i rith an ama. Is é an ról atá le comhlíonadh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis dochtúirí a rialú agus an pobal a chosaint ach táimid anseo chomh maith chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do dhochtúirí ina saol oibre.

Dá réir sin, seoladh CAREhub in 2024. Tugtar tacaíocht neamhspleách meabhairshláinte do dhochtúirí ar CAREhub agus do dhaoine sa phobal atá ag plé le próisis rialála Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá treoir á cur ar fáil ann i dtaobh réimsí éagsúla, mar shampla oideachas, oiliúint, gearáin, imscrúduithe agus na nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh. Is é an aidhm atá ann leis an tseirbhís seo go dtabharfar tacaíocht don phobal agus do dhochtúirí agus iad ag plé le Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Cuireadh Seirbhís Tacaíochta lárnach (Ionad Teagmhála) i bhfeidhm i mbliana chomh maith ionas gur éifeachtach, intuigthe agus comhbhách a bheidh an chumarsáid a dhéanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis le dochtúirí agus leis an bpobal. Ós rud é go bhfuil an tIonad Teagmhála ann, bíonn daoine ar fáil le labhairt le dochtúirí a bheadh sa tóir ar eolas ar aon ghné dá gclárúchán nó d'aon ábhar eile. Cuireadh an Fóram don Chomhbhá i gCúrsaí Rialála ar bun i mí na Nollag 2024. San fhóram sin, tugtar le chéile comhlachtaí rialála le plé a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha le tabhairt faoin rialáil ar bhealach comhbhách.

Ba mhór an onóir dom go raibh mé i m'ionadaí thar ceann na Comhairle Leighis agus mé ag labhairt le linn comhdhálacha ar fud na tíre i mbliana. Ar na comhdhálacha seo bhí Comhdháil Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann i mí an Mhárta agus Comhdháil na nDochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal i mí an Mheithimh. Thug mé aitheasc chomh maith mar chuid de chomhdháil Chomhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair. Pribhléid domsa a bhíonn sna deiseanna seo agus bím an-bhuíoch as cuireadh a fháil le freastal orthu. Deis foghlama a bhíonn ann i gcónaí casadh le daoine eile sa ghairm seo againne agus le páirtithe leasmhara de chuid na gairme. Cuirtear ar mo shúile dom na bealaí ar féidir linn plé níos fearr le dochtúirí agus leis an bpobal. Táim ag tnúth le bliain eile lán torthaí éifeachtacha sa bhliain atá romhainn.

An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán, Comhairle na nDochtúirí Leighis

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Ciarán Buggle
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
Eatramhach,
Comhairle na
nDochtúirí Leighis

Agus mé ag feidhmiú mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach Chomhairle na nDochtúirí Leighis, cuirim fáilte roimh an deis seo Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024 a chur os bhur gcomhair. Sa tuarascáil seo, caithimid súil ar an méid a baineadh amach agus ar na buaicphointí ó 2024, rudaí a d'fhág go raibh bliain éifeachtach eile againn i gComhairle na nDochtúirí Leighis.

Tá méadú tagtha arís le bliain anuas ar an líon dochtúirí atá ar Chlár na Liachleachtóirí. Tugadh deis do 27,276 dochtúir clárú arís sa tréimhse bhliantúil choinneála i mí an Mheithimh. Astu siúd, choinnigh 97.5% acu a gclárúchán. Tá feabhsuithe straitéiseacha curtha i bhfeidhm ar oibríochtaí na Comhairle a d'fhág go raibh an Fhoireann Clárúcháin in ann plé leis an méid mór seo d'iarratais chun clárúchán a choinneáil. Próiseas réasúnta éasca a bhí ann do na dochtúirí dá bharr.

Tháinig méadú chomh maith in 2024 ar an líon gearán a cuireadh faoi bhráid an Choiste Réamhimeachtaí in 2024 agus ar chastacht na ngearán sin. Tháinig ar 468 cinneadh i dtaobh na gcinntí go léir. Rinneadh cinneadh i mí Mheán Fómhair 2023 an fheidhm chun gearáin a mheas a leagan ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Cuireadh an cleachtas sin i bhfeidhm in 2024. Dá thoradh sin, tá laghdú tagtha ar ualach oibre agus ar éifeachtúlacht na Comhairle i dtaca leis an am a thógtar le cásanna faoi alt 57 a chur ar aghaidh de réir an phróisis maidir le gearáin. Tháinig méadú ar an líon fiosruithe maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a rinneadh le linn na bliana. Tugadh faoi níos mó de na fiosruithe ar an láthair.

Tá sábháilteacht na n-othar ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá le comhlíonadh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Baintear an méid sin amach bunaithe ar mhuinín an phobail a chothú as gairm an leighis. Baintear an méid sin amach tríd an bpróiseas rialála, ina ndéantar caighdeáin ghairmiúla agus iompar gairmithe a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Chuige sin, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a treoir leasaithe chun dáta maidir le smachtbhannaí i mí na Bealtaine 2024.

Tá béim á leagan sa treoir seo ar na nithe atá le cur san áireamh agus smachtbhannaí cuí á meas nuair a chuirtear fiosruithe maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh i gcrích. An aidhm atá leis an treoir ná go mbeidh trédhearcacht níos fearr ann do dhochtúirí agus dá n-ionadaithe i dtaca le smachtbhannaí a chur ar dhuine.

Chuir Foireann Taighde na Comhairle, Uachtarán na Comhairle agus mé féin sonraí faoi dhochtúirí leighis atá ag obair (taighde a chuir Foireann Taighde na Comhairle ar fáil) i láthair mar chuid de chomhdhálacha agus imeachtaí, cuir i gcás comhdháil de chuid na comhairle idirnáisiúnta dar teideal The Council on Licensure, Enforcement and Regulation (CLEAR). Is ríthábhachtach go mbeidh na sonraí seo againn má táimid le bheith ag planáil do riachtanais ag baint leis an lucht saothair san am atá le teacht nó leis an gcás a mheas ó thaobh tacaíocht riachtanach de le go mbeimid in ann tabhairt faoi sin i gcomhar le páirtithe leasmhara leis na riachtanais a shásamh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach comhalta atá ar an gComhairle agus leis an bhFeidhmeannas a d'oibrigh le go mbeadh obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in ann leanúint ar aghaidh gan stró i gcaitheamh na bliana. Táim ag súil le bliain bhisiúil dhinimiciúil eile sa bhliain atá le teacht.

Ciarán Buggle
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach,
Comhairle na nDochtúirí Leighis

Ráiteas straitéise 2019 – 2024

Is iad seo a leanas na sé phríomhchuspóir straitéiseacha:

1

A chinntiú go dtabharfaidh rialáil an leighis cosaint don phobal agus tacaíocht do liachleachtóirí cláraithe

2

A chinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus na foghlama ar feadh an tsaoil

3

Foghlaim ó thaithí chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear samhail rialúcháin atá idir éifeachtúil agus chomhréireach ar fáil

4

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

5

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

6

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

Fís, Bunchuspóir agus Treoirphrionsabail

FÍS NA COMHAIRLE

Cúram sábháilte ar ardchaighdeán d'othair, muinín an phobail as gairm an leighis agus ceannaireacht sa chúram sláinte

MISEAN NA COMHAIRLE

Caighdeáin ghairmiúla a leagan síos, a mhonatóiriú agus a chur chun cinn le go mbeidh tacaíocht ann chun cúram sábháilte a chur ar fáil d'othair ar ardchaighdeán agus chun dea-thorthaí a bhaint amach d'othair

ÁR DTREOIRPHRIONSABAIL

Ionadaíocht thar ceann othar agus **tacaíocht** ar son liachleachtóirí i gcultúr cúraim sláinte a bhíonn de shíor ag athrú

Feidhmiú le **neamhspleáchas**, **cothroime** agus **macántacht**

Oscailteacht **agus** trédhearacht **a léiriú**

Iontaoibh **agus** meas **a chothú** idir liachleachtóirí, othair agus Comhairle na nDochtúirí Leighis

Treoir agus **tionchar** don chúram sláinte

Freagracht **a ghlacadh** as na cinntí agus gníomhartha a dhéanaimid

Ar baineadh amach in 2024 faoin Ráiteas Straitéise

Cuspóir Straitéiseach 1

Cinntiú go gcosnaíonn rialachán leighis an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe

- Cuireadh Seirbhís Tacaíochta Lárnach (Ionad Teagmhála) i mbun oibre le go mbeadh cumarsáid éifeachtach intuigthe chomhbhách ann le liachleachtóirí.
- Rinne an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta bainistiú éifeachtach ar na glaonna agus ar na ríomhphoist a tháinig isteach sa bhosca clárúcháin sa tréimhse ina mbíonn an Próiseas Bliantúil Coinneála ann agus tréimhsí eile móréilimh. Baineadh feabhas suntasach amach i dtaca le rátaí freagartha glaonna agus éifeachtúlacht freagartha ríomhphost agus bhí amanna feithimh níos giorra ann.
 - Tháinig méadú ar rátaí freagartha glaonna, ó 41% acu in 2023 go 79% in 2024. Baineadh laghdú amach i gcás na dtréimhsí feithimh is faide, ó níos mó ná dhá uair an chloig sna buaicthréimhsí chomh híseal le 30 nóiméad.
 - Baineadh feabhas amach ó thaobh éifeachtúlacht freagartha ríomhphost de. Rinneadh 85% de cheisteanna a réiteach taobh istigh de chúig lá oibre i gcomparáid le 40% acu in 2023.
- Ghlac an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta freagracht as plé le glaonna agus teachtaireachtaí ríomhphoist ó dhaoine a bhí an-suaite. Bhí tacaíocht ag an bhfoireann sin ón oiliúint speisialaithe chun féinmharú a chosc a thug an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.
- Gné a bhí fós lárnach i misean na foirne Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in 2024 ná an fholláine. Léiríodh an cúram sin nuair a seoladh CAREhub, seirbhís neamhspleách don tacaíocht mhothúcháinach atá á cur ar fáil ag Lyra Wellbeing. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach faoin tionscnamh agus cuireann sé sin le dúthracht na foirne Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta chun tacú le folláine liachleachtóirí.
- Chuir an fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe Aonad Monatóireachta nua ar bun, forbairt a fhágann gur fearr atá an fhoireann sin in ann dochtúirí faoi shrianta a bhainistiú agus cuidiú leis na dochtúirí sin ceanglais chomhlíonta a shásamh.
- Ina theannta sin, sheol an fhoireann um Measúnú Feidhmíochta ardán nua ar líne le haghaidh suirbhéanna aiseolais ó fhoinsí éagsúla. Tá an t-ardán deartha chun aiseolas cruinn a bhailiú ó othair agus ó chomhghleacaithe agus anailís chruinn a dhéanamh ar an méid sin nuair a theastaíonn a leithéid mar chuid de Mheasúnú Feidhmíochta dochtúra.

Cuspóir Straitéiseach 2

A chinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaite i ngnéithe an oideachais, na traenála agus na foghlama ar feadh an tsaoil

- Tá próiseas creidiúnaithe fochéime Chomhairle na nDochtúirí Leighis á riar ag an bhfoireann Forbartha Gairmiúla. Tá an próiseas ag cloí leis na treoirlínte atá ag an World Federation for Medical Education don dea-chleachtas ó thaobh creidiúnaithe de agus tá sé ceadaithe ag an National Committee on Foreign Medical Education and Accreditation (cuid den Department of Education i Stáit Aontaithe Mheiriceá). In 2024, tugadh faoi dhá chás creidiúnaithe, aon chuairt amháin chun athiniúchadh a dhéanamh agus trí iniúchadh Anatamaíochta.
- Rinneadh anailís in 2024 ar na Tuairisceáin Bhliantúla don bhliain acadúil 2022/2023 i gcás naoi scoil leighis agus dhá chlár leighis déag.
- Tá cúram ar fhoireann na nIonad um Oiliúint Chliniciúil as bheith ag plé le hionaid don oiliúint chliniciúil, cúram a chuimsíonn ospidéal, clinicí, cleachtais dochtúirí ginearálta, an bhliain intéirneachta agus cláir don oiliúint le haghaidh speisialtóirí. Ní mór don Chomhairle gach ionad intéirneachta nua a iniúchadh agus a cheadú. Rinneadh sé ionad mar sin a iniúchadh in 2024.
- Ceann de na nithe ar díriodh orthu in 2024 ná gur forbraíodh próiseas le monatóireacht a dhéanamh ar ionaid don oiliúint chliniciúil, an méid sin leis an dul chun cinn atá déanta a mheas ó rinneadh iniúchtaí idir 2017 agus 2019 i sé cinn de ghrúpaí ospidéal. Meastar go bhfuil 447 moladh a rinneadh curtha i gcrích san iomlán anois agus go bhfuil 290 moladh fós á gcur i bhfeidhm. Táthar ag súil le tuairiscí eile chun dáta ó gach Réigiún Sláinte sa bhliain atá le teacht.
- Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis freagrach as cláir oiliúna do speisialtóirí a chreidiúnú agus as na comhlachtaí oiliúna iarchéime a chuireann na cláir sin ar fáil a chreidiúnú. Tá 13 chomhlacht oiliúna iarchéime sa stát atá freagrach as cláir oiliúna do speisialtóirí a chur ar fáil trasna 57 speisialtacht. Tugadh faoi aon chás amháin den bhulc-chreidiúnú i gcás Institiúid na Míochaine (cláir n-7) ón 10 go dtí an 13 Meitheamh. Bhí cruinniú amháin ann maidir le Plean Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe i mbliana ar an 2 Deireadh Fómhair 2024, é sin leis an Néaraifhiseolaíocht Chliniciúil.
- É sin tar éis cruinnithe a bhí ann in 2024 le dhá Chomhlacht Oiliúna Iarchéime déag a chuireann 34 clár ar fáil. Rinneadh anailís ar 34 Tuairisceán Cáilíochtúil agus ar 55 Tuairisceán Caimníochtúil. Bhain an fhoireann iarchéime feidhm ar bhonn trialach as cur chuige níos comhoibríche ar shampla clár anuraidh. Ó tharla gur éirigh chomh maith sin leis, cuireadh ar fáil é do gach clár in 2024. Bhí na páirtithe leasmhara sásta leis an gcur chuige nua don Tuairisceán Cáilíochtúil, cuir i gcás cruinnithe níos éifeachtaí chomh maith le leibhéal níos fearr tuisceana agus léargais don dá pháirtí. Rud eile dearfach a d'aithin siad ná go rabhthas in ann ní ba mhó ceanglas a dhúnadh ná mar a bhí i mblianta roimhe seo.
- Bhí cruinnithe ag an bhfoireann in 2024 le gach ceann de na 13 chomhlacht oiliúna iarchéime le haiseolas a thabhairt dóibh faoin Tuairisceán Caimníochtúil ón mbliain roimhe sin. Tar éis dóibh an t-aiseolas a fháil, rinneadh an fhoirm don Tuairisceán Caimníochtúil a leasú chun dáta. An aidhm a bhí leis sin ná leis na sonraí a bailíodh agus feidhmiúlacht na foirme a fheabhsú. Scaipeadh na Tuairisceáin Chaimníochtúla don bhliain acadúil 2023-2024 ar chomhlachtaí oiliúna i mí Lúnasa 2024 agus seoladh ar ais chun na foirne iad i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Bhí an fhoireann um Fhorbairt Ghairmiúil ag obair le Prifysgol (Ollscoil) Caerdydd le treoirlínte a dhréachtú do na caighdeáin úra; bhí agallaimh 1-1 agus ceardlann ann leis sin a dhéanamh. Chuir Prifysgol Caerdydd an chéad dréacht de na treoirlínte i gcrích i mí na Samhna. Tá aiseolas curtha ar fáil ag an bhfoireann ar an méid sin ó shin.

Cuspóir Straitéiseach 3

Foghlaim ó thaithí chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear samhail rialúcháin atá idir éifeachtúil agus chomhréireach ar fáil

Rinne an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta dianchlár oiliúna a fhorbairt do bhaill foirne nua i gcomhar leis an Rannóg Clárúcháin agus leis an bhfoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe le go mbeidh bunús láidir eolais ann le ceistanna casta a bhainistiú go héifeachtach.

- Sheol an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta seirbhís teileafóin don tacaíocht mhothúcháinach darb ainm CAREhub. Tá an tseirbhís ar fáil do gach duine a bhíonn páirteach sa phróiseas maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh agus i bpróisis rialála eile de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis.
- Tugadh bunachar sonraí nua isteach le treochtaí ó thaobh glaonna de a rianú agus le hanailís a dhéanamh orthu le go mbeidh an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in ann acmhainní a úsáid ar an tslí is fearr agus seirbhísí a chur ar fáil ar an leibhéal is airde. San anailís a rinneadh ar 8,323 comhrá fóin idir mí an Mhárta agus mí na Nollag, sonraíodh na cúiseanna ba choitianta leis na glaonna mar seo:
 - Iarratasóirí Céaduaire – Leasuithe ar an Iarratas
 - Leasuithe ar Dhoiciméid
 - GenForm
 - Teastais á Lorg
 - Aistriú idir Rannóga
 - Foirm Fíorúcháin Coibhéise Intéirneachta Leasuithe
- Baineadh feabhsú amach go leanúnach i soláthar na seirbhíse mar thoradh ar oiliúint struchtúrtha, Córais Bainistíochta Cáilíochta agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha agus bhíodhas in ann, dá bharr, a dheimhniú go mbeadh leanúnachas agus feabhas ann sa phlé a rinneadh le páirtithe leasmhara.
- Chuir an fhoireann Monatóireachta agus Measúnaithe Feidhmíochta cur chuige nua i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar dhochtúirí atá faoi shrianta le go mbeadh an leibhéal monatóireachta ag teacht leis an riosca lena mbaineann.

- Chuir an fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe suirbhé le chéile do dhochtúirí atá ag tabhairt faoin Measúnú Feidhmíochta le haiseolas a fháil uathusan agus lena chinntiú go mbeadh próiseas againn a bheadh éifeachtúil, éifeachtach agus tairbheach do chách lena mbaineann.

- Cuireadh athruithe i bhfeidhm i ngach rannóg atá san fhoireann Forbartha Gairmiúla. San fhoireann go ginearálta, cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm ar na córais mhonatóireachta agus próisis chreidiúnaithe le tionchar agus éifeachtúlacht na Comhairle a threisiú, na hathruithe seo ina measc:

- Cuireadh deireadh le foireann MAT le go mbeifí in ann an Feidhmeannas a threisiú le cinntí a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt i dtaca le próiseas na dTuairisceán Bliantúil.

- Athrú ar an bpróiseas um Pleananna Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe: Bíonn réamhchruinniú ag an bhfoireann seo sula mbíonn an príomhchruinniú um Ghníomhú agus Feidhmiú ann. An chúis atá leis seo ná le treoir a thabhairt faoi na réimsí is tábhachtaí a bhíonn le plé sa chruinniú um Pleananna Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe. (Fuarthas aiseolas an-dearfach ina leith seo ón gcomhlacht a rinne an t-athrú seo a thriail).

- Táthar tar éis próiseas caighdeánaithe don Tuairisceán Bliantúil a aontú do na feidhmeanna ar fad - an fheidhm iarchéime, an fheidhm fochéime agus feidhm na n-ionad don oiliúint chliniciúil. Mar thacaíocht don mhéid seo tá nós imeachta oibriúcháin caighdeánach ina dtugtar na sonraí faoi gach céim den phróiseas chomh maith le nós imeachta oibriúcháin caighdeánach maidir le hanailís a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt maidir le Pleananna Gníomhaíochta agus Forfheidhmithe, agus maidir le Tuairisceán Bhliantúla.

- Rinneadh Foirm Cháilíochtúil larchéime nua a fhorbairt in 2024 agus é ina chuspóir ann an fhoirm a fheabhsú ó thaobh feidhmiúlachta agus eispéireas an úsáideora de. San áireamh ar an bhfoirm nua tá an fhaisnéis chuí ó thuarascálacha creidiúnaithe chomh maith le tuairiscí chun dáta roimhe seo ó na comhlachtaí agus aiseolas ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Cuireadh dhá rannóg nua leis an bhfoirm chomh maith le go mbeadh cláir in ann faisnéis a chur isteach maidir leis an dea-chleachtas agus dúshláin. Tugadh faoi thionscadal chun faisnéis ó thuarisceáin ó bhlianta roimhe seo a chur le chéile san fhoirm nua.

- Bhí plé níos fearr ann le páirtithe leasmhara, é sin idir an Feidhmeannas agus na Comhlachtaí Oiliúna larchéime i dtaca le Tuairisceáin Bhliantúla. Bíonn cruinnithe ar líne ag an bhFoireann larchéime anois leis na Comhlachtaí Oiliúna larchéime leis an aiseolas faoi na Tuairisceáin Bhliantúla a phlé sula gcuirtear chuig na comhlachtaí é.

- Agus próiseas maidir le Tuairisceáin Bhliantúla á chur i bhfeidhm acu don sainchúram atá freagrach as lonaid don Oiliúint Chliniciúil/Intéirneachtaí, tá foghlamtha ag an bhfoireann an tábhacht a bhaineann leis an bplé le páirtithe leasmhara. Tá an fhoireann ag súil le leanúint ar aghaidh le dea-chaidreamh oibre a chothú de réir mar a rachfar i dtaithí ar an bpróiseas.

- Bhí an modh iniúchta cumaisc le haghaidh láithreáin dochtúirí ginearálta breá éifeachtach i mbliana. Tá an próiseas iniúchta fós breá críochnúil agus tá caighdeán ard ann go fóill.

- Tá na tuairiscí creidiúnaithe cuíchóirithe ag an bhFoireann Fochéime agus, dá bharr, tá na tuairiscí á gcur i gcrích anois taobh istigh d'achar níos giorra ama agus an fhaisnéis chuí ar fad istigh iontu.

- Athbhreithniú ar an Suirbhé 'Tá d'Oiliúint Tábhachtach' - d'fhreastail comhaltaí

den Fheidhmeannas ar cheardlanna a reáchtáladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil agus ar an gcomparáid idir suirbhéanna ó 'Tá d'Oiliúint Tábhachtach', obair a chuir duine ón bhFoireann Feabhsaithe Cáilíochta i gcrích. Tá sraith nua ceisteanna curtha le chéile atá ag teacht leis an eolas atá an fhoireann ag iarraidh a fháil ón suirbhé. Ceann de na chéad chéimeanna eile a bheidh ann in 2025 ná tuilleadh oibre leis an bhfoireann Taighde le foclaíocht an tsuirbhé a bheachtú sula mbíonn an suirbhé réidh lena sheoladh arís.

- Cruinnithe maidir le Cleachtas Comhoibríoch Idirghairme: cuireadh tús arís in 2024 leis na cruinnithe maidir le Cleachtas Comhoibríoch Idirghairme, á reáchtáil ag an gComhairle. Chuir rialálaithe a bhaineann le gairmeacha an chúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn grúpa oibre le chéile le go mbeifí in ann tabhairt faoin bhFoghlaim Idirghairme in 2018. Tháinig aimsir Covid-19 go gairid ina dhiaidh sin agus tháinig deireadh leis na cruinnithe. Cuireadh an grúpa ar bun arís i mí Feabhra 2024 agus ainm nua orthu, is é sin an 'Cleachtas Comhoibríoch Idirghairme'. Is iad seo a leanas cuspóirí móra an ghrúpa: An dea-chleachtas a shonrú agus a chur chun cinn maidir leis an tslí chun an cleachtas comhoibríoch idirghairme a éascú ar mhaithe le gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn; teanga choiteann idirghairme a leagan síos; córais a fhorbairt chun an Cleachtas Comhoibríoch Idirghairme a chur chun cinn i measc gairmeacha agus eagraíochtaí cúraim sláinte agus shóisialta.

- Tá sé ina cheanglas ar chomhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh gur gá dóibh oiliúint leanúnach a chur i gcrích. Cuirtear béim san oiliúint seo ar an reachtaíocht agus ar na rialacha faoina ndéantar an próiseas do na héisteachtaí a rialú, ar na scileanna a theastaíonn leis an ról a chomhlíonadh agus ar na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar bhealaí praiticiúla. Cuireadh oiliúint leanúnach ar chomhaltaí an choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2024.

Cuspóir Straitéiseach 4

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

- Gné dar tugadh tús áite go príomha san fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in 2024 ná an chumarsáid oscailte chomhbhách. Bhíothas in ann leanúnachas agus cruinneas a bhaint amach toisc gur tugadh isteach teimpléad le haghaidh freagraí ríomhphoist. Bhí creat láidir oibríochtaí ann a bhuí leis an bhforbairt ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta.
- Chuaigh na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta i mbun oibre i gcomhar leis an bhfoireann Clárúcháin, an fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe, agus an fhoireann Cumarsáide le leathanaigh ghréasáin a athdhearadh agus le litreacha coinneála a shimpliú. Dá thoradh sin, baineadh amach feabhsú ó thaobh cumarsáide agus oscailteachta de agus tá na nithe sin níos sothuigte agus níos soiléire ag páirtithe leasmhara anois.
- Cuireadh grúpa oibre inmheánach ar bun bunaithe ar an méid a fuarthas amach ón bhFoirm Iarratais Coinneála Bhliantúil, 2024, leis na próisis a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtúla.
- Seoladh an Fóram don Chomhbhá i gCúrsaí Rialála. Tá an Fóram ann chun an plé le comhlachtaí rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsú le cur chuige níos comhoibríche i leith na rialála a chur chun cinn agus le go mbeidh tacaíocht níos fearr ann.
- Reáchtáil na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta cuir i láthair agus cruinnithe le páirtithe leasmhara chun cur lena dtuiscint ar an ról atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus faoin tslí a dtéann an Chomhairle i bhfeidhm ar phróisis rialála.

Cuspóir Straitéiseach 5

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

- Choinnigh an fhoireann um Beartas Rialála iad féin ar an eolas faoi fhorbairtí rialála idirnáisiúnta agus chuir siad páipéar seasaimh ar fáil thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar fhreagairt ar cheisteanna cosanta poiblí a tháinig chun cinn.
- Bhí an fhoireann um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ag obair arís go leanúnach i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile ar athchóirithe rialála le go mbeidh reachtaíocht na tíre maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh fós oiriúnach dá feidhm i dtimpeallacht rialála agus cúraim sláinte a bhíonn ag athrú. Cuireadh páipéar seasaimh faoi bhráid na Roinne Sláinte inar moladh leasuithe a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar dhaoine mar chuid de nósanna imeachta um fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Tugtar moltaí sa pháipéar seasaimh le go mbeidh éifeachtúlachtaí inmheánacha oibríochta ann chun tacú leis an gComhairle a cuspóirí maidir le cosaint phoiblí a chomhlíonadh ar shlí níos fearr.

Cuspóir Straitéiseach 6

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

- Rinne foireann na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta an tionscnamh CAREhub a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais páirtithe leasmhara le go mbeadh plé éifeachtach ann chomh maith le tacaíocht do liachleachtóirí.
- Cuireadh an Fóram don Chomhbhá i gCúrsaí Rialála ar bun i mí na Nollag 2024. San fhóram sin, tugtar le chéile comhlachtaí rialála le plé a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha le tabhairt faoin rialáil ar bhealach comhbhách.
- Rinne na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta monatóireacht go réamhghníomhach ar mhéadracht seirbhísí, obair a chuimsigh ráta freagartha glaonna, glaonna a cailleadh agus agaí freagartha ríomhphost, obair a d'fhág go raibh an fhoireann in ann dúshláin a shonrú go luath agus réiteach tráthúil a chur i ngníomh.



Comhaltaí na Comhairle



**An Dr Suzanne Crowe,
Uachtarán**



**An Dr Mary Davoren
Leas-Uachtarán**



Teresa Bulfin



Sinéad Corcoran



An Dr. Morgan Crowe



Marie Culliton



Ian Drennan



John Gleeson



Richard Green



Paul Harkin



Jill Long



**An tOllamh Deirdre
Murphy**



John Murray



An tOll. Orla Muldoon



Nauman Nabi




**An tOllamh Ronan
O'Connell**



**An Dr Margaret
O'Riordan**



Jim O'Sullivan



**An tOll. Mary
O'Sullivan**



An tOll. Edna Roche



An Dr. Liqa ur Rehman



Ronan Quirke

Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin



Ciarán Buggle

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Eatramhach agus Stiúrthóir
Feidhmiúcháin um Ghearáin agus
Imscrúduithe, Feidhmiúlacht chun
Cleachtadh agus Monatóireacht



Paul Byrne

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Oibríochtaí
Rialála agus Seirbhísí Tacaíochta



Jantze Cotter

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Beartas
Rialála agus Caighdeán



Roseanne Fox

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas,
TF agus an tAthru Digiteach



Colm O'Leary

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Straitéis
agus Seirbhísí Gnó



Alan Gallagher

Ceannasaí don Chumarsáid
agus Rannpháirtíocht Straitéiseach

Figiúirí ó 2024

27,276

dochtúir a fuair
cuireadh lena gclárúchán a
athnuachan

Astu seo, shocraigh **26,591**
(**97.5%**) duine acu a
gClárúchán a choinneáil

23%

de mhéadú bliain i ndiaidh
bliana ar iarratas

4,859

duine a bhí ag clárú den
chéad uair

589

duine a bhí ag clárú den
chéad uair

55%

FIR



45%

MNÁ



40

Cruinnithe na
Comhairle

364

líon na ngearán a
fuarthas

0.0001%

An céatadán de dhochtúirí (40) a bhí
bainteach le cinní de chuid an Choiste um
Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

38%

Bhain an sciar is mó de na gearáin
a fuarthas (38% acu) le cúrsaí
cumarsáide



8,323

glaos a bhain le cúrsaí
clárúcháin á mbainistiú ag an
Ionad Teagmhála nua



147

Líon foirne ceadaithe



14

Preaseisiúintí



Clárú

Coinneáil Bhliantúil

Tugadh cuireadh do 27,276 dochtúir i mí an Mheithimh 2024 a gclárúchán a athnuachan. Bhí rátaí coinneála an-ard ar fad ann arís. Shocraigh 97.5% de dhochtúirí (26,591 duine acu) a gclárúchán a choinneáil. Astu siúd, dheimhnigh thart ar 95% acu go gcleachtann siad míochaine go gníomhach in Éirinn agus thar lear, ar léiriú é sin go bhfuil lucht saothair dícheallach leighis ann.

As na daoine a chláraigh arís, bhí thart ar 5.5% acu nach raibh gníomhach ar bhonn cliniúil. Léiríonn sé sin go mbíonn cúiseanna éagsúla ag dochtúirí a stádas clárúcháin a choinneáil, cuir i gcás an tsolúbthacht ghairmiúil agus le bheith in ann an deis a thapú má thagann ról chun cinn san earnáil cúraim sláinte in Éirinn amach anseo.

Dochtúirí úra ar Chlár na Liachleachtóirí

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar chlárúchán in 2024. Léiriú é sin ar an bhforbairt atá ar an gclú atá ar Éirinn mar áit tharraingteach do ghairmithe leighis.

Tháinig 23% de mhéadú in aghaidh na bliana ar iarratais a cuireadh faoi bhráid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Dá bharr sin, bhí 5,448 dochtúir ann a ceadaíodh chun an Chláir as an nua - méadú suntasach 53% i gcomparáid le 2023. Díol suntais é gur iarratasóirí céaduaire a bhí in 89.2% díobh siúd a ceadaíodh. Léiriú é sin go bhfuil suim ann go hidirnáisiúnta agus sa tír seo i gcónaí maidir leis an míochaine a chleadhtadh in Éirinn. An chuid eile acu (10.8%), daoine ag filleadh ar an gClár iad.

In ainneoin go raibh brú breise ann ar acmhainní agus ar agaí próiseála toisc go raibh líon ní ba mhó iarratas ann, chuir an rannóg Clárúcháin feabhsuithe straitéiseacha oibríochtúla i bhfeidhm a d'fhág go rabhtas in ann cur leis an éifeachtúlacht gan tarraingt siar ar chaighdeán ó thaobh cáilíochta de.

Tá tuilleadh anailís mhionsonraithe agus fíricí déimeagrafacha in Aguisín B. Ar a bharr sin, cuirfear anailís níos doimhne ar fáil sa Tuarascáil Faisnéise um an Lucht Saothair, 2024, atá le foilsiú go luath. Cuidiú a bheidh sa mhéid sin don phleanáil straitéiseach agus don fhorbairt ar bheartas don lucht saothair.



Yasir Hammad
ó Chumann
na nDochtúirí
Súdánacha in
Éirinn agus Paul
Byrne, Stiúrthóir
Feidhmiúcháin ar
Oibríochtaí Rialála
agus Seirbhísí
Tacaíochta, agus
iad ag freastal ar
cheardlann an
Chumainn sin ar
chúrsaí dlí-liachta.

An Fheidhmíocht á spreagadh ag an Nuáil Straitéiseach

Tionscadal na Tairsí – Clárúchán Práinneach á Athrú ó Bhonn


Seoladh Tionscadal na Tairsí mar threoirthionscadal in 2023 agus bhí sé fréamhaithe gan mhoill mar áis a bheadh riachtanach don earnáil sláinte agus clárúchán dochtúirí a bhfuil róil ríthábhachtacha acu á dhéanamh i bhfad níos gasta dá bharr. Ós rud é gur baineadh amach laghdú ar agaí próiseála ó thart ar 40 seachtain go 2.5 seachtain (94% d'fheabhsú, ráta nach bhfacthas riamh), d'fhág an Tairseach go rabhtas in ann oibríthe leighis a chur ag obair i róil ríthábhachtacha in FSS agus in ospidéal phríobháideacha.

Rinneadh 451 dochtúir a chlárú in 2024 féin trí Thionscadal na Tairsí. Léiriú atá san éacht seo ar sholúbthacht agus ar shofhreagracht Chomhairle na nDochtúirí Leighis freastal ar riachtanais phráinneacha sa chóras cúraim sláinte.

Feidhm um Fheidhmíocht agus Tuairisciú

Sa dóigh is go mbeifear ag feabhsú i rith an ama agus réidh don am atá le teacht, thug an rannóg Clárúcháin Feidhm nua isteach in 2024 a bheidh dírithe ar chúrsaí Feidhmíochta agus Tuairiscithe mar chuid de na hOibríochtaí Rialála. Baineadh leas ar bhonn straitéiseach as Córas cuimsitheach Bainistíochta Cáilíochta agus, mar sin, rinne an fheidhm seo beartais, nósanna imeachta agus struchtúir oibríochtúla tábhachtacha a athbhreithniú go córasach.

Thug an fhoireann go réamhghníomhach faoi dheiseanna a aimsiú don éifeachtúlacht i rith 2024 le cultúr den fheabhsú leanúnach a neadú a mbeifí in ann é a choinneáil i bhfeidhm. Mar thoradh ar na forbairtí straitéiseacha seo, tá bunsraith láidir leagtha síos le haghaidh spriocanna uailmhianacha cáilíochta agus éifeachtúlachta in 2025 agus ina dhiaidh.



Súil Chun Cinn: Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2025

Tá an rannóg Clárúcháin chun cur leis an méid a baineadh amach in 2024 agus oibríochtaí ardchaighdeán a fheabhsú ar na bealaí seo:

- Tionscnaimh leanúnacha feabhsaithe próiseas leis na torthaí is fearr a bhaint amach ó thaobh agaí próiseála iarratas agus dáileadh acmhainní de.
- Cur le Tionscadal na Tairsí le go mbeidh sofhreagracht níos mó arís ann i gcásanna práinneacha cúraim sláinte.
- Leas a bhaint as an méid a fhoghlaimofar ón Tuarascáil Faisnéise faoin Lucht Saothair atá le foilsiú go luath le go mbeidh straitéis na rannóige ag teacht le treochtaí i lucht saothair an chúraim sláinte a thiocfaidh chun cinn.

Tugadh cuireadh do 27,276 dochtúir i mí an Mheithimh 2024 a gclárúchán a athnuachan.

Gearáin agus Imscrúduithe

Cosnaíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis an pobal trí ardchaighdeán oideachais, oiliúna, iompair agus inniúlachta a chur chun cinn agus a chinntiú i measc dochtúirí atá cláraithe leis an gComhairle. Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar mhaithe le leas an phobail, agus is féidir léi srianta a chur i bhfeidhm ar chlárú liachleachtóra, rud a chuirfeadh srian nó deireadh le ceart liachleachtóra leigheas a chleachtadh in Éirinn. Ní dhéantar an gníomh seo ach i gcásanna a bhaineann le teipeanna tromchúiseacha ar thaobh an chleachtóra leighis. Mar rialtóir na gairme leighis, tá sé ar cheann de phríomhfheidhmeanna Comhairle na nDochtúirí Leighis gearáin a phróiseáil a fuair sí i gcoinne cleachtóirí leighis cláraithe.

Ról an Choiste Réamhimeachtaí

Is é an Coiste Réamhimeachtaí ('an PPC') an Coiste atá freagrach as breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearáin agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil gníomh breise ag teastáil, mar shampla, atreorú an ghearáin chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chun fiosrúchán mionnaithe ó bhéal a thionól. Is coiste é an Coiste Réamhimeachtaí atá curtha ar bun faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá feidhm thábhachtach ag an PPC freisin gearáin a chaitheamh amach ag céim luath má mheasann sé go bhfuil gearán cráiteach nó gan substaint.

Is iad seo a leanas na forais ar a bhféadfaí gearán a tharchur chuig FTPC:

- Mí-iompar gairmiúil
- Feidhmíocht ghairmiúil lag (ní féidir í sin a chur san áireamh ach amháin i gcás imeachtaí a thit amach an 3 Iúil 2008 nó ina dhiaidh sin)
- Míchumas liachta iomchuí
- Mainneachtain aon cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha a bhaineann le clárúchán an dochtúra a chomhlíonadh
- Mainneachtain déanamh de réir gealltanais a tugadh do Chomhairle na nDochtúirí Leighis nó aon bheart a dhéanamh atá sonraithe i dtoiliú a tugadh i gcomhthéacs fiosrú roimhe seo

- Sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (lena n-áirítear foráil de chuid aon rialachán nó rialacha a dhéanfar faoin Acht seo)
- Ciontú sa Stát mar gheall ar chion is intrialte ar díotáil (nó, i gcás ciontú lasmuigh den Stát, mar gheall ar chion ab intrialte ar díotáil i gcúirteanna na hÉireann)

Bainistíonn an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe an chéad chéim den phróiseas gearáin, agus déanann siad teagmháil le gearánaithe agus le cleachtóirí le linn bhreithniú an PPC ar an ngearán. Ullmhaíonn an Gearán agus Imscrúduithe doiciméid do gach cruinniú PPC, pléann siad an comhfhreagras a leanann na cruinnithe sin, agus dréachtaíonn miontuairiscí lena bhfaomhadh. Bíonn an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe ag déileáil le gearánaigh, le dochtúirí agus le hionadaithe dlíthiúla ar bhonn laethúil, agus bíonn fiosruithe á ndéanamh acu freisin faoi threoir PPC. Bíonn ag fhoireann ag plé le líon mór ceisteanna maidir le cúrsaí eitice agus dlí ón bpobal agus ó chleachtóirí freisin.

Tá 23 comhalta ar an gCoiste Réamhimeachtaí faoi láthair, sin seisear (6) comhaltaí nach liachleachtóirí iad agus 17 liachleachtóir. D'fhreastail an Coiste ar 11 gcuinniú in 2024. Fuair an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe 364 gearán i gcoinne 388 dochtúir in 2024. Tá tromlach de liachleachtóir ag an PPC agus tá sé comhdhéanta de bhaill de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus baill sheachtracha.

Déanann an PPC déileáil le méid suntasach gearán agus tarlaíonn cruinnithe PPC go cianda gach 4-6 seachtaine. Tacaíonn an fhoireann Feidhmiúcháin leis an PPC. Áirítear dlíodóirí, oifigigh cásanna, agus oifigigh rialála ina measc siúd. Féadfaidh an Coiste cinneadh a ghlacadh nach bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán; gur cheart gearán a tharchur chuig comhlacht nó chuig údarás eile, nó chuig scéim inniúlachta gairmiúla; go bhféadfaí gearán a réiteach trí idirghabháil; nó gur cheart gearán a tharchur chuig Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC).

In ainneoin méadú ar líon agus ar chastacht na ngearán in 2024, lean an PPC ar aghaidh le dul chun cinn cásanna agus rinne sé 468 cinneadh. As na cásanna sin, bhí 404 dochtúir ann nach ndearnadh aon ghníomh eile ina leith ina dhiaidh sin tar éis an imscrúdaithe agus 64 dochtúir a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Faoi láthair, glacann muid le cur chuige ildisciplíneach (MDT) maidir le bainistíocht cásanna, le hoifigigh cásanna faoi mhaoirseacht bhainisteoirí gearán agus imscrúdaithe, chomh maith le haturnaetha. Tugadh isteach foireann anuraidh chun plé go sonrach le halt 60 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, alt a cheadaíonn don Chomhairle iarratas 'ex-parte' a dhéanamh chun na Cúirte le hordú a fháil le clárúchán dochtúra chláráithe a chur ar fionraí má mheasann an Chomhairle gur riachtanach an fhionraí leis an bpobal a chosaint. Cuireann an fhoireann seo aon chás ardriosca faoi bhráid an Uachtaráin agus an POF lena bhreithniú, ionas go gcinntídh an tUachtarán agus an POF ar cheart don Chomhairle an t-ábhar a bhreithniú de bhun alt 60 de Acht 2007. Rinneadh 24 ní a mheas de bhun alt 60 in 2024. Foireann feidhmiúcháin na Comhairle um alt 60 a rinne na nithe sin a bhainistiú.

As an 24 ní a ndearnadh iad a mheas de bhun alt 60, cuireadh 11 ní nua ar aghaidh chun na hArd-Chúirte.

Rinne an Chomhairle cinneadh i gcruinniú an 5 Meán Fómhair 2023, i gcomhréir le halt 24 den Acht, an fheidhm seo a tharmligean chuig POF na Comhairle. Cuireadh an tarmligean seo i bhfeidhm go praiticiúil i mbliana agus, dá bharr, tá laghdú tagtha ar ualach oibre agus éifeachtúlachtaí na Comhairle san aga a tógadh le dul chun cinn a dhéanamh ar 57 ní sa phróiseas chun plé le gearáin. Rinne an POF 68 ábhar a mheas de bhun alt 57. Cuireadh 46 ábhar ar aghaidh chuig an gCoiste Réamhimeachtaí le go ndéanfaí imscrúdú orthu.

An tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020

Faoi Acht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020 ('Acht 2020'), tabharfar athruithe tábhachtacha isteach sa phróiseas maidir le gearáin. Is iad seo a leanas na hathruithe is mó a thabharfar isteach:

1. An POF a dhéanfaidh an fiosrúchán ar ghearáin a stiúradh agus cuidiú ann ó oifigigh údaráithe.
2. Ar aon dul leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, tabharfar an chumhacht don Choiste Réamhimeachtaí toilithe agus gealltanais a iarraidh/a ghlacadh ó liachleachtóirí.
3. Tabharfar an chumhacht don Chomhairle fochoistí a chur ar bun.

Bhí plé ann arís leis an Roinn Sláinte i rith na bliana maidir le dátaí thosach feidhme Acht 2020. Socraíodh an **1 Aibreán 2025** mar dháta thosach feidhme na bhforálacha eile atá ann a bhaineann leis an bpróiseas maidir le gearáin.

Tá 23 comhalta ar an gCoiste Réamhimeachtaí faoi láthair, sin seisear (6) comhaltaí nach liachleachtóirí iad agus 17 liachleachtóir.



Buaicphointí

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 ar an tuairisciú sonraí dírithe ar fheabhsú leanúnach a chinntiú sa bhainistiú cáschomhad agus leis an gcreat sonraí atá againn a fheabhsú.

Roimhe seo, bheadh an chuid is mó dár sonraí ó thaobh cinntí de dírithe ar mhiondealú ar chinntí á ndéanamh ag an gCoiste Réamhimeachtaí ar leibhéal an cháis, cuir i gcás an líon cinntí prima facie, an líon daoine curtha ar aghaidh maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh agus an líon daoine curtha ar aghaidh chuig measúnuithe feidhmíochta. D'aistrigh an fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe i mbliana chuig rianú cinntí ar leibhéal an dochtúra. Fágann sé sin gur féidir anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar chúrsaí déimeagrafacha. Mar gheall ar an gcur chuige úr seo, táimid in ann faisnéis thábhachtach a rianú, cuir i gcás cáilíochtaí dochtúra, an bealach chun clárúcháin a tógadh agus rannán an dochtúra ar an gclár.

Tá córas gráinneach rianaithe curtha i bhfeidhm againn do chásanna faoi leith, ina ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn ar phleananna cásanna (cásanna nua), á gceadú ag an bhFeidhmeannas agus á n-athbhreithniú ag an gCoiste Réamhimeachtaí. Ar an gcóras seo, is féidir an mhinicíocht a rianú maidir le chomh minic atáthar tar éis cas a mheas mar fhadhb eatramhach agus an líon uaireanta atá an Coiste Réamhimeachtaí tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás sular féidir cinneadh deiridh a dhéanamh. Tá na forbairtí seo tar éis dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar amlínte maidir le gearáin. Cuidiú atá iontu le cásanna casta a aithint ina mbeadh ionchur dlí ar leibhéal sinsearach ag teastáil, cuir i gcás cásanna atá tagtha os comhair an Choiste Réamhimeachtaí cúpla uair.

Tá obair déanta chomh maith chun tábla nua imscrúduithe a fhorbairt. Bainfear leas as sin le monatóireacht a dhéanamh ar líon, cineál agus fad na n-imscrúduithe. Mar shampla, nuair a thugann an Coiste Réamhimeachtaí ordú le níos mó ná imscrúdú amháin a chur ar bun ar chomhad, beidh ar an gcásoifigeach sonraí a chur isteach ar an dáta a tugadh an t-ordú agus ar an dáta críochnaithe. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann bainistiú gach cáis a chuíchóiriú agus tabharfar cásanna amach ar shlí níos éifeachtaí ar fud na foirne.

Tugann an fhoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe tacaíocht luachmhar don fhoireann um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus don fhoireann Sláinte agus Monatóireachta ina gcuid iarrachtaí an iontráil sonraí a fheabhsú sa chóras bainistíochta cásanna Evolve chun críocha tuairiscithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta in 2024. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2025.

Tá obair déanta chomh maith chun tábla nua imscrúduithe a fhorbairt. Bainfear leas as sin le monatóireacht a dhéanamh ar líon, cineál agus fad na n-imscrúduithe.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, Monatóireacht agus Sláinte

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Rinne an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh cinntí a bhain le 40 dochtúir in 2024. Le comhthéacs a thabhairt don fhigiúr sin, bhí breis agus 32,000 dochtúir ar an gclár liachleachtóirí i ndeireadh 2024¹. Bhí 41 lá d'éisteachtaí san iomlán ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (réamhchruinnithe agus fiosrúcháin) inar caitheadh amach 43 gearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh.

Cuireadh 61 ceist nua ar aghaidh ón gCoiste Réamhimeachtaí chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2024. Bhí an ráta atreoraithe do 2024 ag teacht leis an ráta atreoraithe do 2023. Rinneadh 61 atreorú a thaifeadh do 2023 agus do 2024. Bhí 165 atreorú san iomlán ón gCoiste Réamhimeachtaí i riar cásanna an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ar an 31 Nollaig 2024. Tá an POF ag tabhairt faoina imscrúduithe féin i dtaca leis na hábhair atá sa riar cásanna seo. Tá cuid de nithe ar chéim luath den imscrúdú, cuid eile acu ina bhfuil céim níos faide ar aghaidh bainte amach. An tréimhse a bhíonn i gceist le himscrúdú a dhéanamh ar chás, braitheann an méid sin ar réimse cúinsí. Dá bhrí sin, tógann an próiseas níos mó ama uaireanta. Agus imscrúdú an POF curtha i gcrích, éistfidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh leis an gcás.


Aithnítear go bhfuil buntáistí ag baint le héisteachtaí ar an láthair agus le héisteachtaí cianda (éisteachtaí fíorúla). Bíonn an t-ionad/modh cuí don éisteacht ag brath ar na cúinsí a bhaineann leis an gcás agus ar an gcineál fianaise a chuirfear i láthair. Is féidir leas a bhaint as an teicneolaíocht le go mbeidh níos mó solúbthachta ann le deis a thabhairt d'fhinnéithe fianaise a thabhairt go cianda nuair is cuí.

I ngach cás, téann an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh i dteagmháil leis an dochtúir féin sula ndéantar cinneadh faoin gcineál is oiriúnaí éisteachta: an rud ar fad ar an láthair, an rud ar fad go cianda/go fíorúil nó meascán den dá rud.

Treoir maidir le Smachtbhannaí

D'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a treoir leasaithe chun dáta maidir le smachtbhannaí i mí na Bealtaine 2024. Leagadh amach sa doiciméad cur chuige na Comhairle i leith smachtbhannaí agus na cúinsí atá le cur san áireamh nuair a bhíonn smachtbhannaí cuí á socrú tar éis fiosruithe a dhéanamh maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh. Mar gheall ar an treoir seo, tá soiléireacht agus oscailteacht ann i dtaca leis an méid a chuireann an Chomhairle san áireamh agus na modhanna a bhíonn ann nuair a bhíonn smachtbhanna le cur i bhfeidhm. Cuireann an Treoir eolas ar fáil do dhochtúirí agus dá n-ionadaithe dlí faoi chur chuige na Comhairle i leith smachtbhannaí. Cuidiú atá ann don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh le smachtbhannaí cuí a mholadh. Is é is príomhchuspóir don Chomhairle nuair a bhíonn smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm gníomhú ar son leas an phobail. Is é atá i gceist le leas an phobail an pobal a chosaint, muinín an phobail as an ngairm agus as na próisis rialála a chur chun cinn agus a choinneáil, agus caighdeán ghairmiúla agus iompar gairmiúil a chur chun cinn agus a choinneáil i bhfeidhm. Leagtar amach sa treoir chomh maith na cineálacha smachtbhannaí atá an Chomhairle in ann a leagan ar dhuine, cuir i gcás comhairle, rabhadh, coinníollacha a cheangal de chlárúchán an liachleachtóra, fionraí shealadach nó cealú clárúcháin.

Cineálacha Éisteachtaí in 2024



1. Is ionann an figiúr seo agus beagán os cionn 0.001% de na dochtúirí ar fad a bhí cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an 31.12.24.



Daoine ó fhoirne Chomhairle na nDochtúirí Leighis um Ghearáin agus Imscrúduithe agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh sa phictiúr ag freastal ar chomhdháil chomhpháirteach de chuid na Comhairle dar teideal 'An cás ar son an athchóirithe i gcás Ceisteanna um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh'.

Beartas maidir le Foilsiú

D'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a Beartas maidir le Foilsiú i mí Iúil 2024. Sa Bheartas seo maidir le Foilsiú, leagtar amach cur chuige na Comhairle i leith faisnéis a fhoilsiú agus a nochtadh maidir le feidhmiúlacht dochtúra chun cleachtadh tar éis gearáin a fháil ina leith. Tugtar sonraí ann faoi na cúinsí ina bhféadfaidh an Chomhairle faisnéis mar sin a fhoilsiú nó a nochtadh ar chéimeanna éagsúla den phróiseas maidir le gearáin. Tá an beartas maidir le foilsiú agus nochtadh á threorú ag na prionsabail seo:

- **Trédhearcacht:** Tugaimid gealltanais go mbeimid oscailte faoi na próisis atá againn agus na cinntí a dhéanaimid. Creidimid go dtéann an trédhearcacht chun tairbhe don phobal agus do ghairm an leighis.
- **Comhréireacht:** Beidh cur chuige cothrom againn i dtaca le torthaí ó ghearáin a fhoilsiú ar líne nó i dtaobh iad a chur ar fáil nuair a iarrtar iad, muid ag cloí le horduithe ón Ard-Chúirt agus leis an reachtaíocht chúí.
- **Cothroime:** Féachfaimid lena chinntiú go léireofar meas ar chearta na ndaoine lena mbaineann an próiseas meastóireachta agus cinnteoireachta, go ndéanfar iontaofacht na gairme a chosaint agus go ndéanfar sábháilteacht an phobail a chinntiú.

Páipéar Seasaimh

Tá an fhoireann um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ag obair i gcónaí i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile ar athchóirithe rialála le go mbeidh reachtaíocht na tíre maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh fós oiriúnach dá feidhm i dtimpeallacht rialála agus cúraim sláinte a bhíonn ag athrú. Cuireadh páipéar seasaimh faoi bhráid na Roinne Sláinte inar moladh leasuithe a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar dhaoine mar chuid de nósanna imeachta um fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Tugtar moltaí sa pháipéar seasaimh le go mbeidh éifeachtúlachtaí inmheánacha oibríochta ann chun tacú leis an gComhairle a cuspóirí maidir le cosaint phoiblí a chomhlíonadh ar shlí níos fearr. Déanfar dul chun cinn ar na leasuithe molta seo i gcomhar leis an Roinn in 2025.

Monatóireacht

Cuireadh Aonad Monatóireachta nua ar bun in 2024 le gurbh fhearr a bheadh Comhairle na nDochtúirí Leighis in ann maoirseacht a dhéanamh ar dhochtúirí a bhfuil srianta ag baint lena gclárúchán agus tacú leo an comhlíonadh a bhaint amach. Má chuirtear dochtúirí ar aghaidh anois le go ndéanfar monatóireacht orthu, tugtar Cásoifigeach sonrach dóibh a bheidh ag obair go díreach leo le go dtuigfidh siad na srianta agus le fianaise a bhailiú maidir le comhlíonadh coinníollacha.

Bhí an t-aonad nua dírithe ar phríomhréimsí áirithe, cuir i gcás:

- Treoir shoiléir a fhorbairt do dhochtúirí atá ag obair faoi shrianta ina leagtar amach a gcuid freagrachtaí fad a bheidh siad faoi réir monatóireachta.
- Féachaint chuige go mbeidh na coinníollacha agus na gealltanais ag baint le clárúchán dochtúirí ag dul i ngleic leis an bhfadhb shonraithe agus go mbeidh siad soiléir, inbhainistithe agus gur féidir monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Critéir ó thaobh próifíl riosca de a fhorbairt ionas go mbeidh an leibhéal monatóireachta ag teacht leis an riosca lena mbaineann.
- Bunachar sonraí nua a fhorbairt chun sonraí riachtanacha a bhailiú agus a thuairisciú.

Tugann Coiste Monatóireachta tacaíocht agus comhairle don Aonad Monatóireachta. Ar an gcoiste seo tá triúr liachleachtóirí agus triúr comhaltaí eile. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste in 2024.

Faoi dheireadh na bliana, bhí monatóireacht á déanamh ar 86 dochtúir. In 2024, tógadh na srianta faoina raibh seisear dochtúirí ag obair tar éis dóibh comhlíonadh a léiriú.

Rinneadh 28 cás de Mheasúnú Feidhmíochta a bhainistiú in 2024, 14 atreorú nua ina measc.

Measúnú Feidhmíochta

Próiseas rialála atá sa Mheasúnú Feidhmíochta, é deartha chun an pobal a chosaint agus chun cuidiú le dochtúirí agus cleachtas na ndochtúirí sin a mheas i gcomparáid leis na caighdeáin réasúnta do dhaoine eile sa réimse céanna míochaine. An tslí a gcuidíonn an próiseas le dochtúirí ná go dtugtar moltaí dóibh le spriocanna a leagan agus a bhaint amach, spriocanna atá dírithe ar a gcleachtas a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. Féadfar dochtúirí a chur ar aghaidh chuig Measúnú Feidhmíochta mar chuid den phróiseas maidir le gearáin.

Rinneadh 28 cás de Mheasúnú Feidhmíochta a bhainistiú in 2024, 14 atreorú nua ina measc. Cuireadh deireadh leis an Measúnú Feidhmíochta i gcás triúr dochtúirí tar éis dóibh na gníomhaíochtaí riachtanacha ar fad a chur i gcrích agus a gcuid pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Mar aon leis an obair leanúnach ar chásanna a bhainistiú, chuir an fhoireann um Measúnú Feidhmíochta tionscnaimh chun feabhais i bhfeidhm, na cinn seo ina measc:

- Sheol siad ardán nua ar líne le haghaidh suirbhéanna aiseolais ó fhoinsí éagsúla. Tá an t-ardán deartha chun aiseolas cruinn a bhailiú ó othair agus ó chomhghleacaithe agus anailís chruinn a dhéanamh ar an méid sin nuair a theastaíonn a leithéid mar chuid de Mheasúnú Feidhmíochta dochtúra.
- Suirbhé a dhearadh do dhochtúirí lena chur orthu tar éis Measúnú Feidhmíochta, i gcomhar leis an bhfoireann Taighde, le haiseolas a bhailiú uathu agus lena chinntiú gur próiseas é atá éifeachtúil, éifeachtach agus a théann chun tairbhe do gach duine atá bainteach leis.

An Coiste Sláinte

Bhí an Coiste Sláinte ag tacú le 51 dochtúir faoi dheireadh 2024. Tugann an Coiste sin tacaíocht do dhochtúirí a bhfuil deacrachtaí sláinte ag cur as dóibh féin. Cuireadh 16 dochtúir nua ar aghaidh chuig an gCoiste le linn na bliana. Bhí 12 dochtúirí in ann imeacht ón gCoiste ó thaobh tacaíochta de.

Tá a lán cúiseanna ann faoina gcuirtear dochtúirí ar aghaidh faoi chúram an choiste sláinte, cuir i gcás mí-úsáid substaintí, dar atreoraíodh 33 dochtúir; fadhbanna meabhairshláinte, dar atreoraíodh 16 dochtúir; agus deacrachtaí ginearálta sláinte, dar atreoraíodh beirt dochtúirí.

Tá dochtúirí in ann iad féin a atreorú leis an tacaíocht seo a fháil, rud a rinne 14 dhuine de na dochtúirí a fuair tacaíocht in 2024. Na dochtúirí eile, is tríú páirtí (16 dhuine acu) nó Comhairle na nDochtúirí Leighis (21 duine acu) a rinne iad a atreorú.

Beartas Rialála, Taighde agus Caighdeáin

Cuireadh an Stiúrthóireacht um Beartas Rialála, Taighde agus Caighdeáin ar bun mar thoradh a tháinig as dearadh eagraíochtúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá an Stiúrthóireacht dírithe ar thacaíocht a thabhairt don eagraíocht agus ar bheartas rialála chomh maith le forbairtí ó thaobh caighdeán de a chomhordú má bhíonn siad sin ag teacht leis na cuspóirí sa Ráiteas Straitéise agus tionscadail dá dtugtar tús áite sna pleananna bliantúla gnó. Tá na forbairtí seo bunaithe ar bhunús láidir taighde agus ar léargais ó shonraí. Tugtar faoi obair na Stiúrthóireachta ó dhearcadh na rialála ar leibhéal cuí ionas go gcuirfear i bhfeidhm i ngach tionscadal prionsabail na rialála a bhaineann le comhréireacht, oscailteacht, leanúnachas, an chothroime agus an tsolúbthacht.

Tá ról tábhachtach á chomhlíonadh ag an aonad um Beartas Rialála agus Caighdeáin san idirghabháil réamhghníomhach rialála. Bítear dírithe ar an dochar a chosc bunaithe ar rialacha, treoirlínte agus beartais shoiléire a chuireann an comhlíonadh chun cinn agus a dhéanann leasanna an phobail a chosaint. In 2024, bhí an méid a bhí le baint amach ag an Stiúrthóireacht bainteach leis an Ráiteas Straitéise seo maidir le cuspóirí straitéise:

1. Cinntiú go gcosnaíonn rialachán leighis an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe
2. A chinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithé i ngnéithe an oideachais, na traenála agus na foghlama ar feadh an tsaoil
3. Foghlaim ó thaithí chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear samhail rialúcháin atá idir éifeachtúil agus comhréireach ar fáil
4. Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh
6. Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

Léargais as Taighde agus Sonraí

Is ar na Léargais a fhaightear as Taighde agus Sonraí Rialála atá an obair taighde ar fad bunaithe chun saineolas agus tacaíocht taighde a chur ar fáil don ghnó de réir mar is cuí.





Sa phictiúr agus iad ag frastal ar sheoladh CAREhub tá Joanne Kissane, an Cláraitheoir agus Príomhfheidhmeannach, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus Jantze Cotter, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Beartas Rialála agus Caighdeáin, Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Tuarascáil Faisnéise an Fhórsa Saothair Leighis

Is féidir leas a bhaint as na sonraí atá ar Chlár Chomhairle na nDochtúirí Leighis le léargas bailí iontaofa a fháil ar an lucht saothair i réimse an leighis in Éirinn. Thug an Fhoireann Taighde faoin Tuarascáil Faisnéise ar an Lucht Saothair, 2023, a ullmhú, téacs atá bunaithe ar anailís ar na sonraí bliantúla coinneála clárúcháin. Is é seo an próiseas trína ndéanann dochtúirí atá cláraithe iarratas le fanacht ar an gclár i bPoblacht na hÉireann. Tá nós imeachta oibriúcháin caighdeánach forbartha ag an bhfoireann Taighde ionas go mbeidh an fhorbairt, cáilíocht agus leanúnachas ann agus, dá réir sin, gur fearr a bheifear in ann anailís fhadtéarmach fhadaimseartha a dhéanamh ar na sonraí sa tuarascáil sin.

Sa tuarascáil seo maidir leis an lucht saothair, luadh go raibh 19,328 dochtúir ann ag obair in Éirinn in 2023 a bhí gníomhach ar bhonn cliniciúil. As na dochtúirí sin, bhí idirdhealú nach mór cothrom ann ó thaobh a ról de mar a thuairiscigh siad féin na ról sin: Dochtúirí Comhairleacha iad 25.6% acu, Dochtúirí Ginearálta iad 23.7% acu, Dochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal faoi oiliúint iad 21% acu agus Dochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal nach raibh faoi oiliúint iad 22% acu. Díritear aird sa tuarascáil seo ar dhúshlán mhóra atá le sárú ó thaobh lucht saothair de, cuir i gcás an easpa deiseanna oiliúna agus oideachais, ganntanas lianna comhairleacha agus an riachtanas atá ann go mbeidh níos mó deiseanna oiliúna ann do dhochtúirí neamhchomhairleacha, uaireanta oibre iomarcacha agus timpeallacht oibre atá dúshlánach.

Dá éis sin, rinneadh tuarascálacha forlíontacha a ullmhú i dtaobh dochtúirí a d'fhág an Clár iad féin, dochtúirí úra ar an gClár agus dochtúirí a bhfuil a gclárúchán acu fós in Éirinn ach atá ag obair thar lear i dtíortha cuir i gcás an Ríocht Aontaithe, an Astráil agus Ceanada. Sna tuarascálacha seo, soiléiríodh in 2023 go raibh 1,618 dochtúir ann a d'fhág an Clár nó ar baineadh den Chlár iad agus go raibh 3,804 dochtúir ann a chláraigh den chéad uair nó a cuireadh ar ais ar an gClár arís. Úsáideann páirtithe leasmhara éagsúla na sonraí seo mar fhoinse eolais le haghaidh straitéisí earcaíochta agus coinneála, leis an oideachas míochaine agus oiliúint a fhorbairt, don phleanáil don lucht saothair míochaine agus don bheartas in Éirinn.

Pleanáil Straitéiseach Sonraí

Ós rud é go bhfuil na sonraí clárúcháin millteanach tábhachtach agus go bhfuil luach seachtrach ag baint leo, bhíomar dírithe ar iontaofacht na sonraí a fheabhsú i rith 2024. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tacaíocht don fhorbairt sonraí ar fud na heagraíochta, cuir i gcás nuair a bhíonn dochtúir á choinneáil ar an gclár, agus ar an dul chun cinn ar chreat cáilíochta sonraí le go mbeidh cruinneas, iomláine agus leanúnachas ann sna tacaíochtaí sonraí is tábhachtaí. Dá bharr seo ar fad, bítear in ann teacht ar shonraí in am cuí agus anailís a dhéanamh orthu agus tá tacaíocht ann don anailís fhadaimseartha ar an lucht saothair i réimse na míochaine. Chuaigh an fhoireann Taighde i mbun oibre leis an Oiliúint agus Pleanáil Náisiúnta do Dhochtúirí le go mbeadh na tacaíochtaí sonraí atá ag an dá eagraíocht ag teacht lena chéile, le go mbeadh an tuiscint agus léamh céanna ann ó thaobh pointí sonraí de chomh maith le tacaíocht le haghaidh taighde ag baint le cóhoirt dochtúirí.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Thug an Fhoireann Taighde faoi ghrúpaí fócais le dochtúirí agus le hothair le múnla athbhreithnithe chun plé le gearáin a fhiosrú, obair na ngrúpaí sin mar fhoinse eolais don mhúnla athbhreithnithe sin. Ós rud é gur éisteadh le hothair agus le dochtúirí, bhíothas in ann na cúiseanna imní, riachtanais agus deiseanna is mó atá ann a shonrú lena bhfeabhsú le go mbeifear in ann fadhbanna a réiteach go luath. In anailís théamach atá déanta, sonraíodh prionsabail thábhachtacha, cuir i gcás an trédhearcacht, tráthúlacht agus cuntasacht. Foinse eolais a bhí sa mhéid sin le 4 phríomh-mholadh a fhorbairt, na moltaí sin leagtha amach i dtuarascáil taighde a tháinig ina dhiaidh sin.

Thug an fhoireann tacaíocht chomh maith sa chomhairliúchán faoin Ráiteas Straitéise, san obair ullmhúcháin ar thuarascáil le dul leis an Ráiteas agus san athbhreithniú airgeadais ar mhúnla na dtáillí.


Chuir an Fhoireann Taighde, an POF agus Uachtarán na Comhairle sonraí na Comhairle faoin lucht saothair i láthair mar chuid de chomhdhálacha éagsúla, cuir i gcás an Chomhairle Idirnáisiúnta Bhliantúil maidir le Ceadúnú, Forfheidhmiú agus Rialáil (CLEAR).

Tacaíocht Taighde

Thug an Fhoireann Taighde freagra ar bhreis agus 30 iarratas ar thacaíocht sonraí agus ionchur sonraí. Bhí siad ag plé cuid mhór le páirtithe leasmhara seachtracha chun tacaíocht a chur ar fáil i dtionscadail taighde, sa phleanáil don lucht saothair agus le gníomhaíochtaí a bhaineann le sonraí a tharraingt le chéile. I measc na bpáirtithe leasmhara bhí an Roinn Sláinte, NDTP, RCSI, ICGP agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.

Polasaí Rialála

Tá an fhoireann um Beartas Rialála freagrach as gach forbairt ar bheartas rialála a thagann as an reachtaíocht agus beartas náisiúnta a bhainistiú agus a chomhordú le go mbeidh leanúnachas agus trédhearcacht ann ó thaobh feidhmeanna rialála de. Caithfear a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí rialála idirnáisiúnta agus páipéir sheasaimh a chur ar fáil thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar fhreagairt ar cheisteanna cosanta poiblí a thagann chun cinn.



Rinne Aonad Chomhairle na nDochtúirí Leighis um Beartas Rialála dul chun cinn suntasach in 2024 ar fheidhmeanna rialála na Comhairle. Bhíothas dírithe ar an rialachas a láidriú, ar bheartas a fhorbairt agus ar an gcomhar idir eagraíochtaí. Garspíoc a baineadh amach in 2024 ná gur tugadh isteach an Beartas maidir le Foilsiú ina leagtar amach cur chuige na Comhairle i dtaca le faisnéis a fhoilsiú agus a nochtadh faoi mar a bhaineann sin le feidhmiúlacht dochtúra chun cleachtadh.

Faoin mbeartas seo, tugtar tacaíocht do Chomhairle na nDochtúirí Leighis le tabhairt faoi obair na Comhairle ar bhealach oscailte trédhearcach i ngníomhaíochtaí de gach cineál, féachaint le go dtuigeann an pobal an ról atá le comhlíonadh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis chun an pobal a chosaint agus chun tacú le gairm na míochaine.

Gné lárnach d'obair leanúnach an Aonaid ná an díograis leanúnach i dtaobh ceannasaíocht a thabhairt ar thionscadail d'eagraíochtaí éagsúla faoi mar a bhaineann leis an mbeartas rialála. Is muidne sa Chomhairle a threoraigh an tionscadal in 2024 le Creat cuimsitheach a chur ar bun do Mhúnla le haghaidh Gearán. Sa tionscadal seo, leagadh béim ar fhorbairt a dhéanamh ar an gcur chuige atá againn agus muid ag plé le gearáin de réir na bpróiseas rialála atá againn. Mar chuid den obair seo, breathnaíodh ar idirghabhálacha a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm chun teacht ar réiteach chomh luath agus ab fhéidir ar gach céim den timthriall ag baint le gearáin - roimh ré agus ina dhiaidh san áireamh. Ceann de na torthaí is tábhachtaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach ón tionscadal seo ná an cumas plé le cúiseanna imní níos gasta agus plé leis an moll mór gearán a fhaightear nach mbaineann amach an tairseach ó thaobh fianaise de ná nach bhfuil tromchúiseach go leor le go mbeadh iniúchadh iomlán ag teastáil. Fágann a leithéid gur féidir cásanna a réiteach go luath ar mhaithe le hothair, teaghlaigh agus dochtúirí. Má bhíonn baol ann ó thaobh sábháilteacht othar de, fágann sé go mbíonn na bearta riachtanacha ann gur féidir plé le cúrsaí agus iad a chur i bhfeidhm níos luaithe sa phróiseas. Mar a bhí beartaithe, cuireadh céim 1 den tionscadal i gcrích in 2024. Ceann de na torthaí a tháinig amach as ná tuarascáil chuimsitheach ina luaitear na moltaí chun feabhais. Mar thoradh ar an obair seo, tá cáil bainte amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis mar rialálaí atá sofheagrach, comhbhách agus éifeachtach, rialálaí a chuireann i bhfeidhm na caighdeáin is airde le cleachtas na míochaine a rialáil in Éirinn.

Ina theannta sin, rinne an fhoireann dul chun cinn ar thionscadail thábhachtacha beartais rialála in 2024 agus chuir i gcrích iad. Sampla suntasach as na tionscadail sin ná Ráiteas Seasaimh Chomhpháirtithe na Lianna a cuireadh i gcrích agus a foilsíodh. Léiríú atá ansin ar an athrú atá ag teacht ar sheasamh na Comhairle i dtaca leis an ról seo atá ag teacht chun cinn sa chóras cúraim sláinte.

Ar a bharr sin, bhí ról lárnach ag an bhfoireann um Beartas Rialála sa tionscnamh ilghníomhaireachtaí chun dul i ngleic le cleachtais an ró-ordaithe in Éirinn. Chuir an tAonad leis an obair chun an tuarascáil a dhréachtú agus moltaí a chur ar fáil don Ghrúpa Oibre maidir le Ró-ordú, grúpa a rinne iniúchadh ar an ró-ordú i dtaca le beinsidhé-asaipín, drugaí Z agus gabaieptionóidigh. Leagann sé sin ar fad béim ar dhúthracht na Comhairle i leith shábháilteacht na n-othar agus chleachtas freagrach na míochaine.


Caighdeán Rialála

Nuair a cuireadh an fheidhm um Chaighdeán Rialála ar bun in 2024 i gComhairle na nDochtúirí Leighis, céim shuntasach a bhí ansin chun an fhorbairt agus cothabháil ar gach caighdeán, treoirine agus rial rialála a lárú, an méid sin ar fad riachtanach má táthar chun ról na Comhairle a chosaint mar an rialálaí do Ghairm na Míochaine in Éirinn agus do chosaint an phobail. Tacaíonn agus cuireann an t-aon le beartas/seasamh Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tugann maoirseacht straitéiseach i dtaca le caighdeán, treoirlínte agus rialacha thar shaol oibre dochtúra. Gné riachtanach den obair chun tacú leis na forbairtí rialála seo ná an comhar idir páirtithe leasmhara éagsúla, idir inmheánach agus seachtrach.

Thug an fhoireann um Chaighdeán Rialála faoi athbhreithniú in 2024 ar Threoir Chomhairle na nDochtúirí Leighis dar teideal 'Safe Start' agus ar an Treoir maidir le Teilileigheas (don phobal agus don ghairm). Lena chois sin, thug an fhoireann um Chaighdeán Rialála faoi chnuasach treoirlínte a fhorbairt chun tacú leis an léirmhíniú ar chaighdeán nua don oideachas agus oiliúint leighis a bhí ceadaithe roimhe sin ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Seolfar na treoirlínte seo go foirmiúil in 2025.

Bhí an fhoireann ag obair i gcomhar leis an bhfeidhm um Ghearáin agus Imscrúduithe chun rialacha a dhréachtú maidir le fochoistí den Choiste Réamhimeachtaí a chur ar bun. Leis an Acht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020, déanfar Acht na Lia-Chleachtóirí a leasú chun foráil a dhéanamh le go bhféadfar fochoistí den Choiste Réamhimeachtaí a chur ar bun. Beidh an chumhacht ag Cathaoirleach an Choiste Réamhimeachtaí nó ag comhalta ainmnithe den Choiste Réamhimeachtaí fochoistí (nó grúpaí níos lú) a chur ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin a fhaightear agus tuairimí a chur ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ina leith. Beidh na cumhachtaí reachtúla céanna ag gach fochoiste agus oibleagáidí reachtúla céanna orthu agus atá ag an gCoiste Réamhimeachtaí iomlán agus beidh siad in ann na cinntí riachtanacha ar fad faoin Acht a dhéanamh. Cheadaigh an Chomhairle na dréacht-rialacha i mí na Nollag 2024 le go gcuirfí amach iad le haghaidh comhairliúcháin poiblí in R1 in 2025.

Chuir an fhoireann um Chaighdeán Rialála tús le hathbhreithniú ar na Nósanna Oibriúcháin Caighdeánacha ag baint leis na próisis chlárúcháin a bhíonn ann d'iaratasóirí céaduaire agus iad ag clárú. Is é is aidhm don athbhreithniú seo próisis chlárúcháin a chuíchóiriú, conairí agus catagóirí iaratasóirí a leagan amach go soiléir agus tacaíocht a thabhairt san fhorbairt ar rialacha amach anseo a thiocfaidh as an Acht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020.



Gairmiúlacht agus Eitic

Tá an fheidhm um Chaighdeán Rialála freagrach chomh maith as an 9ú hEagrán den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe ("An Treoir") a seoladh in 2023. Bíonn an fhoireann um Chaighdeán Rialála ag obair go dlúth le feidhm na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta. Thug an fhoireann freagra ar 76 fiosrú in 2024. Is minic na fiosruithe casta agus ag baint le rannóga éagsúla den Treoir. Déantar monatóireacht agus anailís go mion ar théamaí agus ar threochtaí a thagann chun cinn agus bíonn an méid sin mar fhoinse eolais faoi aon treoir bhreise dá éis sin chun tacú le dochtúirí ina gcleachtas.

Gné riachtanach den obair chun tacú leis na forbairtí rialála seo ná an comhar idir páirtithe leasmhara éagsúla, idir inmheánach agus seachtrach.

Forbairt Ghairmiúil

Tháinig athrú suntasach treo agus béime isteach san fhoireann Forbartha Gairmiúla in 2024 chun próisis agus bealaí oibre a athbhreithniú agus a chuíchóiriú. Rinneadh é seo le go mbeifí ag obair ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus, anuas air sin, chun an plé le páirtithe leasmhara a fheabhsú agus, dá thoradh sin, chun cur leis an tionchar atá againn ar bhonn níos ginearálta. Dá bhrí sin, tháinig méadú mór in 2024 ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus ar an líon cruinnithe, trí na foirne CTS agus PG go príomha agus próiseas na dtuarisceán bliantúil, cruinnithe AIP agus leis an inniúlacht ghairmiúil trí chreat MPC agus an Múnla Creidiúnaithe don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

An Tionscadal chun Athbhreithniú Cáilíochtúil a dhéanamh ar Leagan Amach na bPost Oiliúna Intéirneachta curtha i gcrích ag Prifysgol (Ollscoil) Caerdydd

Choimisiúnaigh Comhairle na nDoctúirí Leighis Prifysgol Caerdydd in 2023 le hathbhreithniú cáilíochtúil a dhéanamh ar leagan amach na bpost oiliúna intéirneachta in Éirinn. An phríomhaidhm a bhí ann ná le fáil amach an bhfuil leagan amach reatha na bpost éifeachtach agus oiriúnach ó thaobh oideachais de mar mhúnla don oiliúint ar intéirnigh. Bhíothas ag dréim le go dtiocfadh tuarascáil as an obair ina ndéanfaí moltaí maidir le leagan amach nua do na poist intéirneachta reatha atá ann agus, mar thacaíocht faoin méid sin, bunús láidir fianaise agus go bhforbrófaí creat cinnteoireachta.

Trí phríomhchéim a bhí sa Tionscadal:

Céim 1: Bailiú faisnéise/athbhreithniú deisce.

Céim 2: Comhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Céim 3: Táthar tar éis téamaí a shonrú ó na sonraí ó na grúpaí fócais agus ó agallaimh chun bheith mar fhoinsé eolais maidir le rioscaí agus beartaí a d'fhéadfadh a dhéanamh chun dul i ngleic leis an riosca.

Thuig an fhoireann in Prifysgol Caerdydd i ndiaidh tamaill gur bhain na rioscaí agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh le leibhéil éagsúla den chlár intéirneachta agus, dá bharr, gur riachtanach imeacht ó threo an tionscadail. Is iad seo na leibhéil éagsúla a sonraíodh: An leibhéal logánta (mar shampla) intéirnigh ag obair lasmuigh dá gceanglais dhlíthiúla; Leibhéal an líonra (mar shampla) rioscaí ag baint leis an eagrú ar na pacáistí ó thaobh uainíochta de, cuir i gcás easpa solúbthachta; agus rioscaí ar leibhéal an Chláir

(mar shampla) rioscaí ag baint leis an mbunschuspóir uileghabhálach, fealsúnacht agus rialachas, is é sin go mbaineann na rioscaí seo le heagrú an chlár intéirneachta go ginearálta. Ba léir chomh maith go raibh na rioscaí a sonraíodh ag teacht leis na caighdeáin nua agus leis na critéir a bhíothas tar éis a fhorbairt go gairid roimhe sin. Dá thoradh sin, tháinig an fhoireann taighde ó Prifysgol Caerdydd go bhfuil aon phrionsabal foriomlán amháin ann: ba chóir don chlár intéirneachta na caighdeáin agus na critéir seo go léir a shásamh. Sa tslí go bhféadfaí a dheimhniú go mbeifí in ann an anailís ar rioscaí a cheangal de na caighdeáin agus na critéir, thosaigh foireann Prifysgol Caerdydd ar chaighdeáin a mhapáil ar na trí leibhéal den oiliúint intéirneachta: logánta, líonra agus clár - féachaint lena shonrú cén leibhéal den chlár intéirneachta a bhí freagrach, de réir cosúlachta, as an gcaighdeán iomchuí.

Thaisc taighdeoirí Prifysgol Caerdydd an tuarascáil deiridh i Ráithe 2 in 2024 agus chuir í faoi bhráid an Choiste Oideachais agus Oiliúna an 14 Bealtaine 2024. Déanfar na torthaí ón tuarascáil a mheas nuair a bheidh forbairt á déanamh ar threoirlínte d'intéirnigh ag baint le hearnálacha sonracha.

An Próiseas Tairisceana Náisiúnta um Aiseolas faoi Chéimithe Curtha i gCrích

Thug Comhairle na nDoctúirí Leighis gealltanas go nglacfaí le cur chuige bunaithe ar na torthaí nuair a bheifí ag plé leis na céimeanna ar fad den oideachas agus den oiliúint leighis le go mbeadh aistriú ní ba réidhe ann ó chéim go céim i bhforbairt ghairmiúil dochtúirí. Má táthar leis an aistriú ó chéim go céim den oideachas a mheas agus a fheabhsú, is gá don Chomhairle na torthaí foghlama a mbeifear ag súil leo ar gach céim a shoiléiriú. Tá geallta ag an gComhairle go gcuirfear tús leis an bpróiseas seo sa tréimhse nuair a aistrítear ón scoil leighis isteach sa bhliain intéirneachta.



Ar chl  : an Dr Suzanne Crowe, Uachtar  n Chomhairle na nDocht  ir   Leighis ag labhairt mar chuid de Chomhdh  il 2024 na nDocht  ir   Neamh-Chomhairleacha Ospid  il.

Th  os: Paul Byrne, an Sti  rth  ir Feidhmi  ch  in um Oibr  ochta   Rial  la agus Seirbh  is   Taca  ochta, Aoise O'Reilly, an Bainisteoir Forbartha Gairmi  la, Paul Harkin, Comhalta den Chomhairle agus an tOllamh Eric S. Holmboe, Pr  omhfheidhmeannach Inteach.



Is    aidhm thionscadal an NGO tacar crit  ear tortha   n  isi  nta a fhorbairt do ch  imithe ar cl  ir ch  ime leighis in   irinn, chomh maith le forbairt a dh  anamh ar na treoirl  nte a ghabhann leo, agus ar an modheola  ocht chun meas  n   a dh  anamh ar na tortha  . Cuirfear na nithe seo a leanas san   ireamh agus tionscadal an NGO    fhorbairt: an comhth  acs polasa   n  isi  nta, caighde  in idirn  isi  nta agus dea-chleachtas, comhth  acs reatha c  ram sl  inte na h  ireann, agus na tuarasc  alacha   bhartha.

T   pr  iseas an tsol  thair curtha i gcr  ch agus formheasta ag an gComhairle. T   conradh bronnta ar Forvis Mazars. Bh   cruinni   ann go luath i m   Ean  ir 2025 leis an tionscadal a thionscnamh. T  thar d  chasach go mbeidh an tionscadal curtha i gcr  ch faoi l  r na bliana in 2026.

Rialachas Thionscadal na Bliana Int  irneachta (GIY)

Iarradh ar Chomhairle na Scoileanna Leighis in   irinn m  nla rialachais agus oibr   ch  in a mholadh don oili  int int  irneachta in   irinn. Cuireadh Gr  pa Oibre Rialachais Int  irneachta ar bun ansin. Chuir an Gr  pa Oibre Rialachais Int  irneachta moladh isteach go mall i m   na Nollag, 2023. Bh   cruinni   ag an bhFoireann Chomhairleach um Rialachas Thionscadal na Blianta Int  irneachta ar an 24 Ean  ir le hathbhreithni   a dh  anamh ar an moladh a cuireadh isteach agus le haiseolas a chur le ch  ile don Ghr  pa Oibre Rialachais Int  irneachta. Rinneadh an moladh a leas   chun d  ta bunaithe ar an aiseolas a tugadh agus cuireadh isteach ar  s    an 4 Meitheamh 2024.

Bh   cruinni   ann le comhalta   na Comhairle, leis an NDTP agus leis an IGWG, agus socra  odh na ch  ad ch  imeanna eile ar an tionscadal seo: 1. Foireann Bainist  ochta Tionscadail GIY a chur ar bun, agus 2. Gr  pa Sti  rtha a chur ar bun. D  anfaidh Foireann Bainist  ochta an Tionscadail an t-aiseolas a tugadh a bheacht   agus a chur le ch  ile agus, lena chois sin, d  ireoidh siad ar na sonra   mionsonraithe leis an tionscadal a bhr   ar aghaidh go dt   an ch  ad ch  im eile. Faoi l  thair, t   Comhairle na nDocht  ir   Leighis ag obair ar Ghr  pa Sti  rtha a chur le ch  ile le bheith ag obair le Foireann an Tionscadail chun taca  ocht a thabhairt le dul chun cinn a dh  anamh ar an tionscadal.

Inni  lacht Ghairmi  il - Rialacha nua maidir le hInni  lacht Ghairmi  il a Choinne  il (MPC)    dtabhairt isteach

  s rud    go bhfuil Rialacha nua MPC    dtabhairt isteach taobh leis an gCreat athbhreithnithe maidir le MPC, beidh taca  ocht bhreise ann do dhocht  ir   lena n-inni  lacht ghairmi  il a choinne  il, beidh soil  ireacht agus sol  bthacht ann do dhocht  ir   la cusp  ir   pearsanta foghlama a bhaint amach, forbairt   nua agus treo  ta   sa taighde agus i gc  ram othar a aithint, chomh maith le bheith ag coinne  il ar an eolas faoin dea-chleachtas idirn  isi  nta.



An Dr Suzanne Crowe sa phictiúr le cainteoirí eile a fuair cuireadh le labhairt le linn Chomhdháil 2024 Cholaíste Ríoga na Máinlia in Éirinn, 'Cúiseanna Imní a Léiriú'. Sa phictiúr, ó chlé go deas: an tOllamh Denis Harkin, Sir Robert Francis, an Dr Suzanne Crowe, an tOllamh Carrie Newlands, an Dr Ravi Jaraynam agus an tOllamh Russell Mannion.

Tá athbhreithniú déanta ar na Rialacha nua maidir le MPC ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, agus tá siad formheasta ag an dé Roinn sin.

Síniú Socruithe: mar aon leis na Rialacha nua maidir le MPC, ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis le sraith athbhreithnithe socruithe conarthacha, ar a dtugtar na Socruithe, chun bainistiú agus feidhmiú na Scéimeanna um Inniúlacht Ghairmiúil (PCSanna) ag na Comhlachtaí Oiliúna larchéime (PGTBanna) a leagan amach. Síníodh na Socruithe nua i mí Aibreáin 2024 agus tionscnaíodh iad i mí na Bealtaine 2024. Beidh siad i bhfeidhm ar feadh cúig bliana. Tréimhse aistrithe a bheidh sa chéad bhliain de sin ina mbeidh gach oibreoir Scéime in ann ullmhú do thosach na Rialacha nua maidir le MPC i mí na Bealtaine 2025.

Inniúlacht Ghairmiúil - Múnla Creidiúnaithe le haghaidh Forbairt Leanúnach Ghairmiúil

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis le próiseas a thabhairt isteach chun soláthraithe a chuireann forbairt leanúnach ghairmiúil ar fáil a chreidiúnú. Mar chuid den Chreat nua Creidiúnaithe seo don fhorbairt leanúnach ghairmiúil tá sraith critéar agus caighdeán ar gá d'eagraíochtaí a gcomhlíonadh leo a léiriú má tá siad le haitheantas a bhaint amach mar sholáthraí creidiúnaithe den fhorbairt ghairmiúil leanúnach. An tslí a bhfuil cúrsaí faoi láthair, níl aon soláthraithe aitheanta creidiúnaithe ann a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil ach na soláthraithe a bhfuil scéimeanna um inniúlacht ghairmiúil acu, is é sin na PGTBanna. Faoi na Socruithe is úire atá ann, a síníodh i mí Aibreáin 2024, déanfar na PGTBanna a mharthanú mar sholáthraithe creidiúnaithe a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil, ar choinníoll go léireoidh siad go mbíonn siad ag cloí leis na critéir agus na caighdeáin chuí mar atá leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ar a bharr sin, faoin gCreat Creidiúnaithe nua don fhorbairt ghairmiúil leanúnach, beidh eagraíochtaí eile in ann iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar sholáthraí

creidiúnaithe a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil agus, ar an gcaoi chéanna, an t-aitheantas sin ag brath ar léiriú ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcaighdeán.

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis le próiseas a thabhairt isteach chun soláthraithe a chuireann forbairt leanúnach ghairmiúil ar fáil a chreidiúnú.

I mí an Mheithimh 2024, choimisiúnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an Chomhairle Creidiúnúcháin um Oideachas Leanúnach Leighis (ACCME) leis an gcéim dheiridh den obair a chur i gcrích le creat creidiúnaithe don fhorbairt ghairmiúil leanúnach sa chúram sláinte in Éirinn a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche. Is é is cuspóir don chéim dheiridh seo próisis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chreidiúnú do dhochtúirí in Éirinn, cuir i gcás:

- Creat a fhorbairt do phróiseas an chreidiúnaithe
- Acmhainní a fhorbairt don athbhreithniú agus cinnteoireacht i gcomhthéacs an chreidiúnaithe
- Soláthraithe a chuireann an fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil in Éirinn a chur ar an eolas faoin riachtanas nua ó thaobh creidiúnaithe de

I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle Creidiúnúcháin um Oideachas Leanúnach Leighis (ACCME) dhá cheardlann i láthair i dTeach Kingram. Bhí an chéad cheardlann dírithe ar sholáthraithe a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil faoi láthair, na PGTBanna. Bhí an dara ceardlann dírithe ar bhaill foirne de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus ar ionadaithe thar ceann na PGTBanna a thoiligh páirt a ghlacadh san fhoireann athbhreithnithe.

San ceardlanna, cuireadh eolas breise ar fáil do na PGTBanna maidir leis an gCreat Creidiúnaithe don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus breathnaíodh ar na doiciméid teimpléid trína ndéanfaidh na PGTBanna an comhlíonadh a léiriú. Tugadh freagra chomh maith ar cheisteanna ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus ó na PGTBanna faoin gcuma a bheidh ar an bpróiseas.

I gcás eagraíochtaí a bheidh ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar sholáthraí creidiúnaithe a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil, cuirfidh siad iarratas faoi bhráid Chomhairle na nDochtúirí Leighis ina dtabharfar cuntas ar an eagraíocht chomh maith le cuid de na gníomhaíochtaí don fhorbairt ghairmiúil leighis a chuireann an eagraíocht ar fáil. Déanfaidh foireann athbhreithnithe ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis (ar a mbeidh baill foirne ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus ionadaithe ó na PGTBanna) na hiarratais seo a mheas le fáil amach an ndéantar na critéir agus na caighdeáin a chomhlíonadh. Mar chuid den phróiseas beidh athbhreithniú deisce agus ansin agallamh nó agallaimh. Cuirfidh an fhoireann athbhreithnithe na torthaí le chéile i dtuarascáil a chuirfear ar aghaidh chuig coiste i gComhairle na nDochtúirí Leighis agus moladh déanta acu faoinar chóir an t-iarratas a cheadú nó nár chóir.

Tar éis an cás a mheas agus a phlé go himmheánach, shocraigh an fhoireann um Fhorbairt Ghairmiúil gurbh é an coiste ab oiriúnaí don phróiseas seo ná an Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC). Tá an Coiste Oideachais agus Oiliúna agus an Coiste um Chlárúchán agus Leanúnachas Cleachtais sásta go dtabharfar na dualgais seo don Choiste Oideachais agus Oiliúna. Is é an Coiste um Chlárúchán agus Leanúnachas Cleachtais an coiste dá dtuairiscíonn an fhoireann um Inniúlacht Ghairmiúil ar cheisteanna oibriúcháin.

An Múnla don Dearbhú Cáilíochta Tionscadal a Dheartha

Tá an fhoireann um Fhorbairt Ghairmiúil ag obair ar aghaidh ar an obair a dhéanadh an fhoireann um Fheabhsú Cáilíochta (QI) i dtaca le Múnla nua don Dearbhú Cáilíochta a fhorbairt.

I gcaitheamh 2024, tá daoine den fhoireann um Fhorbairt Ghairmiúil tar éis an t-eolas ar fad a bhailigh agus a thuairiscigh an fhoireann um Fheabhsú Cáilíochta a léamh, a achoimriú agus a scaipeadh.

Tá tús curtha go himmheánach leis na ceardlanna. I gceann de na ceardlanna, pléadh na múnlaí don dearbhú cáilíochta atá le fáil i ndlínsí eile, cuir i gcás an Ríocht Aontaithe, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Níl anseo ach an pointe tosaigh san athbhreithniú ar an múnla reatha atá againn agus ar an gcur chuige nua atá againn don dearbhú cáilíochta san oideachas agus oiliúint leighis. Aon athruithe sa phróiseas atá tagtha chun cinn cheana féin i mbliana, cuirfear san áireamh iad agus an múnla nua á dhearadh.

Ar deireadh, d'fhreastail baill den Fheidhmeannas ar réimse leathan comhdhálacha, seimineár gréasáin agus oiliúna i gcaitheamh na bliana, cuir i gcás:

- Siompóisiam RCPI an Fhómhair
- Súil chun cinn
- An Oiliúint Síciatrachta in Éirinn
- An Cúram Sláinte a Dhaonnú tríd an bhForbairt Ghairmiúil
- An Intleacht Shaorga i gcúrsaí Rialála
- Rialachas Faisnéise
- Oiliúint i Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála i dtaca le Féinmharú

Anatamaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an t-údarás ceadúnúcháin do chleachtas na hanatamaíochta sa Stát. Rinne 117 deonú trí na cláir deontóirí sna cúig scoil anatamaíochta in Éirinn in 2024.

An Rannóg Anatamaíochta	Deonuithe anatamaíochta a fuarthas in 2024
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	34
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	14
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	30
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	21
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	18
Iomlán	117

Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta

Sa chéad bhliain iomlán den rannóg, tá rannóg na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta tar éis a feidhmeanna lárnacha a shocrú, an méid sin á threorú ag sé chuspóir straitéiseacha a d'fhormheas an chomhairle i mí Eanáir.

Acmhainn riachtanach do pháirtithe leasmhara atá sna Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta anois, a bhíonn ag obair chun an rannpháirtíocht a fheabhsú, soláthar seirbhísí a fheabhsú, agus an chomhbhá agus an chumarsáid shoiléir a fhréamhú inár bpróisis mar thoradh ar thionscnaimh nua agus ar chomhar. Taobh thiar de na héachtaí seo bhí comhar láidir chomh maith le díograis leanúnach don chomhbhá agus don tsármhaitheas.

Seirbhís Lárnach Tacaíochta a chur ar bun (Ionad Teagmhála)

Ceann de na forbairtí is suntasaí a bhain an rannóg amach in 2024 nár gur cruthaíodh Seirbhís Lárnach Tacaíochta a tháinig chun cinn mar an príomhphointe teagmhála don phlé le páirtithe leasmhara. Sa tseirbhís seo, tugadh tús áite don chumarsáid a bhí éifeachtach, intuigthe agus comhbhá. Ar dtús, rinneadh cúigear ball foirne a earcú go sealadach agus thug siad faoi dhianchlár oiliúna ocht seachtaine ar an láthair i gcomhar leis an Rannóg Clárúcháin. San oiliúint sin, forbraíodh bunús láidir eolais a d'fhág go mbeadh an fhoireann iomlán réidh le ceisteanna casta a bhainistiú go héifeachtach.

Ó cuireadh 'Feidhm an Ionaid Teagmhála' i ngníomh, tá feabhas suntasach tagtha ar cháilíocht na seirbhíse, tá comhlíonadh níos fearr ann agus bhíothas in ann oiliúint agus forbairt leanúnach a eagrú d'fhostaithe dá bharr, agus d'fhág an méid sin go raibh páirtithe leasmhara in ann tabhairt faoi gach rud ar bhealach níos éasca.

Faoi dheireadh R1, bhí na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta tar éis cur lena sainchúram le go mbeidís go hiomlán freagrach as an mbocsa isteach ríomhphoist don chlárúchán a bhainistiú, as plé le ceisteanna ó dhaoine ar an bhfón agus as freagra a thabhairt ar dhaoine a d'iarr eolas ar an ríomhphost.

Feabhsuithe in Éifeachtúlacht na Seirbhíse

- Tháinig feabhas ar thréimhsí freagartha ríomhphost, ó 40% díobh in 2023 go 85% díobh in 2024, an chuid is mó de cheisteanna á réiteach anois taobh istigh de chúig lá oibre.
- Tháinig méadú ar rátaí freagartha glaonna, ó 41% acu in 2023 go 79% acu in 2024. Baineadh laghdú amach i gcás na dtréimhsí feithimh, sin ó níos mó ná dhá uair an chloig sna buaicthréimhsí chomh híseal le 30 nóiméad.

- An téileamh sna Buaicthréimhsí a Bhainistiú agus Rannpháirtíocht Leasmhara a Threisiú

An Fheidhmíocht le linn Thréimhse na Foirme Bliantúla Iarratais Coinneála (ARAF)

Le linn thréimhse an ARAF, rinne foireann na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta bainistíocht éifeachtach ar líon méadaithe glaonna agus teachtaireachtaí ríomhphoist agus bhain amach feabhsuithe suntasacha ó thaobh soláthar seirbhíse de. Tháinig méadú ar an gcéatadán de ghlaonna a freagraíodh le linn na buaicthréimhse seo ó 41% acu in 2023 go 79% acu in 2024. Tháinig laghdú an-mhór chomh maith ar na hagaí feithimh ba mhó, sin laghdú ó níos mó ná dhá uair an chloig go 30 nóiméad go deimhin. Beifear in ann tarraingt ar an méid a foghlaimíodh le linn ARAF 2024 le feabhsuithe feidhmíochta eile a threorú in 2025.

Anailís ar Ghlaonna agus Treochtaí

Idir mí an Márta agus mí na Nollag, as anailís a rinneadh ar 8,323 comhrá fóin, aithníodh na cúiseanna seo a leanas ar na cúiseanna ba mhó ar chuir na daoine sin glaoch orainn:

- Iarratasóirí Céaduaire – leasuithe chun dáta ar an iarratas
- Nuashonrú ar dhoiciméid
- GenForm
- Teastais á lorg
- Aistriú Rannóige
- Nuashonrú ar an bhFhoirm Fíoraithe Coibhéise Intéirneachta

Ba shuntasach gur ghlaonna ó iarratasóirí céaduaire a bhí in 53% de na glaonna agus 25% acu siúd ag baint leis an Deimhniú Taithí (COE). Ba leis an Rannóg Ghinearálta a bhain 66% de na glaonna (5,384) agus an Rannóg Speisialtóirí (1,285) ina dhiaidh sin. Ó thaobh catagóirí cáilitheachta de, ba ó iarratasóirí Chatagóir 4 a tháinig an líon ab airde glaonna, arbh é sin 48% de na glaonna ar fad (3,890 ceann). Na chéad chatagóirí eile ab airde ná Catagóir 1 (1,505) agus Catagóir 2 (1,089).

I dtús 2024, seo mar a socraíodh príomhtháscairí feidhmíochta na rannóige: bhí glaonna tríd an líne Chlárúcháin le freagairt ar ráta 85%; bhí teachtaireachtaí



Ar chlé: an Dr Suzanne Crowe ag labhairt le linn ócáid seolta CAREhub.

Thíos: Arlene Thomas ó Lyra Healthcare International, Niamh Dunne, Ceannasaí Seirbhísí Idirchaidrimh, Sean Quinlan, Bainisteoir an Ionaid Teagmhála.



ríomhphoist trí na boscaí isteach 'Clárúchán' agus 'Eolas' le freagairt taobh istigh de 5 lá oibre. Baineadh feabhsú suntasach amach i gcomparáid le 2023, ach níor baineadh an sprioc 85% amach toisc go raibh dúshlán ann ó thaobh baill foirne de agus bhí an fhoireann ag brath ar chúigear ball foirne sealadach le linn na bliana. Bhí na deacrachtaí seo ní ba mheasa arís mar thoradh ar shaoire ball foirne, athruithe san fhoireann agus oiliúint ar bhaill foirne nua. Dúshlán a bhíonn ann i gcónaí ná athruithe san fhoireann, gné a léiríonn gur gá poist bhuana a chruthú sa rannóg le go mbeifear in ann baill foirne a choinneáil, an t-eolas atá forbartha againn a choimeád sa rannóg agus soláthar na seirbhíse a fheabhsú ar an iomlán.

Cumarsáid agus Trédhearcacht a Fheabhsú

Gné dar tugadh tús áite go príomha san fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in 2024 ná an chumarsáid oscailte chomhbhá. Bhíothas in ann leanúnachas agus cruinneas a bhaint amach toisc go ndearnadh teimpléad a dhréachtú le haghaidh freagraí ríomhphoist. Bhí creat láidir oibríochtaí ann a bhuí leis an bhforbairt ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Bhí páirt ag an bhfoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta san obair le codanna den leathanach gréasáin a athdhearadh le go mbeadh sé níos sothuigte agus níos soiléire. Rud eile a chuir níos mó le soláthar na seirbhíse ná litreacha coinneála simplithe a cuireadh le chéile i gcomhar leis an bhfoireann Clárúcháin. Bhí an fhoireann in ann plé le dúshlán go gasta toisc go ndearnadh monatóireacht go réamhghníomhach ar rátaí freagartha agus ar na glaonna nár freagraíodh.

Cuireadh leis an gcumarsáid agus trédhearcacht sa phlé le páirtithe leasmhara mar gheall ar an mbéim a cuireadh ar theachtaireachtaí ríomhphoist a fhreagairt taobh istigh de 5 lá oibre.


An Caidreamh le Páirtithe Leasmhara a neartú

Thug na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta tús áite do shásamh páirtithe leasmhara trí straitéisí saincheaptha rannpháirtíochta chomh maith le dlúthchomhar le príomhpháirtithe leasmhara. Sheol an rannóg an Fóram don Chomhbhá i gCúrsaí Rialála le bheith dírithe ar an gcomhbhá a chur chun tosaigh i gcúrsaí rialála agus an comhar le comhlachtaí rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn. Baineadh leas as an méid a fuarthas amach le linn thréimhse an ARAF nuair a cuireadh le chéile grúpa oibre inmheánach le bheith ag obair go sonrach ar phróisis a chuíchóiriú agus ar eispéireas an pháirtí leasmhara a fheabhsú.

Tacaíocht Mhothúcháin a chur ar fáil agus Cásanna Casta a bhainistiú


Gné a bhí fós lárnach i misean na foirne Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in 2024 ná an fholláine. Chuige sin, seoladh CAREhub, seirbhís neamhspleách don tacaíocht mhothúcháin atá á soláthar ag Lyra Wellbeing. Tá aiseolas thar a bheith dearfach faighte faoin tionscnamh agus cuireann sé sin le dúthracht na foirne Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta chun tacú le folláine páirtithe leasmhara.

Glaonna a fuarthas 2023 agus 2024



Léiríonn sé seo na glaonna a tháinig isteach in 2023 i gcomparáid le 2024 ar an líne fóin don Chlárúchán

Freagairt glaonna 2023 agus 2024



Léiríonn sé seo na glaonna a a freagraíodh in 2023 i gcomparáid le 2024 ar an líne fóin don Chlárúchán

Ghlac an fhoireann Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta leis an bhfreagracht as plé le glaonna agus teachtaireachtaí ríomhphoist ó dhaoine suaite. Bhí tacaíocht acu san oiliúint speisialaithe chun féinmharú a chosc ón Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Tugadh an-tacaíocht do bhaill foirne sa tionscnamh seo agus iad ag plé le cásanna casta ó thaobh mothúchán de, le go mbeadh tacaíocht chomhbhách éifeachtach ann agus CAREhub ag cur tacaíocht bhreise ar fáil do pháirtithe leasmhara a bheadh ag plé le dúshláin mhothúcháinacha.

An Feabhsú Leanúnach a Spreagadh

Mar bhonn faoi na hoibríochtaí ar fad a bhí ar bun ag na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta in 2024 bhí an feabhsú leanúnach. Rinneadh Córas Bainistíochta Cáilíochta a fhorbairt, a chuimsíonn scrípteanna, nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin (SOPanna) agus beartais le go mbeadh caighdeáin sheasmhacha ann don chumarsáid. Tugadh isteach bunachar sonraí nua i mí an Mhárta chun treochtaí na nglanna a thaifeadh agus le hanailís a dhéanamh orthu le go mbeadh an fhoireann in ann acmhainní a úsáid ar an tslí ab éifeachtaí sna buaicthréimhsí. Bhí leaganacha éagsúla den chóras ann le linn na bliana agus rinneadh athruithe air ionas go mbeadh na sonraí a bhíodh á dtaifeadh breá cruinn agus inghníomhaithe. Ós rud é go ndearnadh anailís ar na treochtaí, d'aithin an fhoireann réimsí tábhachtacha lena bhfeabhsú agus bhí an fhoireann in ann fadhbanna timthriallacha a aithint agus plé leo go réamhghníomhach.

As an eolas a fuarthas ón méid sin, bhíodh in ann réitigh spriocdhíríte a fhorbairt le soláthar na seirbhíse ar an iomlán a fheabhsú le go mbeadh eispéireas ní b'fhearr ann do pháirtithe leasmhara.

Tá an obair bhunúsach déanta ag an bhfoireann, obair bunaithe ar chomhar, cumarsáid agus teacht aniar, le go n-éireoidh arís leo in 2025.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag rannóg na Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta sna héachtaí atá bainte amach acu, éachtaí a leagann béim ar dhíograis na rannóige faoin iontaoibh, faoin trédhearcacht agus faoin rialáil ar bhonn comhbhách. Tá an obair bhunúsach déanta ag an bhfoireann, obair bunaithe ar chomhar, cumarsáid agus teacht aniar, le go n-éireoidh arís leo in 2025.

Gnóthaí Corparáideacha

Comhlíonadh

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta na caighdeáin chomhlíonta is airde a chinntiú ar fud na heagraíochta, agus chuige sin, déantar infheistiú i dtraenáil, i bhfeabhsuithe próisis, agus i bhfeasacht ar fud gach feidhme de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhonn leanúnach.

Ceapadh Ceannasaí Riosca agus Comhlíonta in R4 2024, forbairt ina n-aithnítear go bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir réimse leathan reachtaíochta, teoracha agus den dea-chleachtas. Beidh an té sa ról seo freagrach as feidhm um Riosca agus Comhlíonadh a fhorbairt chun tacaíocht a chur ar fáil i ngach cuid den eagraíocht le go gclóifear leis na caighdeáin is airde den chomhlíonadh.



An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Faoi réir na nAchtanna seo, ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle agus comhaltaí den Fheidhmeannas a bhfuil ról ainmnithe acu leasanna ábhartha a nochtadh nuair a cheaptar iad, agus nochtadh a leasanna a leasú chun dáta gach bliain nó nuair a bhíonn aon athrú ábhartha ann. Níor aithníodh aon leasanna ábhartha ag leibhéal na Comhairle ná an Fheidhmeannais in 2024.

Nochtuithe Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, tugtar cosaint do dhaoine a dhéanann nochtadh ar mhaithe le leas an phobail. Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann go sonrach le nochtaí cosanta, tuarascáil ina dtugtar eolas breise faoi na tuairiscí a bheadh faighte sa bhliain féilire roimhe sin. Tá an beartas riachtanach agus na nósanna

imeachta riachtanacha foilsithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá athbhreithniú le déanamh ar na nósanna imeachta seo in 2025 ionas go mbeidh siad fós i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an dea-chleachtas.

An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Tá Beartas um Chosaint Leanaí agus Daoine Leochaileacha foilsithe go himmheánach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis a chinntiú go bpléifear mar is cuí le haon chúiseanna imní a chuirfear in iúl dóibh maidir le cosaint leanaí nó daoine leochaileacha agus go gcuirfear na cúiseanna imní sin ar aghaidh gan mhoill chuig an údarás cuí. Tá Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha atá freagrach as a dheimhniú go gclóítear leis na nósanna imeachta cuí.

Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine

Déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis timpeallacht ionchuimsitheach a chothú ina ndéanfar ceiliúradh ar an éagsúlacht agus ina gcuirfear an comhionannas chun cinn. Má bhímid fáilteach roimh réimse tuairimí, cúlraí agus taithí, aithnímid gur fearr a bheimid in ann freastal ar an bpobal, ar liachleachtóirí, ar fhostaithe agus ar pháirtithe leasmhara go héifeachtach.

Bíonn éagsúlacht inscne i measc liachleachtóirí á thaifeadadh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus léirítear é sin in Aguisín B den tuarascáil seo. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus leis an larscríbhinn a ghabhann leis an gCód, déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis monatóireacht ar chomhdhéanamh na Comhairle agus chomhaltaí an Choiste agus tá sé sin ar fáil in Aguisín A den tuarascáil seo.

De réir na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2015, cuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ball foirne tiomnaithe ar fáil freisin chun aon ghearáin a dhéantar faoi na hAchtanna seo a phróiseáil agus a imscrúdú.

An tAcht um Míchumas, 2005

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht a chinntiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas rochtain éasca a fháil ar gach seirbhís agus áis a chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fáil. Tá Oifigeach Rochtana ceaptha agus tá sé ar fáil chun tacaíocht a chur ar fáil de réir mar is gá. Phléigh an Oifig Rochtana le hocht gcás in 2024 inar iarradh tacaíocht.

Tá geallta ag Comhairle na nDochtúirí leighis go ndéanfar na ceanglais maidir le fostú daoine atá faoi mhíchumas a chomhlíonadh agus rachfar níos faide arís ná sin. Bhí 6.61% de bhaill foirne atá faoi mhíchumas fostaithe ag an gComhairle in 2024.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag féachaint i gcónaí le go mbeifear ag cloí le hAcht 2021 agus le bheith ag plé trí mheán na Gaeilge leo siúd ar fad ar mian leo é sin a dhéanamh. Foilsíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis doiciméid chomhairliúcháin, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise i nGaeilge i gcónaí.



Íocaíochtaí Prasa

Faoi réir na reachtaíochta um íocaíocht phras cuntas, tuairiscíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis gach ráithe don Roinn Sláinte maidir le hÍocaíochtaí pras agus tá na tuarascálacha sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Rialachas Faisnéise

Tá ról lárnach ag an bhfoireann Rialachais Faisnéise maidir le ardcaighdeáin rialachais faisnéise a chothabháil ar fud na Comhairle. Tá an fhoireann freagrach go príomha as gach iarratas a fhaightear faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679 (an RGCS), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a bhainistiú agus a fhreagairt.

Déanann an fhoireann bainistíocht chomh maith ar aon iarrataí a fhaightear faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Oscailte agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid), 2021 (na Rialacháin maidir le Sonraí Oscailte). Tá an Rialachas Faisnéise lárnach nuair a bhítear ag plé le hiarrataí ar fhaisnéis ó rialálaithe eile, tríú páirtithe agus ón nGarda Síochána.

Mar atá leagtha amach in Aguisín D, tháinig méadú ar ar an líon iarratas a fuarthas in 2024 i réimsí áirithe ach tá an líon sin réasúnta seasmhach i gcomparáid le 2023. Ar aon dul le 2023, cloítear go hiondúil le hamlínite reachtúla maidir le próiseáil agus bainistiú na nithe sin. Tháinig 26% de laghdú ar an líon iarratas ó Dhaoine ar a Sonraí i gcomparáid le 2023 ach bhí na hiarratais féin ní ba chasta agus bhí ní ba mhó ag baint leo. Ar an gcaoi chéanna, tá méadú tagtha ar an líon iarratas ó pháirtithe eile, cuir i gcás an Garda Síochána agus gnólachtaí aturnaetha, go 86 iarratas. I dtaca le hiarrataí faoin tSaoráil Faisnéise, déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis gach iarracht i gcónaí an trédhearcacht agus an oscailteacht a chur chun cinn nuair a chuirtear taifid ar fáil agus tá tuilleadh sonraí ina leith in Aguisín D. Tháinig méadú 51% in 2024 ar an líon iarrataí faoin tSaoráil Faisnéise a fuarthas i gcomparáid le 2023. Ar aon dul leis na hiarratais ó Dhaoine ar a Sonraí, bhí siad seo an-chasta agus bhí cuid mhór i gceist leo in amanna.

Leanann an fhoireann Rialachais Faisnéise ag seachadadh oiliúna don Fheidhmeannas, don Chomhairle agus do choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Leis an oiliúint seo, tugtar aghaidh ar shaincheistanna atá ag teacht chun cinn, cuirtear béim ar threoir ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus soláthraítear tacaíocht chun a chinntiú go leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis de bheith ag comhlíonadh na riachtanas atá uirthi maidir le rialachas faisnéise. Chomh maith leis an méid thuas, oibríonn an fhoireann go dlúth le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun na creatlaí rialachais faisnéise atá i bhfeidhm a fheabhsú. Áirítear leis seo obair ar bheartais agus ar nósanna imeachta, athbhreithniú ar thograí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus gníomhú mar fhoinsé shaineolach comhairle do chomhghleacaithe ar shaincheistanna rialachais faisnéise.

Bíonn an fhoireann um Rialachas Faisnéise ag plé i gcónaí le réimse páirtithe leasmhara i dtaca le hiarrataí ar shonraí faoi mar a bhaineann a leithéid leis an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus Saoráil Faisnéise. Tá 100% de na hiarrataí seo do 2024 curtha i gcrích.



Rialú Corparáideach

Tá foireann Rialachais na Comhairle freagrach as tacú leis an gComhairle agus leis an Uachtarán ina ról mar rúnaíocht na Comhairle; tá siad freagrach as gach cruinniú de chuid na Comhairle a thionól, a bhainistiú agus a riar i rith na bliana. Soláthraíonn an fhoireann comhairle rialachais shaineolach do chomhghleacaithe, don Chomhairle agus do Choistí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá freagracht ar an bhfoireann freisin as clár ionductaithe cuimsitheach agus clár foghlama agus forbartha a sheachadadh don Chomhairle agus, in éineacht le comhghleacaithe, amhlaidh a dhéanamh do na Coistí.

Cruinnithe den Chomhairle:

In 2024, d'eagraigh agus bhainistigh Foireann na Comhairle um Rialachas Corparáideach an méid seo a leanas:

- 9 chruinniú Rialála na Comhairle sceidealaithe,
- 4 chruinniú rialachais den Chomhairle,
- 27 cruinniú urghnách den Chomhairle (lena n-áirítear cruinnithe a thionóltar trí pháipéir a scaipeadh).

B'in breis agus 40 lá cruinnithe i 2024, cúig chruinniú ní ba lú ná an bhliain roimhe. Laethanta iomlána a bhí i bhformhór na gcruinnithe a sceidealáíodh. Thóg cruinnithe urghnácha na Comhairle idir leathlá agus lá iomlán.

Ceapacháin chun na Comhairle agus chuig Coistí

- Tá ról lárnach ag foireann na Comhairle um Rialachas Corparáideach a chinntiú go ndéanfar ceapacháin chun na Comhairle agus chuig coistí na Comhairle a bhainistiú i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Cheap an tAire Sláinte beirt chomhaltaí nua chun na Comhairle in 2024 tar éis ainmniúcháin a fháil ó na dreamanna seo:
 - Ainmniúchán ó Acadamh Ríoga na hÉireann
 - Ainmní Comhpháirteach de chuid na Scoileanna Leighis
- Chuir Foireann Rialachais na Comhairle próiseas earcaíochta ar bun i mí na Samhna 2024 chun Coiste Comhairleach Airgeadais a chur ar bun agus thug tacaíocht nuair a bhí Cathaoirleach, comhaltaí den Chomhairle agus comhaltaí seachtracha á gceapadh chun an Choiste seo i mí na Nollag 2024.
- Ina theannta sin, sheol an Fhoireann Rialachais próiseas earcaíochta go mall in 2024 le comhaltaí nua a fháil don Choiste Sláinte ach níor ceapadh aon chomhaltaí nua dá bharr.
- Thug Foireann Rialachais na Comhairle tacaíocht san athbhreithniú bliantúil ar Théarmaí Tagartha na gCoistí i gcomhar le Rúnaithe na gCoistí lena dheimhniú go bhfanadh na téarmaí tagartha i gcomhréir leis na ceanglais ó thaobh rialachais de.

Athbhreithniú ar an gComhairle agus ar na Coistí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Réitigh foireann Rialachais na Comhairle an bealach don phróiseas le go bhféadfadh an Chomhairle tabhairt faoin bhféinmheasúnú bliantúil ar a feidhmíocht féin agus ar a coistí. Tugadh faoin méid sin mar chuid de bhearta don rialachas corparáideach éifeachtach agus chun cultúr den mhachnamh agus den fheabhsú leanúnach a chothú.

D'eagraigh an fhoireann Lá ar Shiúl do chomhaltaí na Comhairle i mí na Samhna 2024 le plé a dhéanamh ar na nithe ba thábhachtaí a bhí faighte amach ón bpróiseas féinmheasúnachta.

Oiliúint agus Ionductúchán

D'eagraigh Foireann Rialachais na Comhairle oiliúint do chomhaltaí na Comhairle agus reáchtáladh an oiliúint sin i mí Iúil 2024 agus i mí na Samhna 2024. Reáchtáladh oiliúint ionductaithe do chomhaltaí nua den Chomhairle i mí na Samhna 2024.

Abhcóide Ginearálta

Lean an Fhoireann Dlí ag soláthar tacaíochta dlí agus comhairle straitéiseach don Chomhairle agus don Fheidhmeannas in 2024, ar fud fheidhmeanna rialála agus corparáideacha na Comhairle. Cuireann an fhoireann comhairle dlí ar fáil don eagraíocht maidir lena feidhmeanna rialála sna réimsí Clárúcháin, Oideachais agus Oiliúna, Cothabháil Inniúlachta Gairmiúla agus Eitice chomh maith le hábhair a bhaineann le léirmhíniú reachtúil, nósanna imeachta cothroma, dlí riaracháin, conarthaí, dlí rialachais faisnéise, dlíthíocht, dlí fostaíochta agus gach saincheist dlí laethúil eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Rinne an fhoireann dlí cuid nithe achrannacha a bhainistiú in 2024. Mar chuid de sin bhí dlíthíocht os comhair na hArd-Chúirte agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Clárúchán / Achomhairc Chlárúcháin

I mbreith a tugadh le deireanas, scrúdaigh an Ard-Chúirt cothroime nós imeachta Chomhairle na nDochtúirí Leighis i dtaca le ceistanna a bhain le clárúchán agus achomhairc i dtaca le clárúchán. D'éirigh le Comhairle na nDochtúirí leis sa chás áirithe seo. Thug an Breitheamh Mícheál P. O'Higgins breith an-chabhrach ina leith. Shoiléirigh an Ard-Chúirt nach bhfuil iallach ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis glacadh go huathfheidhmeach le gach aon iarratas ar chlárúchán. Glacadh leis gur nós imeachta riaracháin atá ann an t-athbheithniú a dhéantar ar iarratas ar Chlárúchán, nós imeachta ina n-éilítear leibhéal sásúil cosaintí a fhágann go ndéantar difear do na cearta bunúsacha atá ag an duine aonair. Luadh sa Chúirt go mbeadh sé ag brath ar na fíricí a bhainfeadh le cás ar leith an méid a bheadh i gceist le cosaintí sásúla.

Rialachas Faisnéise

In 2024, lean an fhoireann dlí ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an bhFoireann um Rialachas Faisnéise lena chinntiú go gcloíonn an Chomhairle leis na hoibleagáidí atá orainn faoin RGCS, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí oscailte agus athúsáid fhaisnéis na hearnála poiblí), 2021, agus le freagra cuí a thabhairt ar chomhlachtaí rialaithe in am cuí.

Reachtaíocht / Beartas

Chuir an fhoireann dlí leis an obair in 2024 ar thionscadail traseagrúcháin éagsúla le dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na rialála don chúram sláinte in Éirinn. Tá ról lárnach ag an bhfoireann i gcónaí ag tacú le go gcuirfí i bhfeidhm reachtaíocht atá tugtha isteach le déanaí, cuir i gcás an tAcht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (arna leasú), 2020.

Gnóthaí Reachtaíochta

Chuaigh an fhoireann Gnóthaí Reachtaíochta i mbun oibre leis an Roinn Sláinte i dtaca le leasuithe breise ar an reachtaíocht lena ndéantar gníomhaíochtaí na Comhairle a rialú. As na leasuithe seo tiocfaidh éifeachtúlachtaí oibriúcháin eile. Beidh éifeachtúlachtaí oibriúcháin breise ann mar thoradh ar na leasuithe seo, agus déanfar dul chun cinn orthu i gcomhar leis an Roinn in 2025.

Cumarsáid agus Rannpháirteachas

Bliain bhisiúil eile a bhí in 2024 don fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, an rannóg atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar straitéisí agus tionscnaimh chumarsáide. Thacaigh an fhoireann le cuid mhór réimsí éagsúla den eagraíocht, iad ag plé le gnéithe de gach cineál, cuir i gcás feachtais feasachta, caidreamh leis na meáin, leasuithe chun dáta ar an suíomh gréasáin, fógraí ar na meáin shóisialta agus gníomhaíochtaí a bhain le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

Fuair an fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta 64 ceist ó na meáin in 2024 agus thug freagra orthu. Eisíodh ceithre phreaseisiúint déag a bhain le réimse leathan ábhar; Ár Tuarascáil Faisnéise faoin Lucht Saothair Leighis, Comhairliúcháin Phoiblí agus ráitis seasaimh cuid de na hábhair a bhí i gceist.

Chuir an fhoireann comhairle straitéiseach cumarsáide ar fáil go leanúnach do rannóga san eagraíocht agus thug tacaíocht ó thaobh cumarsáide de ag baint le seoltaí agus comhairliúcháin phoiblí éagsúla in 2024. Bhí tuarascálacha taighde, ráitis seasaimh agus teoracha ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis á spreagadh ag gníomhaíochtaí leanúnacha cumarsáide i gcaitheamh na bliana.

Nuair a d'éirigh leo in iarratas in 2023 le go gcuirfí fáilte roimh an 16ú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir leis an Rialáil Leighis i mBaile Átha Cliath, chuaigh an fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta i mbun planála don chomhdháil. Cuirfear fáilte le linn na comhdhála seo roimh thoscairí ó thíortha ar fud an domhain i Meán Fómhair 2025, comhdháil a bheidh á heagrú ag IAMRA (Cumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis) agus á n-óstáil ag Comhairle na nDochtúirí Leighis.

In R1 agus R2 de 2024, chuir an fheidhm um Chumarsáid Dhigiteach méid suntasach oibre i gcrích shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, cuir i gcás iniúchtaí leanúnacha ar inneachar, feabhsuithe don úsáideoir agus athnuachan ar an deardh. Rinneadh athdhearadh iomlán ar an leathanach baile, cuir i gcás nascleanúint níos fearr, athnuachan an mheirge, baic tacaíochta inneachair agus rannóg blog. Chomh maith leis sin, cuireadh leis an inrochtaineacht ar an suíomh mar thoradh ar chodarsnacht dathanna níos fearr ar na cnaipí baile le go mbeadh sé ní b'fhusa an t-ábhar a léamh.

Cuid de na blaganna a foilsíodh, tá siad dírithe ar rannóga éagsúla i gComhairle na nDochtúirí Leighis, mar shampla Oideachas agus Oiliúint, Gearáin, Taighde agus Clárúchán. Cuireann siad siúd leis an líon daoine a thugann cuairt ar an suíomh gréasáin. Ar na topaicí a pléadh bhí an Creat agus an Reachtaíocht ó thaobh Nochtadh Oscailte de, Oideasú agus Uirgnamh Sábháilte Drugaí Rialaithe, Clárúchán,

agus Léargais ó Thaighde agus Sonraí Rialta de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Ar a bharr sin, chuaigh an fhoireann i mbun oibre i gcomhar leis an bhfoireann um Ghearáin agus Imscrúduithe chun iniúchadh iomlán ar inneachar a dhéanamh agus d'fhorbair siad leathanach lamairne nua maidir le Gearáin.



Eisíodh cúig nuachtlitir chuig na dochtúirí agus páirtithe leasmhara atá ar an mbunachar sonraí atá againn, breise agus 30,000 duine acu, agus osclaíodh thart ar 70% acu ar an meán. Spreag na nuachtlitreacha daoine le hamharc ar bhlaganna, preaseisiúintí agus tuarascálacha ar an suíomh gréasáin.

Thug an fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta tacaíocht leanúnach don Uachtarán, POF agus do chomhaltaí den Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus breis agus 30 caint phoiblí le tabhairt acu i gcaitheamh na bliana. Mar chuid den tacaíocht sin cuireadh cineálacha éagsúla ábhair ar fáil, cuir i gcás nótaí mionteagaisc, cuir i láthair agus óráidí. Maille leis sin, thug an fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta tacaíocht leanúnach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh gnóthaí poiblí de a fhorbairt, trí bhíthin bainistíocht a dhéanamh ar Cheisteanna Parlaiminte, ceisteanna ó chomhaltaí den Oireachtas agus comhordú ar fhreagraí ar uiríll ón Aire. Tugadh freagra ar 23 Ceist Pharlaiminte agus ar 43 Uiríoll ó Airí.

Tugadh cuireadh d'Uachtarán na Comhairle, an Dr Suzanne Crowe, labhairt i mí Eanáir 2024 os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir leis an mBás Cuidithe i dtaca le leasuithe chun dáta sa 9ú heagrán den Treoir ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis do Liachleachtóirí Cláraithe maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic.

Lena chois sin, bhí an fhoireann i gceannas ar Athnuachan Branda ar bhrandáil Chomhairle na nDochtúirí Leighis, iad ag obair le féiniúlacht nua a fhorbairt do bhranda na heagraíochta taobh le treoirlínte don bhranda agus prionsabail deartha. Tá tástáil déanta go forleathan ar an mbranda athnuaithe ó thaobh inrochtaineachta de agus le go gcuirfear in oiriúint é lena úsáid ar an ngréasán. An uair dheireanach a rinneadh leasuithe chun dáta ar bhranda Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná in 2011.



Imeachtaí agus comhdhálacha

Thug fostaithe agus comhaltaí den Chomhairle i gComhairle na nDochtúirí Leighis cuir i láthair le linn 2024 faoi ról agus faoi obair na Comhairle mar chuid de chomhdhálacha agus imeachtaí éagsúla, cuir i gcás:

- » An Chomhdháil um Pleanáil Straitéiseach don Lucht Saothair don Chúram Sláinte agus Sóisialta, Caisleán Bhaile Átha Cliath
- » Coiste an Oireachtais maidir leis an mBás Cuidithe
- » An 20ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Sláinte
- » Léacht maidir leis an nGairmiúlacht, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
- » Ceardlann do Dhochtúirí Súdánacha in Éirinn
- » Seimineár Gréasáin de chuid Chumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis
- » 'Grand Rounds', Ospidéal Ollscoile Luimnigh
- » Léargais á nAthrú – Creat don Soláthar Oiliúna go 2030 agus ina dhiaidh – Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann
- » 'Grand Rounds', Ospidéal Beaumont
- » An saol mar a bhíonn i do Ghairmí: cúram dírithe ar an othar agus féinchúram – léacht a tugadh do mhic léinn leighis i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
- » Comhdháil an earraigh, Coláiste Síciatraithe na hÉireann
- » Cruinniú faoin mBainistíocht sa Raideolaíocht - Dámh na Raideolaithe
- » Cruinniú de chuid Chumann na hÉireann don Ainéistéis agus Cúram Criticiúil Péidiatrach
- » Comhdháil Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn faoin nGairmiúlacht i réimse na Míochaine
- » Sraith EY an earraigh – “An lucht saothair sláinte a choinneáil – spreagadh don chúram comhtháite”
- » Comhdháil na nDochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal - Oiliúint agus Pleanáil Náisiúnta le haghaidh Dochtúirí
- » An Chónaidhm Eorpach don Ota-laraingeolaíocht agus don Máinliacht Cloiginn agus Muiníl
- » Comhdháil Cúraim Sláinte LADT Éireann
- » Cruinniú de chuid Chumann Úireolaíochta na hÉireann
- » Comhdháil Chomhpháirtíocht Othar agus an Phobail
- » An Cás ar son an Athchóirithe i nithe a bhaineann leis an bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh
- » Comhdháil Bhliantúil Oideachais 2024 CLEAR
- » Siompóisiam IAMRA
- » Seimineár gréasáin d'oiliúnaithe ar phróisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Fóram na gComhlachtaí Oiliúna Iarchéime Leighis ina bhun.
- » Comhdháil Lónra na mBan in Éirinn sa Leigheas
- » Comhdháil Chomhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann
- » Cruinniú Cinn Bliana Chumann Chomhairleoirí Leighis Mhaolaithigh na hÉireann
- » Comhdháil Bhliantúil Chumann na nGairmithe Éireannacha agus Pacastánacha (IPPA)
- » Searmanas Aistrithe an 3ú Bliain, Ollscoil na Gaillimhe
- » Lá staidéir don Leigheas Inmheánach Ginearálta, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann

Éachtaí Cumarsáide 2024



23

Ceist Pharlaiminte a freagraíodh in 2024



43

Uiríll Airí



12

Blag a foilsíodh




5

nuachlitir a eisíodh, gach ceann acu a seoladh chuig breis agus 30,000 duine

124

postáil ar na Meáin Shóisialta i nGaeilge



Cuidiú le

30

caint phoiblí



14

Preaseisiúint a cuireadh amach in 2024



Bainistíocht riosca

Tá gealltanas tugtha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis a dheimhniú go mbeidh an bhainistíocht riosca fréamhaithe mar chuid den ghnáthghnó ó lá go lá agus go mbeidh an méid sin mar bhonn eolais faoi phleanáil straitéiseach, ghnó agus oibríochtúil na heagraíochta.

Ní mór do Chomhairle na nDochtúirí Leighis glacadh le méid áirithe rioscaí ina cuid gníomhaíochtaí. Mar sin féin, mar eagraíocht atá ann ar mhaithe le leas an phobail, féachann an Chomhairle leis an riosca a mhaolú oiread agus is féidir. Is é an ról lárnach atá ag an gComhairle leasanna an phobail a chosaint agus iad ag plé le liachleachtóirí cláraithe agus, ar an ábhar sin, bíonn an leibhéal ó thaobh inghlacthacht riosca de sa Chomhairle idir leibhéal íseal agus nialas go hiondúil. Má táthar chun a misean a chur i gcrích go sásúil, a ról seirbhíse poiblí a fheabhsú agus toradh níos fearr a chur ar fáil dá príomhpháirtithe leasmhara, aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis go gcaithfidh sí a bheith réidh chun aon deiseanna a thapú inar fiú dul sa seans agus glacadh le leibhéal áirithe ó thaobh riosca breise de dá bhféadfaí tairbhe éigin a bhaint as.

Déanann an CRO monatóireacht leanúnach ar rioscaí agus bíonn athbhreithniú foirmiúil ann idir an CRO agus Úinéirí na Rioscaí gach ráithe ar a laghad. Bíonn cruinniú gach ráithe ag an CRO leis an POF. Cuirtear tuarascálacha maidir le riosca ar fáil gach ráithe don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Chomhairle. Tá bogearraí bainistíochta riosca ann le go mbíonn teacht fíor-ama ag comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus den Chomhairle ar na Cláir Rioscaí. In R1 2025, rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis Beartas Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca Corparáideach nuashonraithe a athbhreithniú agus a fhormheas.

I ndeireadh thréimhse thuairiscithe R4 in 2024, bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis ag plé le 84 riosca trasna 16 chlár riosca rannóige. Tá na príomhthéamaí riosca a sainaitníodh in 2024 ar fáil thíos.

Comhlíonadh Rialála agus Forbairtí Reachtaíochta

Dúshlán a bhí ann in 2024 ná an méid ama a bhíodh i gceist le hiarratais ar chlárúcháin a phróiseáil. Chuir an Feidhmeannas feabhsuithe éagsúla i bhfeidhm ar na próisis chun dul i ngleic leis an moill agus, san am céanna, lena chinntiú nach gcuirfí sábháilteacht an phobail i mbaol.

Bhí líon ard daoine ann arís in 2024 a atreoraíodh i dtaca le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Tá tacaíocht bhreise áirithe ann anois toisc gur ceapadh an dara haturnae chun na foirne ach bhí líon ard cásanna fós ann i ndeireadh 2024.

Sonraíodh mar riosca a bhí ag teacht chun cinn i ndeireadh 2024 na freagrachtaí atá ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis faoi mar atá leagtha amach san Acht um Fhíochán Daonna, 2024, go háirithe ó thaobh acmhainní foirne de. Bhí anailís ar riachtanais ar bun ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Daoine agus Cultúr

Cuireadh isteach méid áirithe ar acmhainní ceannaireachta ar fud na heagraíochta toisc gur imigh cuid baill foirne ar leibhéal ard san eagraíocht. Leagadh freagrachtaí eatramhacha ceannaireachta ar dhaoine eile, de réir mar ba chúil, agus rinneadh an obair a shocrú de réir ord tosaíochta. Bíodh sin mar atá, bhí moill éigin i gceist le tionscnaimh straitéiseacha áirithe toisc gur fhág na daoine sin a ról.

Cuireadh isteach ar fhoirne áirithe ó thaobh dul chun cinn ar an obair de, dúshlán a bheidh ann arís in 2025, é sin toisc go mbíonn athruithe san fhoireann chomh maith le daoine as láthair ón obair san am céanna sna foirne céanna, taobh le deacrachtaí earcaíochta. Chuir an fhadhb seo leis an méadú ar an gcaiteachas ar oibríochtaí toisc gurbh éigean cuid den obair a sheachfhoinsíú, obair a dhéanfaí go himheánach de ghnáth.


Airgeadas

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an méadú ar chostais oibríochtúla, costais dlí go sonrach, mar thoradh ar mhéadú ar an ngníomhaíocht dhlíthiúil a bhíonn ar bun agus ar chastacht na hoibre sin. Bíonn an Chomhairle agus an Feidhmeannas fós ag obair i gcomhar le chéile le gach leas a bhaint as an saineolas atá ar fáil dúinn go himmheánach sa tslí go bhfaighfear luach ar airgead ó sholáthraithe seachtracha.

Creat

Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas rialachais chun a ról a chomhlíonadh ní hamháin mar rialtóir ach mar bhord sa tseirbhís phoiblí. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis na tionscadail ó thaobh ról na Comhairle, na gCoistí agus an Fheidhmeannais iontu ach, mar gheall ar athruithe foirne i réimsí tábhachtacha rialachais, ní dhearnadh dul chun cinn ar thionscadail rialachais áirithe mar a bhí coinne leis agus meastar go gcuirfear an obair sin i gcrích anois in 2025.

Catagóiríú Rioscaí de réir Rangú



Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Agus muid ag forbairt ar an athléimneacht agus cobhsaíocht oibríochtúil ón mbliain roimhe mar théamaí, tá bunchlocha láidre forbartha in 2024 le go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh agus Straitéis Dhigiteach nua a chur le chéile comh maith le clár don bhunathrú chun feabhais ó 2025 ar aghaidh.

Ar na héachtaí is tábhachtaí atá bainte amach againn le 12 mhí anuas tá gach ról a bhí folamh sa teicneolaíocht faisnéise líonta againn agus tá daoine earcaithe againn i ról bhuna i bpoist thábhachtacha áirithe. Cé go bhfuilimid ag obair san earcaíocht i dtírdhreach atá dúshlánach, tá éirithe linn daoine a earcú chun na foirne i ról bhuna i réimsí mar an Bhainistíocht Feidhmchlár Gnó, an Chibearshlándáil agus an Bhainistíocht Clár. Ós rud é go bhfuil seasmhacht againn san fhoireann, tá forbairt leanúnach ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil, tá an t-eolas institiúideach á threisiú agus tá ár struchtúr á dhaingniú.

I réimse na cibearshlándála, táimid dírithe go dtí seo ar an ullmhúchán le go mbeimid réidh don reachtaíocht atá le teacht bunaithe ar an Dara Treoir NIS (NIS2). Tá straitéis forbartha againn don chibearshlándáil atá ag teacht leis na ceanglais atá orainn faoi NIS2. Tá clár oibre curtha le chéile againn leis an straitéis sin a chur i ngníomh i rith 2025, é leagtha amach de réir ord tosaíochta bunaithe ar 2025. Chomh maith leis sin, tá dul chun cinn suntasach déanta againn lenár staid ó thaobh cibearshlándála de a fheabhsú trí bhíthin sraith de bhearta straitéiseacha. Tá na córais bainistíochta críochphointe láidrithe againn le agus tá cumas braite agus freagartha iontu anois ar na leibhéil is fearr sa tionscal (agus na córais comhtháite mar chuid dár SOC Bainistithe) agus, dá réir, táimid i ndiaidh dul i ngleic le réimsí áirithe riosca. Tá clár oiliúna agus feasachta cibearshlándála curtha i ngníomh againn ina gcuirtear oiliúint éigeantach ar fáil do na baill foirne ar fad ar fud na heagraíochta gach mí. Agus nádúr na cibearshlándála á chur san áireamh taobh le tírdhreach oibre a bhíonn de shíor ag athrú, cuirimid tástáil agus measúnuithe i gcrích sna timpeallachtaí logánta agus néil atá againn le hullmhacht an chórais a thástáil. Cuirimid na caighdeáin agus na cumraíochtaí a bhaineann leis an dea-chleachtas i bhfeidhm le réimsí riosca a leigheas.

Ó thaobh feidhmchláir ghnó de, tá forbairt leanúnach déanta againn ar ár gcórais lárnacha. Tá réimse príomhfeidhmiúlachtaí curtha i gcrích againn, cuir i gcás comhtháthú córas agus sreafaí oibre uathoibrithe, feabhsuithe ar an bpróiseas athnuachana atá chun tairbhe do na dochtúirí, chomh maith le feabhsuithe riaracháin cúil atá chun tairbhe dár gcomhleacaithe sa rannóg clárúcháin. Tá obair déanta againn go leanúnach chun cur le raon feidhme na bhfeidhmchlár bainistíochta

cásanna, chun na feidhmeanna 'feidhmiúlacht chun cleachtadh' agus 'monatóireacht' a chur san áireamh, agus chun freastal níos fearr ar an bpróiseáil ceann go ceann i gcás na bpróiseas maidir le gearáin. Tá an caidreamh oibre á fhorbairt againn i gcónaí leis na príomhpháirtithe feidhmithe atá againn. Tá an t-athbhreithniú cuimsitheach a dhéantar ar sheirbhísí feabhsaithe agus tugtha chun rialtachta againn, agus páirteach san obair tá cuid de na daoine ón bpobal úsáideoirí atá againn. D'éirigh linn feidhmiú SAP a ascnamh in R3 ó néal SAP go réiteach príobháideach bainistithe néil agus, dá bharr, tá níos mó tacaíochta ann agus níos mó airgid á shábháil ó thaobh an cheadúnaithe de.

Ar leibhéal an infreastruchtúir, tá próisis agus nósanna imeachta nua curtha i bhfeidhm orainn agus tá timpeallacht níos cobhsaí ann dá bharr. Tá an mhonatóireacht oibríochtúil tugtha isteach i ngach gné dár dtimpeallacht agus bíonn an méid sin á thiúnáil agus á leasú chun feabhais againn. Tá nósanna imeachta nua forbartha agus curtha i bhfeidhm againn faoi mar a bhaineann le bainistiú paistí agus nuashonruithe. Tá athbhreithniú cuimsitheach déanta ar na timpeallachtaí cúltaca againn agus ar an gcumas athléimneachta. Tá athbhreithniú cuimsitheach déanta ar stórais sonraí ár n-úsáideoirí agus, dá bharr, tá athruithe bunúsacha le cur i bhfeidhm go luath in 2025.

Ar deireadh, tá obair curtha i gcrích go leanúnach i rith 2024 ar na seirbhísí atá againn don Úsáideoir Deiridh leis an ardán nua Bainistíochta Seirbhíse TF a fháil agus a chumrú, ardán a chuirfear ar fáil do na húsáideoirí de réir a chéile ó R1 2025 ar aghaidh. Mar thoradh ar an réiteach seo, beimid i bhfad níos fearr in ann freagairt mar is cuí d'iarratais ar thacaíocht agus seirbhísí nua agus, san am céanna, beimid in ann freagraí a thabhairt i dtaca le fadhbanna a thagann aníos go rialta agus díriú ar bhearta coisctheacha. Ar a bharr sin, beifear in ann próisis bainistithe sócmhainní níos fearr a chur i bhfeidhm mar gheall ar an réiteach seo agus bainfear leas as chun an rialachas a fheabhsú ó thaobh athruithe a rialú de.

Agus muid ag breathnú i dtreo 2025, táimid chun cláir thábhachtacha reatha oibre a chur i gcrích ar bhonn leanúnach agus, san am céanna, straitéis dhigiteach a fhorbairt.

Saoráidí

Bainistíocht an Fhoirgnimh

Athbhreithniú ar Chíos

Maidir le próiseas athbhreithnithe cíosa a thionscain tiarna talún Chomhairle na nDochtúirí Leighis in R4 de 2023, cuireadh chun críche go sásúil é i mí Lúnasa gan aon mhéadú le teacht ar an méid cíosa iníoctha tar éis na hidirbheartaíochta.

An t-aistriú chuig tiarna talún nua tar éis Teach Kingram a dhíol

Nuair a fógraíodh go raibh Teach Kingram curtha ar díol ar an margadh oscailte, chuaigh an fhoireann Saoráidí i mbun plé i mí Aibreáin 2024 le glacadóirí agus le gníomhairí díolacháin a ceapadh chun na coinní le breathnú ar an bhfoirgneamh a eagrú, agus chun an t-eolas riachtanach agus na caipéisí riachtanacha ar fad ag baint leis an réadmhaoín a sholáthar.

Ghlac “EPARGNE PIERRE EUROPE, société civile de placement immobilier” úinéireacht ar an réadmhaoín le héifeacht ón 27 Lúnasa 2024. Agus an caidreamh leis an tiarna talún agus téarmaí an léasa á mbainistiú, tá an fhoireann Saoráidí fós ag plé leis na hionadaithe ceaptha bainistíochta réadmhaoine fad a mhairfidh an chuid eile de théarma an léasa.

Tionscadal Athchóirithe Theach Kingram

Sular tháinig deireadh leis an Tréimhse Throchlaith 12 mhí ar an 24 Feabhra 2024, thug an fhoireann Saoráidí, an fhoireann cheaptha foirgníochta agus dearthóirí faoi athbhreithniú ar an réadmhaoín agus ar na hoibreacha a bhí déanta. Thug na conraitheoirí cuí faoi aon leasúcháin a sonraíodh. Ina dhiaidh sin, socraíodh an deimhniú deiridh maidir le críochnú sásúil.

Nuair a bhí uasghrádú HVAC agus cineálacha eile uasghrádaithe á gcur i bhfeidhm, baineadh amach rátáil athbhreithnithe BER B3, rátáil níos fearr ná an D2 a bhí ann roimhe sin. Mar thoradh ar an tionscadal seo, meastar go mbeidh feidhmíocht níos fearr ann ó thaobh foirgnimh agus fuinnimh de i gComhairle na nDochtúirí Leighis fad a mhairfidh an chuid eile den léas. Déanfar an méid seo a bhainistiú go gníomhach faoin sainchúram um Bainistíocht an Fhoirgnimh agus faoin sainchúram um Gníomhú ar son na hAeráide.

Bainistíocht Saoráidí

Rinne an Fhoireann Saoráidí cruinnithe inmheánacha a éascú arís i rith 2024, cuir i gcás cruinnithe don Chomhairle, d'fhiosruithe maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, grúpaí sainspéise agus seoltaí foilseachán, agus chuir tacaíocht ghinearálta oibriúcháin ar fáil chomh maith.

Cuireadh tairiscint le haghaidh Bainistíocht Saoráidí i gcrích in 2024. Tá an t-ionductú agus an obair féin le tosú in 2025. Tabharfaidh an fhoireann Saoráidí tús áite in R1 de 2025 do thús an phróisis ionductaithe. Tabharfar céim ar chéim faoin aistriú seirbhísí agus faoi na seirbhísí nua a chur i bhfeidhm. Ó tharla go bhfuil cineálacha éagsúla seirbhísí agus soláthraithe ann, beidh cur chuige caighdeánach ionductaithe ag teastáil agus cuirfear seirbhísí nua i ngníomh de réir a chéile thar thréimhse cúpla mí.

Oibreacha tógála

Cuireadh tionscadail bheaga foirgníochta i gcrích, nó rinneadh dul chun cinn orthu, in 2024, cuir i gcás:

- obair dheisiúcháin sa seomra boird toisc go raibh uisce ag teacht isteach ann. Rinneadh iniúchadh iomlán agus sonraíodh fadhbanna sa chomhbhalla agus san imchlúdach foirgnimh a deisíodh go sásúil. D'oscail an fhoireann Saoráidí an spás lena úsáid arís i mí Lúnasa 2024 tar éis obair dheisiúcháin a chur i gcrích istigh agus amuigh.
- athphointeáil struchtúr stairiúil Theach na Scoile.

Tá oibreacha eile a sonraíodh in 2024 le bheith curtha i gcrích go luath in 2025 de réir an sceidil, na cinn seo ina measc:

- In obair dheisiúcháin ar Dhíon gloinithe an Aitriam, cuirfear san áireamh na riachtanaí atá sonraithe ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, an méid a chuirfear isteach ar oibríochtaí agus aon srianta i dtaobh dul isteach chuig áiteanna áirithe le linn na tréimhse seo.
- Obair dheisiúcháin ar bharrchaidhp ballaí seachtracha ina mbeidh saineolas ar chur chuige stairiúil de dhíth.
- In oibreacha tógála mar chuid de thionscadal suiteála áiseanna clósamhairc na foirne TFC, beidh tacaíocht ann ón saineolas atá san fhoireann Saoráidí ó thaobh na tógála agus na sábháilteachta de.

Sábháilteacht agus Sláinte

Bhí Oifigigh Shláinte agus Shábháilteachta Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag obair leo leis an riosca a bhainistiú agus a mhaolú i gcaitheamh 2024.

- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na Measúnuithe Riosca Sláinte agus Sábháilteachta agus rinneadh rioscaí a bhí ag teacht chun cinn a thaifeadadh.
- Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta.
- Chuir baill foirne a mbíonn láimhsiú le déanamh acu ina ról oiliúint ar láimhsiú sábháilte i gcrích i mí Iúil 2024.

- I gcomhréir le hailt 19, 6 d'Acht 2005 agus le Cuid 6 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, cuireadh sraith de mheasúnuithe riosca catagóirí speisialta ar fáil, measúnuithe d'fhostaithe a bhí ag iompar san áireamh chomh maith le cásanna inar theastaigh measúnú riosca faoi leith mar gheall ar shocruithe réasúnta.
- Ní raibh aon tionóiscí ann a tuairiscíodh agus phléigh an fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta le haon eachtra bheag amháin in 2024.
- Tar éis pacáiste a raibh amhras ag baint leis a fháil agus tar éis dul i mbun plé leis an nGarda Síochána, rinneadh beartas cuí Chomhairle na nDochtúirí Leighis a leasú chun dáta le go dtabharfaí léargas ann ar an athrú ó thaobh bagairtí de agus scaipeadh é.
- Cuireadh seisiún ionduchtaithe i láthair do dhá ghrúpa inar tugadh forléargas ar an sainchúram atá ann ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta de agus ar na freagrachtaí atá ar an bhfostóir agus ar an bhfostaí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ("Acht 2005"). Cuireadh seisiúin ionduchtaithe eile i láthair le linn na bliana nuair ba ghá.

An Gníomhú ar son na hAeráide agus an Inbhuanaitheacht (CSR san áireamh)

Monatóireacht SEAI agus Tuairisciú do SEAI

Chuir an tOifigeach Cosanta Comhshaoil i gcrích an tuairisciú do SEAI do 2024 (do thréimhse 2023).

Thuairiscigh bainistiú an tomhaltais fuinnimh éifeachtúlacht fuinnimh 79% faoi dheireadh na bliana 2023 i gcomparáid leis an mbonnlíne, feabhas 8.4% ar thorthaí 2022. Tá an sprioc iontaise/theirmeach CO₂ bainte amach ó aistríodh go córas teaschaidéil. Táimid fós ag cloí lenár sprioc go 2030 ó thaobh astaíochtaí iomlána fuinnimh CO₂ de. Tá 13.6% eile de laghdú le baint amach againn agus leagfar tuilleadh béime in 2025 ar iarrachtaí le coinneáil ag dul sa treo seo.

Gníomhú agus Sainordú ar son na hAeráide

I gcomhréir leis na ceanglais sa Sainordú don Gníomhú ar son na hAeráide (an Sainordú), cheap an POF Roseanne Fox i mí na Samhna 2024 mar Chosantóir Chomhairle na nDochtúirí Leighis don Gníomhú ar son na hAeráide. Faoi alt 2.2 den Sainordú, beidh Roseanna freagrach as an sainordú a chur i ngníomh agus as tuairisciú ina leith. Beidh tacaíocht aici ó Oifigeach Cosanta Comhshaoil Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Ciara McMorro.

- Cuireadh Ráiteas Comhlíontachta i leith an tSainordaithe i gcrích faoi spriocdháta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an 6 Nollaig. Ceanglas breise a bhí ann in 2024 ná an 3ú céim den tuairisciú

bliantúil chuig an Údarás (tuairisciú go cúlghabhálach do thréimhse 2023) inar pléadh an Sainordú ó thaobh é a chomhlíonadh de.

- Tugadh cead plean gnó don Gníomhú ar son na hAeráide agus don Inbhuanaitheacht a fhorbairt lena chur i ngníomh in 2025. Déanfar dul chun cinn ar thionscadail ag baint leis an gclár oibre seo mar chuid de na cuspóirí gnó níos ginearálta i gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise do 2025-2028.
- Chuathas i mbun plé i mí na Nollag 2024 le Sainchomhairleoirí Fuinnimh chun iniúchadh AHRAE Leibhéal 2 a chur i gcrích. Tacaíocht a bheidh san iniúchadh seo chun cláir bainistíochta fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le I.R. 426 de 2014. Meastar go ndéanfar moltaí ann maidir le feidhmíocht níos fearr i gcórais tógála agus éifeachtúlachtaí fuinnimh níos fearr.

Ráiteas maidir leis an Sainordú don Gníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta

I Sainordú an rialtais don Gníomhú ar son na hAeráide, leagtar amach na cuspóirí do chomhlachtaí poiblí; ina measc siúd tá 51% de laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus 50% d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.

Agus an Ráiteas Comhlíontachta i leith an tSainordaithe in 2024 á chur i gcrích lena chur faoi bhráid Údarás Inmharthana na hÉireann, rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis deiseanna forbartha breise a mheas.

- Rinneadh tionscadail a chuirfí i gcrích faoin Treochlár don Gníomhú ar son na hAeráide a shonrú agus a shocrú. Beidh na tionscadail seo mar thacaíocht dár dtiomantas leanúnach i leith na hinbhuanaitheachta agus laghduithe ar astaíochtaí go 2030.
- Cuireadh Straitéis Foghlama agus Forbartha i bhfeidhm agus ullmhaíodh cláir oiliúna don Cheannaireacht agus don Fhoireann Ghlas.
- Cuireadh tús le hIniúchadh Fuinnimh ASHRAE ar Leibhéal 2 in 2024. Meastar go n-aithneofar na nithe is mó a úsáideann fuinneamh san iniúchadh seo, go ndéanfar moltaí le rudaí eile a fheabhsú ó thaobh feidhmíocht foirgnimh, beartais agus próisis tuairiscithe de.
- Léiriú is ea Ráiteas Straitéise 2025-2028 na Comhairle ar thiomantas Chomhairle na nDochtúirí Leighis lena chinntiú go dtabharfaimid dea-shampla, ós Comhlacht Poiblí muid, i dtionscnaimh a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide agus cúrsaí inbhuanaitheachta. I gcomhréir leis an Straitéis, déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis na nithe seo a leanas:

- Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le Comhairle na nDochtúirí Leighis forbairt mar eagraíocht inbhuanaithe a bheidh feasach ar an gcomhshaol a chothú.
- Rinneadh Plean gnó don Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Inbhuanaitheacht a fhorbairt lena chur i ngníomh in 2025.
- Cuireadh deireadh leis an úsáid a bhaintí as earraí plaisteacha aonúsáide agus soláthairtí lónadóireachta inmhuirínithe in 2023, tugadh faoi athbhreithniú eile ar tháirgí aonúsáide le deiseanna eile a aimsiú sa slabhra soláthair i gComhairle na nDochtúirí Leighis. Cuirfear deiseanna mar seo i bhfeidhm go leanúnach in 2025 de réir a chéile.

An éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

Táimid dáiríre faoi gach iarracht a dhéanamh agus is féidir le go mbeidh an Chomhairle éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus ag feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe. Déanann foireann Saoráidí Chomhairle na nDochtúirí Leighis ídiú fuinnimh na Comhairle a bhainistiú agus a mhonatóiriú i gcónaí i gcomparáid le bonnlíne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus leis na spriocanna go 2030 don éifeachtúlacht fuinnimh agus CO₂. Tar éis do Chomhairle na nDochtúirí Leighis na sonraí a tuairiscíodh in 2024 a chur isteach do thréimhse thuairiscithe 2023 SEAI, bhí an Chomhairle fós ag dul sa treo ceart:



Astaíochtaí CO₂ iontaise

Bhí an CO₂ iontaise in 2023 ar leibhéal 88.8% níos lú ná 52,022 kgCO₂, an bhonnlíne.

2023:

5,815 kgCO₂

Sprioc do 2030: 25,491 kgCO₂

Má chloítear leis an CO₂ iontaise ar an leibhéal seo go ceann 7 mbliana eile, bainfear an sprioc seo amach. Níl aon tionscadail spárála fuinnimh bheartaithe tuairiscithe trína ndéanfar CO₂ iontaise a laghdú in 2030*.



Astaíochtaí CO₂ san iomlán

Bhí an CO₂ iomlán in 2023 66.6% níos lú ná 190,267 kgCO₂, an bhonnlíne.

2023:


63,547 kgCO₂

Sprioc do 2030: 54,889 kgCO₂

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór 13.6% eile de laghdú a bhaint amach ar an CO₂ iomlán taobh istigh de 7 mbliana. Níl aon tionscadail spárála fuinnimh bheartaithe tuairiscithe trína ndéanfar an CO₂ iomlán a laghdú in 2030*.

An éifeachtúlacht fuinnimh

Bhí feabhsú 79.0% bainte amach faoi 2023 ó thaobh feidhmíocht fuinnimh de ó tugadh isteach an bhonnlíne.



Má chloítear leis an bhfeidhmíocht fuinnimh ar an leibhéal seo ar feadh 7 mbliana eile, bainfear an sprioc éifeachtúlachta amach. Níl aon tionscadail spárála fuinnimh bheartaithe tuairiscithe chun an fheidhmíocht a fheabhsú in 2030*.

Éifeachtúlacht fuinnimh


Maidir leis an méadú 37.2% ar an úsáid leictreachais, is féidir é sin a leagan ar an aistriú ar shiúl ón téamh le gás go córas HVAC teaschaidéil, ar an méadú ar an líon daoine san fhoirgneamh agus ar an aistriú ar ais go cruinnithe ar an láthair.

An chúis atá leis an 76.6% de laghdú ar an úsáid a baineadh as gás in 2023 ná gur suiteáladh an córas teaschaidéil nuair a rinneadh Teach Kingram a athchóiriú. Beifear ag brath rud beag ar ghás, áfach,

chun an chuid sin d'oifigí Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá liostaithe a théamh.

Ó cuireadh an t-athchóiriú i gcrích in R1 2023, tá an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh bainte amach againn go 2030. Ós rud é go bhfuil níos mó gníomhaíochta ar bun, beidh an Fhoireann Ceannaireachta agus an Fhoireann atheagraithe Ghlas ag obair ar aghaidh le go mbeidh dul chun cinn á dhéanamh i rith an ama, é sin trí obair feasachta, cur i gcrích tionscnamh agus rannpháirtíocht na bhfoirne sin.

Leictreachas




Fuinneamh teirmeach



Ó cuireadh an t-athchóiriú i gcrích in R1 2023, tá an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh bainte amach againn go 2030.

Leictreachas




Astaíochtaí CO₂

Ghin Comhairle na nDochtúirí Leighis 63,547 kgCO₂ san iomlán in astaíochtaí fuinnimh CO₂ in 2023. Beidh laghdú 13.6% eile de dhíth idir seo agus 2030 agus déanfar tionscadail spárála fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go leanúnach chun an bhearna seo a dhruidim.


Cúis sásaimh dúinn go bhfuil an sprioc le haghaidh CO₂ Iontaise/Teirmeach bainte amach agus sáraithe againn. Rinneadh 5,815kgCO₂ a astú in 2023, a bhí 88.8% faoi bhun na bonnlíne, 52,022kgCO₂. Mar sin féin, coinneofar an méid sin faoi athbhreithniú in 2025 toisc nach bhfuil astaíochtaí iompair mar chuid de na sonraí a tuairiscíodh trí chóras monatóireachta agus tuairiscithe SEAI.

Tabharfar faoi anailís ar an mBearna chomh fada leis an Sprioc in 2025 mar chuid de na cuspóirí plean gnó níos fairsinge a úsáidfear mar bhonn eolais le haghaidh tionscadail astaíochtaí fuinnimh agus tionscnaimh eile. Údar misnigh atá sna sonraí reatha tuairiscithe do spriocanna CO₂ iontaise agus spriocanna iomlána CO₂. Beifear ag leanúint ar aghaidh in 2025 le tuilleadh oibre chun coinneáil ag dul sa treo dearfach seo, chun comhlíonadh a fhorbairt in eagraíocht atá feasach ar an gcomhshaol a chothú agus chun cultúr den inbhuanaitheacht a dhaingniú i ngach gné den eagraíocht.

Sprioc iomlán CO₂



Sprioc le haghaidh CO₂ iontaise



Daoine agus Cultúr

Tá an fhoireann um Fhostaithe agus Cultúr díograiseach faoi ionad oibre ionchuimsitheach a chothú a mbeidh tacaíocht ann ina mbeidh gach fostaí faoi bhláth. Tá ról lárnach le comhlíonadh ag an bhfoireann seo le go mbeidh spriocanna na heagraíochta ag teacht le folláine agus forbairt na bhfostaithe san eagraíocht. Ós rud é go mbíonn siad dírithe ar rannpháirtíocht fostaithe agus dea-thimpeallacht oibre, féachann an fhoireann um Fhostaithe agus Cultúr chuige go mbíonn luachanna na Comhairle le brath i ngach gné d'oibríochtaí na Comhairle.

I gcroílár thionscnaimh na Comhairle ag baint le Fostaithe agus Cultúr tá dúthracht na Comhairle i dtaca leis an éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine fostaithe. Tá cláir nuálacha agus tacaíocht leanúnach againn agus muid ag iarraidh ionad oibre a fhorbairt inar léir do chách go bhfuil meas orthu agus gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach san obair. Tá níos mó i gceist leis an bhfoireann um Fhostaithe agus Cultúr ná acmhainní daonna a bhainistiú; bíimid dírithe ar chultúr a chothú leis an rath agus an nuáil a spreagadh.

Dearadh Eagraíochta

Cuireadh dearadh nua na heagraíochta i bhfeidhm, agus rinneadh na struchtúir nua agus gníomhaíochtaí feidhmiúla ar fad a dhaingniú. Cuireadh múnlaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla teagmhála ar bun do gach réimse feidhme i gcomhréir leis an Dearadh Eagraíochta formheasta. Chuir an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin athbhreithniú deiridh bliana i gcrích ar an Dearadh Eagraíochta i gceardlann i mí na Samhna. Tabharfar faoi athbhreithniú bliantúil mar chuid den phróiseas chun an Plean Gnó Bliantúil a ullmhú in 2025.

Cuireadh le hacmhainní na heagraíochta agus earcaíodh daoine chuig 43 ról a tháinig chun cinn mar gheall ar an Dearadh Eagraíochta chomh maith le laghdú nádúrtha ar an líon oibrithe. Bhí 147 duine ceadaithe formheasta ag obair ann i ndeireadh na bliana. Tá na róil eile don Dearadh Eagraíochta stoptha go sealadach agus beidh siad fós le líonadh in 2025. Tá daoine earcaithe i ngach ceann de na róil seo ach ceithre cinn acu. Tá an chuid eile le líonadh in 2025 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Dearadh Eagraíochta agus ar éifeachtacht an deartha sna stiúirtheoireachtaí éagsúla.

Luachanna

I gcaitheamh na bliana, rinneamar sraith de cheardlanna a reáchtáil don fhoireann iomlán ón mbarr go dtí an bun le dul i gcomhairle le gach duine, le luachanna na heagraíochta a leagan amach agus leis na cineálacha iompair a chuidíonn linn na luachanna sin a bhaint amach a chur i bhfriotal. Tá cur chuige nua, bunaithe ar luachanna, fréamhaithe anois sna modhanna oibre atá againn mar thoradh ar an

bpróiseas seo. Thángthas ar na bunluachanna nua atá againn—**an Iontaoibh, an tSármhaitheas, an Comhar agus an Meas**—as ceardlanna cuimsitheacha ina bhfuarthas tuairimí ó gach ball foirne agus ó gach comhalta den chomhairle le go mbeidís ag teacht go hiomlán leis an bhfís chomhchoiteann atá againn. Tá níos mó i gceist leis na luachanna seo ná na focail - is ar na luachanna atá cultúr na heagraíochta bunaithe agus tá siad dár dtreorú i ngach gné d'oibríochtaí na Comhairle. Táimid tiomanta i dtaobh na luachanna seo a fhí isteach i ngach gné de shaol oibre an fhostaí, bíodh sé sin san earcaíocht, san ionduchtú, i gcomhráite faoi chúrsaí feidhmíochta agus i gcomhráite ó lá go lá. Agus na prionsabail seo á bhfréamhú againn inár gcleachtais, is é is aidhm dúinn timpeallacht oibre aontaithe, tacúil, ardfheidhmíochta a fhorbairt ina mbeidh meas ar na fostaithe go léir, agus an chumhacht acu, leis an iarracht is fearr a dhéanamh.

Modhanna Oibre

Rinneadh athbhreithniú ar an múnla reatha eatramhach oibre, an cur chuige cumaisc nó hibrídeach, lena chinntiú go mbeadh sé ag teacht leis an Dearadh Eagraíochta nua agus leis na modhanna oibre agus ag tacú leis na nithe sin. Rinneadh Beartas nua um Modhanna Oibre a athdhréachtú le bheith ag teacht le cód cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Cuireadh i ngníomh i mí Mheán Fómhair é. Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas i mí an Mhárta in 2025.

I gcroílár thionscnaimh na Comhairle ag baint le Fostaithe agus Cultúr tá dúthracht na Comhairle i dtaca leis an éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine fostaithe.



Thuas: Baill foirne ag freastal ar chaint lán eolais a d'eagraigh an Grúpa Folláine.

Ar chlé: Baill foirne a ghlac páirt sa Rith Cuimhneacháin ar son Charthanas na Bliana sa Chomhairle.

Bunsonraí faoi Fhostaithe

Rinneadh athbhreithniú ar Chroíbheartais maidir le Fostaithe le go mbeidís ag teacht leis na ciorcláin chuí don earnáil phoiblí agus le hathruithe sa reachtaíocht. Ba é an ráta laghdaithe foirne ag deireadh na bliana 2024 ná 10% san iomlán. Tá sé seo ann i gcomhthéacs ina raibh bunathruithe chun feabhais a ndéanamh i rith na bliana. Tá an ráta sin 6% níos ísle ná an meánráta laghdaithe in Éirinn, is é sin 16% i gcás eagraíochtaí atá ar an méid céanna linne. 5% de laghdú atá ann ar an ráta laghdaithe an bhliain roimhe sin, 15%. Le linn 2024, d'úsáideamar na léargais ó 2023 chun ár ngníomhaíochtaí a

threorú. Le linn 2025, leanfaimid orainn ag tógáil ar fhorbairt straitéise agus tionscnamh Daoine & Cultúr a thosaigh i 2024, chun cumas a chur chun cinn le leibhéil leanúnacha coinneála agus rannpháirtíochta foirne chun spriocanna straitéiseacha na heagraíochta ina iomlán a chumasú.

Chuir na tionscnaimh seo leis na gníomhaíochtaí an Ghrúpa Folláine Fostaithe a dhíríonn ar bhaill foirne le go mbeidh cur chuige meáite stuama acu ina saol oibre agus saol pearsanta.

An Rannóg Airgeadas

Lean an Roinn Airgeadais d'acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú ar bhealach a bhí ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus rialachais agus bhí dea-chleachtas á chur i bhfeidhm acu i rialú a cúrsaí airgeadais.

Rinneadh monatóireacht ar thuairisciú acmhainní airgeadais na Comhairle tríd an bpróiseas buiséadaithe, trí chuntais bhainistíochta mhíosúla agus ráithiúla agus trí réamhaisnéis leanúnach. Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid na Foirne Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ionas go mbeadh an Chomhairle á coinneáil go hiomlán ar an eolas i gcaitheamh na bliana. Socraíodh Téarmaí Tagartha do Choiste Comhairleach Airgeadais nua in R4 2024. Beidh sé sin i bhfeidhm mar Choiste ó 2025.

Is é an príomhchuspóir straitéiseach a bhí i bplean Gnó 2024 don Airgeadas ná lena chinntiú go mbeadh bainistíocht stuama airgeadais ann lenár spriocanna straitéiseacha agus oibríochta a bhaint amach, cistí de chuid na Comhairle a mhaoirsiú agus gach leas a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá againn lenár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Is iad na gnéithe lárnacha a bhí le baint amach san fheidhm in 2024 ná tacú le príomhthionscadail straitéiseacha agus trí cinn de mhéadaithe ar thuarastal a chur i ngníomh do gach fostaí agus pinsinéir in 2024 mar gheall ar Shocrú 2024 – 2026um Pá sa tSeirbhís Phoiblí. Tá Bainistíocht Acmhainní agus Straitéiseach fós á cur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta ionas go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní ar an tslí is éifeachtaí ó thaobh an chostais de. I gcomhar leis an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus an fhoireann um Fhostaithe agus Cultúr, déanann an rannóg Airgeadais monatóireacht leanúnach ar an líon reatha daoine atá ag obair sa Chomhairle le go n-úsáidfear acmhainní ar an tslí is fearr. Tar éis tabhairt faoi phróiseas tairisceana in R4 2023, cuireadh Comhaontú Seirbhíse maidir le Conarthaí Dlí i bhfeidhm in 2024. Tá an bhainistíocht agus monatóireacht ar gach gás le gach gnólacht dlí fós ar bun i gcomhréir leis na socruithe nua ó thaobh conarthaí de.

Iniúchadh

Cuireadh trí Iniúchadh Inmheánach i gcrích in 2024. Orthu siúd, bhí athbhreithniú ar na Próisis a bhaineann le Soláthar, Ceannach agus Íocaíochtaí, an próiseas don Ioncam ón gClárúchán agus an tAthbhreithniú Bliantúil ar Rialú Airgeadais Inmheánach do 2023. Chomh maith leis sin, chuireamar tús leis an Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú Airgeadais Inmheánach do 2024. Cuirfear é sin i gcrích faoi dheireadh R1 in 2025 de réir mar atá sceidealaithe. Cuireadh tuarascálacha críochnaithe ón iniúchadh inmheánach faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) lena gceadú. Beidh na moltaí ar fad le feiceáil sa phlean gnó oibríochtúil agus sa chlár riosca nuair is gá. Bhí an fhoireann Airgeadais ag obair i gcomhar leis an bhfoireann um iniúcháireacht inmheánach agus chuir siad na doiciméid ar fad ar fáil don fhoireann trí líonra slán ionas go gcuirfí i gcrích na hiniúchtaí ar fad a bhí sceidealaithe do 2024.

Lean an Fhoireann Airgeadais leis na hathruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm i rith 2024 a bhí i gclár na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais, agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil éifeachtach. Leis an Acht Airgeadais, 2022, tugadh isteach alt 897C (Ceanglais Tuairiscithe Fheabhsaithe) lena gceanlaítear ar fhostóirí sonraí a thuairisciú faoi chostais agus sochair áirithe a thugtar d'fhostaithe agus do stiúrthóirí. Chuir an t-aonad Airgeadais é sin i bhfeidhm in 2024 d'fhostaithe agus do stiúrthóirí. Aithníodh go raibh Múnla Comhpháirtíochta Gnó ag teastáil mar chuid den Dearadh Eagraíochtúil stairiúil agus táthar tar éis an múnla sin a chur i bhfeidhm ina iomláine in 2024. Dá bharr, tá an fhoireann Airgeadais in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt do na haonaid straitéiseacha ghnó atá san eagraíocht.

Cúrsaí Soláthair

Tá freagracht ar fheidhm an tSoláthair i gComhairle na nDochtúirí Leighis as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar bhainistíocht na ngníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le cúrsaí soláthair ionas go gcloífidh an eagraíocht go hiomlán le nósanna imeachta náisiúnta agus san AE ó thaobh soláthair de.

Le linn na bliana, cuireadh cuid nósanna imeachta suntasacha ó thaobh soláthair de i gcrích agus cuid eile ar bun. Ba iad na príomhsholáthairtí a bhainistigh an fheidhm ná:


1. An Réiteach maidir le Soláthar, Suiteáil agus Cothabháil Seirbhísí Closamhairc
2. Soláthar Seirbhísí Earcaíochta
3. Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí agus
4. Soláthar Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Tacaíochta ag baint le cleachtas gairmiúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Lena chois sin, cuireadh tairiscintí amach i dtaca le méid áirithe earraí/seirbhísí faisnéise inar úsáideadh an próiseas Luachan a larraidh agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais. Lena n-áirítear:

1. Seirbhísí don Tacaíocht Mhothúcháinach
2. Oiliúint agus Feasacht Foirne maidir le Cibearshlándáil TFC
3. Deasc Chabhrach TF
4. Athnuachan ar an mBranda

5. Seirbhísí Éascaitheoirí - Ráiteas Straitéise
6. Seirbhísí Athbhreithnithe Airgeadais
7. Seirbhísí Comhairleacha Cinnteoireachta ag baint leis an tSaoráil Faisnéise
8. Ríomhairí glúine athchóirithe

Earcaíodh daoine sa dá ról a bhí folamh mar Oifigeach Feidhmiúcháin Soláthair i dtreo dheireadh 2024. Cuireadh tús leis an oiliúint ar na baill nua den fhoireann ar nithe ag baint le cúrsaí Soláthair.



Freagrach as ár gcinntí agus ár ngníomhartha

Ráitis Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile	60
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle	61
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	70
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	74
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe	76
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	77
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	78
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	79
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	80

Comhaltaí na Comhairle agus Eolas Eile

Eanáir - Nollaig 2024

An tUachtarán	An Dr Suzanne Crowe	
An Leas-Uachtarán	An Dr Mary Davoren	
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Leo Kearns (Eanáir-Meán Fómhair 2024)	
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach	Yvonne Clancy (Deireadh Fómhair-Samhain 2024) Ciarán Buggle (Nollaig 2024)	
An Chomhairle	An Dr Mary Davoren An tOllamh Ronan O’Connell Sinead Corcoran An tOllamh Edna Roche Ian Drennan Nauman Nabi John Gleeson Teresa Bulfin Paul Harkin Jim O’Sullivan Joe McMenamin	Jill Long An tOllamh Deirdre Murphy An tOllamh Mary O’Sullivan An Dr Margaret O’Riordan An Dr Liqa ur Rehman Marie Culliton An tOllamh Orla Muldoon An tOllamh Richard Green John Murray An tOllamh Morgan Crowe Ronan Quirke
Oifigí	Teach Kingram Plás Kingram Baile Átha Cliath 2	
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1	
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6	
Aturnaetha	Fieldfisher The Capel Building Mainistir Mhuire Baile Átha Cliath 7 DAC Beechcroft 3 Haddington Buildings Plás Percy, Droichead na Dothra Baile Átha Cliath 4 Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Naomh Caoimhín BÁC 2	

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Creat

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar oifigeach díreach idirchaidrimh idir an Chomhairle féin agus lucht bainistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Freagrachtaí na Comhairle

An obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sa Chreat Rialachais agus sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón gComhairle. Ar na buanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- **dearbhu leasanna,**
- **tuarascálacha ó na coistí,**
- **tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,**
- **tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus**
- **nithe forchoimeáda.**

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 ar an gComhairle gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le toiliú an Aire Airgeadais.

Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- ráiteas a thabhairt maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochtá agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí Eanáir 2025 trí bhíthin tagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2024.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d’Uachtarán, Leas-Uachtarán agus fiche ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Aon duine amháin a d’éirigh as an gComhairle in 2024. Tá trí fholúntas ar an gComhairle faoi láthair. Ceapadh formhór comhaltaí na Comhairle i gcomhair téarma cúig bliana ach ceapadh cuid acu i gcomhair téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle le chéile gach dara mí. Tugtar sonraí sa tábla thíos maidir le téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Comhairle	Ról	Ceaptha	Athcheaptha	D’éirigh as
An Dr. Suzanne Crowe	An tUachtarán	01/06/2021	01/06/2023	
An Dr Mary Davoren	Leasuachtarán	01/06/2023	01/06/2023	
An tOllamh Mary O’Sullivan	Gnáthchomhalta	15/06/2018		
Teresa Bulfin, Uas.	Gnáthchomhalta	15/06/2018	01/06/2021	
An tUasal John Gleeson	Gnáthchomhalta	15/06/2018	01/06/2021	
Paul Harkin	Gnáthchomhalta	15/06/2018	01/06/2023	
An tUasal Jim O’Sullivan	Gnáthchomhalta	15/06/2018	01/06/2021	
An tUas. Ian Drennan	Gnáthchomhalta	04/01/2021	01/06/2023	
Jill Long	Gnáthchomhalta	14/06/2021		
Marie Culliton, Uas.	Gnáthchomhalta	27/08/2021		
An Dr Margaret O’Riordan	Gnáthchomhalta	01/06/2021		
An tUasal Ronan Quirke	Gnáthchomhalta	14/06/2021		
An tOll. Edna Roche	Gnáthchomhalta	01/06/2021		
Sinead Corcoran	Gnáthchomhalta	01/06/2023		
An tOllamh Deirdre Murphy	Gnáthchomhalta	01/06/2023		
Nauman Nabi	Gnáthchomhalta	01/06/2023		
An tOllamh Ronan O’Connell	Gnáthchomhalta	01/06/2023		
An Dr. Liqa ur Rehman	Gnáthchomhalta	01/06/2023		
An tOllamh Orla Muldoon	Gnáthchomhalta	01/01/2024		
An tOllamh Richard Green	Gnáthchomhalta	06/08/2024		
An tOllamh Morgan Crowe	Gnáthchomhalta	13/11/2023		
John Murray	Gnáthchomhalta	15/06/2018	01/06/2023	
Joe McMenamin	Gnáthchomhalta	01/06/2023		30/06/2024

Cuireadh tús le téarma 2023-2026 Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí an Mheithimh 2023. Rinne an Chomhairle athbheithniú ar Choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus cuireadh athstruchtúrú i bhfeidhm i gcásanna áirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gCoistí.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Tá ocht gCoiste curtha ar bun i gComhairle na nDochtúirí Leighis, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)

Cúig chruinniú in 2024

Is é Ian Drennan atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais inmheánacha um rialáil agus bainistiú riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá seisear comhaltaí ar an gCoiste, is iad sin ceathrar ón gComhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha. Reáchtáladh 5 chruinniú den ARC in 2024.

2. An Coiste Réamhimeachtaí

Naoi gcruinniú a tionóladh in 2024 thar 2 lá an ceann. Bhí an Coiste ina shuí ar feadh 18 lá san iomlán.

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun breithniú tosaigh a thabhairt do ghearáin in aghaidh liachleachtóirí. Is é John Gleeson atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Réamhimeachtaí. Reáchtáladh gach cruinniú den PPC go cianda, arna reáchtáil thar dhá lá, ag comhaireamh mar chruinniú amháin. I dtús 2024, bhí 25 comhalta ar an gCoiste Réamhimeachtaí, b'in 15 chomhalta sheachtracha agus 9 comhaltaí ón gComhairle. Níor earcaíodh aon chomhaltaí nua in 2024. D'éirigh aon chomhalta amháin as a ról mar chomhalta in 2024. Ba i mí an Mhárta 2024 a bhí an cruinniú deireanach ar fhreastail an duine sin air.

3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FtPC)

Bhí daichead a dó fiosrúchán ann in 2024

Bunaítear an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin a tharchuireann an Coiste Réamhimeachtaí. Is é an tUasal Paul Harkin atá mar chathaoirleach ar an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh. Éistean "Painéal" na fiosruithe. Triúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamh-leighis, agus comhalta leighis amháin bhíonn ar an bPainéal, agus ní mór do dhuine amháin de na comhaltaí ar a laghad a bheith ina b(h)all den Chomhairle. Reáchtáladh 42 fiosrúchán san iomlán in 2024.

4. An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach (RCPC)

Bhí ocht gcruinniú ann in 2024

Dhá chuspóir atá ag an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach: bunú agus cothabháil éifeachtach an chláir liachleachtóirí a áirithiú; agus cothabháil leanúnach ar inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a áirithiú. Dhá fhochoiste a chabhraíonn agus a thacaíonn leis an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, is iad sin an Fochóiste um Fheidhmíocht Measúnóirí agus an Bord um Athbhreithniú Clárúcháin (RRB). Tá deichniúr comhaltaí ar an gCoiste: beirt chomhaltaí den Chomhairle (liachleachtóir amháin agus comhalta eile) agus ochtar comhaltaí nach de chuid na Comhairle iad. Is í Teresa Bulfin atá ina cathaoirleach ar an gcoiste.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

5. Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC)

Bhí sé chruinniú ann in 2024

Is é cuspóir an Choiste Oideachais agus Oiliúna (ETC) straitéis Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt, a mhonatóiriú agus a mheas maidir le hoideachas agus oiliúint agus cleachtas leighis na hAnatamaíochta. Cinntíonn an ETC creat creidiúnaithe/cigireachta ardchaighdeán agus próisis éifeachtacha chun Oiliúint Oideachas Leighis a dhearbhu agus a fheabhsú, Measúnóirí a earcú agus a oiliúint, cinntí / moltaí a dhéanamh maidir le torthaí Foirne Measúnóirí, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm coinníollacha agus moltaí, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar aitheantas speisialtachtaí nua agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle.

An tOllamh Edna Roche a bhí ina cathaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus Oiliúna. Ar an gCoiste tá ceathrar chomhaltaí den Chomhairle (comhalta Ex Officio duine amháin acu), comhalta amháin (comhaltaí den Chomhairle nó comhalta seachtrach) agus seachtar comhaltaí seachtracha (comhaltaí Ex Officio iad beirt acu). Tá aon ról ex-officio amháin astu sin atá folamh. Bhí 6 chruinniú ann in 2024. Tá dháréag comhaltaí den choiste ann.

6. An Coiste Sláinte (HC)

Bhí seacht gcruinniú ann in 2024

Is é príomhról an Choiste Sláinte monatóireacht a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí a gclárúchán a chothabháil agus iad tinn agus/ nó faoi mhíchumas. Míchumas coirp nó meabhrach a bheith ar an gcleachtóir (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí) agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chumas an chleachtóra míochaine nó gné áirithe di a chleachtadh an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas liachta iomchuí in Alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí. D'fhéadfadh liachleachtóirí den sórt sin teacht ar aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear féin-atreorú; atreorú ag tríú páirtí; nó atreorú ag an gComhairle.

Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle tar éis gach cruinniú iomlánach a bhíonn ag an gCoiste. Bhí 7 gcruinniú iomlánach ag an gCoiste in 2024 ina ndearnadh tuarascálacha a tháinig as 95 seisiún athbhreithnithe a mheas. Maireann seisiún athbhreithnithe idir beirt chomhaltaí den Choiste agus an liachleachtóir thart ar 45 nóiméad/uair an chloig go hiondúil. Ag an seisiún athbhreithnithe, pléfidh comhaltaí an Choiste na tuarascálacha liachta a fuarthas ó ghairmithe chúram sláinte atá ag tabhairt cóireála don liachleachtóir mar aon le haon saincheisteanne eile atá ábhartha do shláinte an liachleachtóra atá iomchuí sna himthosca dar leis na comhaltaí.

7. An Coiste Monatóireachta (MC)

Bhí sé chruinniú ann in 2024

Déanann an Coiste Monatóireachta monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ag baint le hainm liachleachtóra a choinneáil ar an gClár. Féadfar coinníollacha a cheangal ar chlárúchán liachleachtóra chlárúithe de bhun Alt 53(3) agus/nó 71(c) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

8. An Coiste Breithniúcháin Clárúcháin

Bhí 10 gcruinniú ann in 2024

Tá an Coiste Breithniúcháin Clárúcháin ann le cinneadh a dhéanamh i leith iarratais neamhchaighdeánacha ar chlárúchán agus, ar an gcéad dul síos, clárúchán a cheadú; clárúchán a cheadú agus coinníollacha cuí ag baint leis sin; nó moladh a thabhairt gur chóir diúltú don chlárúchán. Seachtar comhaltaí atá ar an gCoiste: 1 chomhalta amháin den Chomhairle agus seisear comhaltaí nach den Chomhairle iad. Is é John Murphy atá ina Chathaoirleach ar an gCoiste. Is í an tOllamh Deirdre Murphy an Cathaoirleach Eatramhach air.

Tá sceidil de chomhaltaí uile gach Coiste agus fochoiste agus grúpa athbhreithnithe leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus Coiste in 2024 leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil agus tá na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta leagtha amach thíos:

Comhalta Comhairle	Liúntas 2024	Costais 2024
S Crowe (Uachtarán)	-	-
M Davoren (Leas-Uachtarán)	-	-
M O'Sullivan	7,696	718
T Bulfin	7,696	813
J Gleeson	7,696	-
P Harkin	-	-
S Corcoran	7,696	-
J O'Sullivan	7,696	-
M Culliton	-	-
M O'Riordan	7,696	276
N Nabi	-	-
I Drennan	-	-
J Long	7,696	-
D Murphy	-	-
R O'Connell	7,696	-
R Quirke	7,696	773
E Roche	-	-
L U Rehman	7,696	358
J Murray	7,696	684
O Muldoon	-	-
M Crowe	7,696	-
J McMenamin	5,772	-
	98,124	3,622

Bhí naonúr comhaltaí ann sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2024 nach bhfuair liúntas ón gComhairle in 2024 faoin bPrionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” (OPOS), mar a luaitear thuas.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Comhalta Coiste	Ballraíocht Choiste /Meithle Oibre	Liúntas 2024	Costais 2024
J Barragry	Coiste Oideachais agus Oiliúna, Creidiúnú	8,900	
V Beatty	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	5,800	-
V Blomfield	An Coiste Sláinte	5,100	-
A Bradbury	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	2,000	-
K Bulbulia	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, Painéal Breithiúnachta Clárúcháin, ETA	9,000	337
J Casey	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	12,600	-
A Clarke	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach	5,800	1,500
T Clarke	MC, Painéal Breithiúnas Clárúcháin	6,300	-
L Conroy	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC)	5,000	-
L Costello	Measúnóir Oideachais agus Oiliúna	1,800	
M Culliton	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,500	
M Davin-Power	Painéal Athbhreithnithe Clárúcháin	5,600	-
A Dawood	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	2,000	-
A Deane	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	6,500	
C Devins	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	5,500	925
L Doyle	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	2,000	-
G Feeney	Coiste Oideachais agus Oiliúna, Creidiúnú	5,500	596
M Fogarty	An Coiste Oideachais agus Oiliúna	900	-
D Forde	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,500	-
A Gilliland	Measúnóir Oideachais & Oiliúna, RP	4,800	60
AM Harney	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,500	-
M Houston	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, Coiste Sláinte, An Coiste Réamhimeachtaí	2,100	-
P Holland	An Coiste Sláinte	500	-
J Horan	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	500	
J Jenkins	Coiste Oideachais & Oiliúna, Measúnóir Oideachais & Oiliúna	9,900	1,462
A Jeffers	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,000	
M Lyons	An Coiste Réamhimeachtaí	2,500	
S Kealy	An Coiste Réamhimeachtaí	2,700	-
F Keeling	Painéal Breithiúnas Clárúcháin	5,700	-
W Kennedy	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	500	-
P Kelly	Breithniú Clárúcháin	5,100	-
H Khalil	Measúnóir Oideachais agus Oiliúna	7,250	306
G Knowles	An Coiste Oideachais agus Oiliúna	15,300	1,532
M Khan	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	-	411

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Comhalta Coiste	Ballraíocht Choiste /Meithle Oibre	Liúntas 2024	Costais 2024
G Kirwan	An Coiste Sláinte	5,100	-
V Larkin	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	4,000	-
B Lewis	Measúnóir Oideachais agus Oiliúna	11,500	1,345
C Mackie	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	500	-
V Marchant	An Coiste Réamhimeachtaí	3,600	-
C McCarthy	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	500	-
C Mc Crystal	Coiste Monatóireachta, Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	7,800	327
S McGovern	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	500	-
C McNicholas	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	1,000	-
J Moran	Coiste Athbhreithnithe Rialála	300	-
D Mulcahy	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,500	-
P Murphy	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach	1,200	-
A Ní Riain	An Coiste Monatóireachta	7,000	-
D O'Connell	An Coiste Sláinte	2,400	-
D O'Donoghue	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, An Coiste Sláinte	2,500	-
S O'Malley	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	500	-
F O'Kelly	An Coiste Réamhimeachtaí	900	-
G Offiah	An Coiste Oideachais agus Oiliúna	300	-
P Plunkett	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	7,500	-
N Quann	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	3,000	92
A Quinlan	An Coiste Réamhimeachtaí	300	-
K Rashid	An Réamhchoiste Feidhmíochta	4,200	-
E Renehan	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	2,500	-
F Sharif	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, An Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	2,000	-
A Sheehan	An Réamhchoiste Feidhmíochta, an Coiste Monatóireachta	3,900	-
A Sheridan	An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach	3,900	925
C Stuart	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, An Coiste Sláinte	3,300	-
D Scully	An Coiste Réamhimeachtaí	2,400	-
P Treanor	An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	3,500	-
W Jeffers	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	1,000	-
E Walsh	Coiste Measúnaithe Feidhmíochta	3,500	-
		245,750	9,818

Bhí 43 comhaltaí sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2024 nach bhfuair liúntas ón gComhairle in 2022 faoin riail “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” (OPOS). Bhí ball amháin den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a roghnaigh gan liúntas a fháil as a gcuid oibre coiste.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Na Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le téarma Leo Kearns mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Mheán Fómhair 2024. Ceapadh Yvonne Clancy mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach i mí Dheireadh Fómhair 2024 go mí Dheireadh Fómhair 2024. Ceapadh Ciarán Buggle mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach i mí na Nollag 2024.

Nochtadh a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Miondealú ar Thuarastal na bhFostaithe

Déantar tuarastail fostaithe os cionn €60,000 amhail an 31/12/2024 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Réimse iomlán sochar na bhfostaithe	Líon fostaithe	
Ó - Go	2024	2023
€60,000-€69,999	19	12
€70,000-€79,999	6	16
€80,000-€89,999	16	10
€90,000-€99,999	11	5
€100,000-€109,999	2	3
€110,000-€119,999	2	3
€120,000-€129,000	5	1
€130,000-€139,000	0	0
€140,000-€149,000	0	1

Costais Sainchomhairleoireachta

Mar chuid de chostais sainchomhairleoireachta tá an costas as comhairle sheachtrach a chuirtear ar an lucht bainistíochta. Ní chuirtear san áireamh leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2024	2023
	€	€
Comhairleoireacht Ghnó*	701,758	1,183,335
Táillí cumarsáide	-	1,230
Táillí Comhairleoireachta TF	60,254	65,740
Comhairleoireacht DLÍ	407,275	633,270
	1,169,287	1,883,575

*Íocadh an POF Eatramhach ar bhonn sonraisc as sainchomhairleoireacht ghnó do mhí Dheireadh Fómhair agus na Samhna faoi chonradh seirbhíse, €49,077 san iomlán.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla.

	2024	2023
	€	€
Costais Dhlíthiúla		
Táillí dlí agus táillí gairmiúla le haghaidh Réamhimeachtaí	946,132	949,125
Cuid V (a) Fiosruithe	3,687,851	3,891,027
Imeachtaí Ard-Chúirte agus na Cuairte Uachtaraí faoi Chuid V (b)	331,120	660,086
	4,965,102	5,500,238

Caiteachas ar Fháilteachas

San áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas;

	2024	2023
	€	€
Fáilteachas don Fhoireann	16,948	12,179
Fáilteachas don Chomhairle	6,614	4,643
Iomlán	23,562	16,822

Caiteachas ar fháilteachas don fhoireann a tabhaíodh i ndáil le himeachtaí sa samhradh, imeacht na Nollag agus imeacht neartaithe foirne.

*Caiteachas ar fháilteachas don Chomhairle a tabhaíodh i ndáil le himeacht neartaithe foirne na Comhairle agus imeacht na Nollag.


Caiteachas Taistil agus Cothaithe	2024	2023
Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas	€	€
Foireann – Baile	2,664	4,787
Foireann – Idirnáisiúnta	12,546	20,012
Príomhghnó	44,860	73,856
Iomlán	60,070	98,655

Istigh leis na croíchoistais ghnó tá costais taistil agus chothabhála do chomhaltaí na Comhairle, finnétithe agus gearánaithe.

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Comhairle na nDochtúirí Leighis an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán i 2024.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag:



An Dr Suzanne Crowe

Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2025



Ciarán Buggle

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Réim Freagrachta

Aithnínmise, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoirilínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 chomh fada le dáta formheasa na ráiteas airgeadais ach amháin i gcás laige amháin ar leibhéal íseal sa rialú inmheánach atá leagtha amach san iniúchadh inmheánach ar na rialuithe ar tugadh faoi i mí na Nollag 2024 mar atá luaite thíos.

An cumas chun déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar a bhfuil cúigear comhaltaí den Chomhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus tá an Cathaoirleach, Ian Drennan, ar dhuine acu. Tháinig an ARC le chéile 5 huaire i gcaitheamh 2024.

Tá beartas bainistíochta riosca ag an gComhairle ina leagtar amach inghlachtacht riosca na Comhairle, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí ball foirne ó thaobh riosca de. Rinneadh conradh le Crowley's DFK in 2021 i gcomhair téarma 4 bliana.

Rinne an Chomhairle beartas leasaithe chun dáta a fhorghas i mí Eanáir 2025. Tá an beartas ar fáil do gach fostaí lena léamh ar inlíon inmheánach foirne na Comhairle. Táthar ag súil go n-oibreoidh na baill foirne go léir de réir bheartais bainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí

rialaithe a thiocfaidh chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus bearta an luchta bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm faoi bhainistíocht an Príomhoifigeach Riosca trína n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Comhairle na nDochtúirí Leighis agus rinneadh iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Déanann ARC athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rialta. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní d'fhonn a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, an méid sin nuair is cuí agus in am tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

(ar lean)

- sainathnódh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht os coinne meastachán.

Cúrsaí Soláthair

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus gur chloígh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis na nósanna imeachta sin i rith 2024. Measadh i seacht gcás gurbh íomchuí maolú ar na rialacha agus ar na treoirlínte. Conarthaí a bhí i gceist ansin a bhain leis na nithe seo: seirbhísí bainistíochta saoráidí (cothabháil, glantóireacht, slándáil), le hearcaíocht, caiteachas ar shainchomhairleoireacht faoi acmhainní daonna, an córas bainistithe cásanna dlí, an t-ardán le haghaidh éisteachtaí cianda, comhpháirtí gnó don tslándáil TF agus an creat creidiúnaithe don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Úsáideadh an próiseas soláthair Luachan a Iarraidh (RFQ) agus cuireadh conradh bliana i bhfeidhm in 2024 do Sheirbhísí Cothabhála Coisctheacha Pleanáilte (PPM). Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis próiseas foirmiúil tairisceana i gcrích le haghaidh Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí in 2024 dá bhfuil conradh nua bronnata. Tá éifeacht leis an gconradh seo ó 2025 ar aghaidh.

Rinneadh seirbhísí earcaíochta a bhainistiú ar bhealach neamhchomhlíontach i rith 2024 toisc go raibh fadhbanna ann ó thaobh acmhainní de. Tá conradh nua bronnatar anois tar éis tabhairt faoi phróiseas foirmiúil tairisceana in 2024. Tá an conradh seo i bhfeidhm ó 2025 ar aghaidh.

Rinneadh seirbhísí sainchomhairleoireachta acmhainní daonna a bhainistiú ar bhealach neamhchomhlíontach i rith 2024 toisc go raibh fadhbanna práinneacha ann ó thaobh acmhainní de. Bainfear feidhm as an gconradh nua le haghaidh seirbhísí earcaíochta do na riachtanais a bheidh ann in 2025.

Bhí ceithre chás ann de Chonarthaí Neamhiomaíocha Comhlíontacha. Bhain na conarthaí sin leis na seirbhísí seo a leanas:

Córas Bainistíochta Cásanna Dlí

Tugadh faoi phróiseas foirmiúil tairisceana in 2019 agus bronnadh an conradh as Córas saindeartha Bainistíochta Cásanna Dlí a sholáthar ar feadh cúig (5) bliana ar a mhéad. Chuaigh an conradh sin in éag i mí Iúil 2024. Tá sé riachtanach an córas agus na feidhmeanna a chomhlíonann sé a mheas agus beidh an méid sin lárnach sna straitéisí Sonraí agus Digiteacha a ndéanfar dul chun cinn orthu in 2025, atá tábhachtach toisc go bhfuil an córas lárnach in obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tábhachtach sa timpeallacht teicneolaíochta faisnéise. Bheadh costas ard ag baint lena leithéid de réiteach atá chomh saincheaptha sin a sholáthar arís as an nua. Bunaithe ar an measúnú sin, bronnadh conradh nua go díreach, arbh fhéidir seasamh leis an gcinneadh sin mar mhaolú faoi Airteagal 32((2)(b)(ii) de Threoir 2014/24/AE ar an mbonn go bhfuil “iomaíocht ar lár ar chúiseanna teicniúla”. Bhronn Comhairle na nDochtúirí Leighis an conradh seo do thréimhse dhá (2) bhliain go luach €120,000.

Ardán le haghaidh Éisteachtaí Cianda

Cuireadh próiseas foirmiúil tairisceana i gcrích in 2021 chun Ardán a sholáthar le haghaidh Éisteachtaí Cianda. Chuaigh an conradh in éag i mí na Bealtaine 2024. Socraíodh go dteastódh go leor ama don phróiseas soláthair mar gheall ar a thábhachtaí atá sé leanúint leis an líon ard cásanna ag baint le feidhmiúlacht chun cleachtadh. Bheadh baol ann don Chomhairle dá mbeifí le bogadh chuig réiteach eile gan an oiread céanna feidhmeanna ann, nó feidhmeanna difriúla, gan taighde cuí margaidh a dhéanamh lena chinntiú gur réiteach é a bheadh téagartha ó thaobh dlí de, oiriúnach dár bhfeidhmeanna, iontaofa agus slán. Rud eile suntasach ná go raibh leibhéal íseal suime sa mhargadh tairiscint a dhéanamh i leith ár ngnó. Bronnadh conradh nua dá bharr, arbh fhéidir é a chosaint mar mhaolú faoi Airteagal 32((2)(b)(ii) de Threoir 2014/24/AE ar an mbonn go bhfuil “iomaíocht ar lár ar chúiseanna teicniúla” go ceann dhá mhí dhéag (12) eile go luach timpeall €150k. Ní raibh aon chaiteachas neamhchomhlíontach ann.

Comhpháirtí Slándála TFC

Tugadh faoi phróiseas foirmiúil tairisceana i mí an Mhára 2021 chun Seirbhísí Cibearshlándála a sholáthar ar feadh cúig (5) bliana ar a mhéad. Tá stádas 'gníomhach' ag baint leis an gconradh fós, ach táthar tar éis luach €144k an chonartha a sháru. Tabharfar tús áite do phróiseas tairisceana in 2025 chun comhpháirtí slándála a choinneáil leis na seirbhísí seo a sholáthar ar bhonn

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

(ar lean)

leanúnach amach anseo. Faoin gcomhaontú nua seo, déanfar a chinntiú go gclúdófar na seirbhísí reatha ar fad agus beidh deis ann seirbhísí eile a sholáthar mar is gá fad a mhairfidh an Conradh.

Creat Creidiúnaithe don fhorbairt ghairmiúil leanúnach

Bronnadh conradh go díreach ar sholáthraí in 2020 toisc go rabhthas den tuairim gurbh iadsan an t-aon soláthraí sa mhargadh a mbeadh an saineolas, taithí agus riar scileanna acu le tabhairt faoin tionscadal an t-am sin. Cuireadh ceithre chéim den tionscadal i gcrích fad a mhair an conradh. Bhí an chéim dheireanach den tionscadal seo le cur i gcrích fós. Chuaigh an conradh tosaigh a socríodh in 2020 in éag. Bhí conradh nua ar luach €77,000 (gan CBL) de dhíth leis an tionscadal a chur i gcrích. Socraíodh gurb é an soláthraí reatha an t-aon soláthraí a bheadh an tionscadal seo a thabhairt chun críche go sásúil agus in am, an cinneadh sin bunaithe ar thaithí agus saineolas teicniúil an tsoláthraí agus eolas an tsoláthraí ar an tionscadal, agus luach ar airgead mar bhonn faoin méid sin. Bronnadh conradh nua arbh fhéidir seasamh leis mar mhaolú faoi Airteagal 32((2) (b)(ii) de Threoir 2014/24/AE ar an mbonn go bhfuil “iomaíocht ar lár ar chúiseanna teicniúla”.

Ba é luach iomlán an chaiteachais a tabhaíodh as na conarthaí seo in 2024 €1,333,500, an caiteachas seo a leanas istigh ann:

- Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí (Cothabháil €43,000, Glantóireacht €42,000, Slándáil €35,000)
- Táillí Gníomhaireachta Earcaíochta €625,000
- Seirbhísí Comhairliúcháin Acmhainní Daonna €268,000
- Córas Bainistíochta Cásanna Dlí €19,500
- Ardán le haghaidh Éisteachtaí Cianda €0
- Comhpháirtí Slándála TFC €226,000
- Creat Creidiúnaithe don fhorbairt ghairmiúil leanúnach €75,000

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistiú agus um maolú riosca. Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht a gcuid oibre, agus obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmheánaigh. Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil in Aibreán 2025 ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Sonraíodh laigí rialaithe ó thaobh nósanna imeachta de i dtaca le seirbhísí sainchomhairleoireachta a fhostú (ceapachán tosaigh agus sínté dá éis sin) ó Yvonne Clancy trína cuideachta Empowering Leadership Teo (an Sainchomhairleoir).

Fostaíodh an Sainchomhairleoir in 2022 ar feadh sé mhí faoi bhonn cirt aon fhoinse amháin. Ar dtús, fostaíodh an Sainchomhairleoir le Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Acmhainní Daonna a sholáthar le dul i ngleic leis na riachtanais phráinneacha oibriúcháin a raibh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag plé leo le linn tréimhse chinnteach. Ar a bharr sin, thug an Sainchomhairleoir tacaíocht san obair ar thionscadal deartha eagraíochta a cuireadh ar bun in 2022 le struchtúr agus cruth na heagraíochta a atheagrú. Ós rud é go raibh riachtanais phráinneacha ghnó ann a bhí ag athrú, cuireadh leis an bhfostaíocht ar feadh tréimhse a mhair ní b'fhaide ná an tréimhse thosaigh, ar aghaidh go 2023 agus 2024. Níor baineadh feidhm as próiseas foirmiúil tairisceana ná próiseas soláthair iomchuí eile de réir mar a bheadh a leithéid i gcomhréir leis an reachtaíocht ó thaobh soláthair de chomh maith le beartais bhunaithe agus nósanna imeachta bunaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó thaobh soláthair de. Cuireadh síneadh ar bhonn neamhchomhlíontach le seirbhísí an tSainchomhairleora ar an ábhar go raibh sraith cúinsí nach raibh súil leo ann, chomh maith le hathruithe san eagraíocht agus riachtanais phráinneacha ó thaobh acmhainní de.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

(ar lean)

Sa bhliain 2024, tar éis comórtas inmheánach earcaíochta a reáchtáil don phost mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, roghnaíodh an Sainchomhairleoir mar an t-iarrthóir ab fhearr don phost mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, post a raibh sí ann ón 20 Meán Fómhair 2024 go dtí an 6 Nollaig 2024. Íocadh an Sainchomhairleoir ar bhonn sonrasctha as na seirbhísí ar fad a cuireadh ar fáil agus ar gearradh táillí ina leith faoin tsainchomhairleoireacht ghnó faoi chonradh seirbhíse. Bhí CBL 23% mar chuid den íocaíocht. D'éirigh an Sainchomhairleoir as bheith ag obair leis an gComhairle i ndeireadh 2024.


Tá gealltanas tugtha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis go ndéanfar a chinntiú go gcloífear go hiomlán le gach ceanglas ó thaobh soláthar poiblí de i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Tá an feabhsú leanúnach mar bhonn faoi obair na Comhairle. Bímid ag foghlaim faoin méid a thiteann amach chun próisis agus nósanna imeachta na Comhairle a fheabhsú. Ó tugadh an laige seo ó thaobh rialaithe de faoi deara, tá a beartais soláthair athbhreithnithe ag Comhairle na nDochtúirí Leighis sa tslí is go mbeidh siad ag teacht anois leis na ceanglais atá ann ó thaobh soláthar poiblí de. Tá rialuithe breise tugtha isteach sa bheartas Soláthair agus curtha i bhfeidhm ionas go mbeifear ag cloí le nósanna imeachta reatha. Anuas ar an méid sin, tá oiliúint chuí curtha ar fáil, agus cuirfear, leis na nithe seo a réiteach.

I réimse eile, sonraí laige ar ráta íseal i dtaca le Rialuithe Baincúreachta. Bhain an laige le nuashonrú tráthúil ar shainordú bainc agus réiteach an chárta creidmheasa sa Chomhairle. Luadh go raibh trí mholadh eile ann as moltaí a rinneadh faoin rialú inmheánach roimhe agus nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine iad, moltaí iad a bhain le Beartais agus Nósanna Imeachta, Rialachas agus TFC, agus Rialuithe maidir le Leanúnachas Gnó. Bhí rátaí ísle ag baint leo siúd chomh maith.

Nuair a rinneadh an t-iniúchadh, aithníodh go raibh athbhreithniú fós ar bun ar bheartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe éagsúla. Ó thaobh Rialachais de, tugadh faoi deara go raibh athbhreithniú déanta ar an gCód Cleachtais agus go raibh sé curtha ar fáil do na fostaithe ach nach raibh sé foilsithe faoin am sin ar an suíomh gréasáin. Tugadh faoi deara chomh maith go bhfuil an leasú chun dáta ar Chreat Rialachais na Comhairle chomh maith leis an athbhreithniú seachtrach ar an gComhairle curtha san áireamh i bplean gnó 2025.

Aithníodh laigí beaga i rialuithe inmheánacha maidir le rialuithe TFC agus Leanúnachas Gnó na Comhairle. Bhain na laigí seo le beartais agus nósanna imeachta a bhí as dáta, agus bearnaí laistigh den bheartas tubaiste leanúnachais gnó maidir le frámaí ama freagartha téarnaimh agus riachtanas le haghaidh tástála. Tá an beartas reatha leanúnachais gnó sa sceideal lena athbhreithniú in 2025. Nuair a bheidh an beartas formheasta agus curtha i bhfeidhm, déanfar tástáil maidir le leanúnachas rialta gnó agus athshlánú ó thubaiste. Déanfar fadhbanna ar bith a thagann chun cinn, nó bearta ceartaitheacha a bheas le glacadh dá bharr a thuairisciú go himmheánach agus don chomhairle, de réir mar is cuí.

Sínithe thar cheann Chomhairle na nDochtúirí Leighis



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

The Medical Council

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Medical Council for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 32 of the Medical Practitioners Act 2007. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Medical Council at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Medical Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Medical Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement and Council members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Non-compliant procurement

The statement on internal control discloses that in 2024 the Medical Council incurred significant expenditure where the procedures followed did not comply with public procurement guidelines.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

27 June 2025

Appendix to the report

Responsibilities of Medical Council members

As detailed in the governance statement and Council members' report, the Council members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007 to audit the financial statements of the Medical Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Medical Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Medical Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters


My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Táillí Coinneála	2	14,839,062	13,894,640
Táillí Clárúcháin	2	5,686,131	4,228,300
Ioncam ilghnéitheach	2	872,915	396,536
Ioncam Iomlán		21,398,108	18,519,476
agus Caiteachas			
Pá agus tuarastail	3	10,161,053	8,912,600
Costas sochair scoir	3	1,944,787	1,316,860
Costais na Comhairle agus cruinnithe		410,004	456,964
Earcaíocht, oiliúint agus oideachas foirne		354,073	701,074
Cíos agus rátaí		1,006,168	1,168,433
Riarachán ginearálta	4	1,735,370	1,607,312
Costais Dhlíthiúla		4,965,102	5,500,238
Táillí comhairleachta agus táillí gairmiúla eile		1,169,287	1,883,575
Táillí airgeadais		272,270	231,172
Táillí iniúchóireachta		33,200	26,400
Fógraíocht & monatóireacht na meán		70,652	46,584
Caillteanas / (Gnóthachan) ar dhiúscairtí sócmhainní		(76)	35,635
Dímheas	6	705,664	511,321
Caiteachas Iomlán		(22,827,554)	(22,398,168)
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		(1,429,446)	(3,878,692)
Gluaiseacht Luach cóir i sócmhainní airgeadais	7	3,017,920	2,700,496
Ús iníoctha/infhaighte			
Ioncam Infheistíochta		96,454	55,094
(Easnamh)/Brrachas don bhliain	11	1,684,928	(1,123,102)
Aistriú ó / (go) cúlchiste pinsin	11	716,000	636,000
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		38,625,216	39,112,318
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 31ú Nollaig		41,026,144	38,625,216

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 79 go dtí 94 ina gcuid de na ráitis airgeadais.
Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag:



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán



Ciarán Buggle
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

Dáta: 25 Meitheamh 2025


An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€	€
(Easnamh)/Brrachas don bhliain		1,684,928	(1,123,102)
Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(530,000)	(179,000)
(Caillteanas)/Gnóthachan mar thoradh ar athrú ar na toimhdí atá mar bhunús le luach reatha na hoibleagáide sochair scoir	10(b)	2,936,000	(1,427,000)
Athrú i dtoimhdí déimeagrafacha	10(b)	290,000	-
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10(b)	890,000	332,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		4,980,928	(2,397,102)

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 79 go dtí 94 ina gcuid de na ráitis airgeadais.
Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag:



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán



Ciarán Buggle
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach


An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

ar an 31 Nollaig 2024

Dáta: 25 Meitheamh 2025

		2024	2023
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	6	4,062,855	4,476,913
Sócmhainní airgeadais	7	41,444,910	39,414,668
		45,507,765	43,891,581
Sócmhainní Reatha			
Infháiltais	8	1,268,239	1,161,027
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		6,057,840	4,428,978
		7,326,080	5,590,005
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna Iníoctha	9	(11,787,902)	(10,836,571)
Glansócmhainní Reatha		(4,461,822)	(5,246,566)
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha (roimh shochair scoir)		41,045,943	38,645,015
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin	10(b)	3,789,000	3,662,000
Oibleagáidí maidir le sochar scoir	10(b)	(22,647,000)	(23,610,000)
Glansócmhainní		22,187,943	18,697,015
Lena léirítear			
Cúlchistí ioncaim coinnithe	11	41,045,943	38,645,015
Cúltaisce sochair scoir	11	(18,858,000)	(19,948,000)
Iomlán		22,187,943	18,697,015

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 79 go dtí 94 ina gcuid de na ráitis airgeadais.
Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag:



An Dr Suzanne Crowe
Uachtarán

Dáta: 25th June 2025



Ciarán Buggle
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin.

Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	2024	2023
	€	€
Barrachas ioncaim thar chaiteachas	1,684,928	(1,123,102)
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	(1,017,000)	(805,000)
Dímheas agus lagú PPE	705,664	511,321
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní	(76)	35,635
Laghdú / (Meadú) ar infháltais	(89,495)	2,257,395
Ús faighte	-	-
Meadú / (laghdú) i nithe iníoctha	933,614	(68,696)
Meadú / (laghdú) ar tháille shochair scoir	1,733,000	1,441,000
Fáltais ó phunann infheistíochta	(96,454)	(55,094)
Íocaíocht táille um bainistíocht punainne	84,134	84,132
Gluaiseacht Luach cóir i sócmhainní airgeadais	(3,017,920)	(2,700,496)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	920,393	(422,905)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús faighte	-	-
Costas úis	-	-
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	(292,248)	(3,562,039)
Íostarraingt infheistíochta	1,000,000	3,000,000
Fáltais do Dhiúscairtí Sócmhainní	718	354
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	708,470	(561,685)
Glan Meadú / laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	1,628,863	(984,590)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir	4,428,978	5,413,568
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig	6,057,841	4,428,978

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Udarás. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoin Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, agus tá ceannoifig aici ag Teach Kingram, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Is é príomhchuspóir Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná an pobal a chosaint trí chaighdeán arda iompair ghairmiúil a chur chun cinn agus caighdeán oideachais, oiliúna agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn agus a chinntiú níos fearr i measc lia-chleachtóirí cláraithe mar atá leagtha amach i gCuid 2 d'Alt 6 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Aonán um Shochar Poiblí í Comhairle na nDochtúirí Leighis.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, “an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”).

(b) Bonn a nUllmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi chomhghnás an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a tomhaiseadh ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Airgeadais faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

d) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Déantar an muirear dímheasa a ríomh chun costas nó luacháil bhunaidh maoine, innealra agus trealaimh, a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh	Dímheas iarmharach fad a mhairfidh an léas
Trealamh oifige	20% de líne dhíreach
Daingneáin agus feistis	12.5% de líne dhíreach
Trealamh ríomhaire agus forbairt bogearraí	33.3% de líne dhíreach

Tá áitribh faoi réir beartas athluachála gach 5 bliana mar aon le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS 102. Ní raibh aon áitreabh ruilse ar Chlár na Sócmhainní ar an 31 Nollaig 2024.

Tá sé ina bheartas ag Comhairle na nDochtúirí Leighis a cuid sócmhainní seasta i saothair ealaíne a athluacháil gach 5 bliana. Cuireadh an próiseas sin siar go 2026, áfach, mar gheall ar chúinsí ó thaobh acmhainní de. Rinneadh luacháil in 2019, agus léirítear sna Ráitis Airgeadais luach margaidh reatha na saothar ealaíne liostaithe. Is mar mhíreanna caipitiúla a dhéileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí le haghaidh córais mhóra agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

e) Sócmhainní Airgeadais

Luaitear sócmhainní airgeadais a shealbhaítear mar shócmhainní neamhreatha ar a luach margaidh. Tugtar cuntas ar aon bharrachais nó easnaimh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe faoi seach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní airgeadais mar aon le haon cháin siarchoinneála ghaolmhar sa Ráiteas faoin gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Tá infheistíocht ag an gComhairle i gciste ina bhfuil bannaí, cistí infheistíochta airgead tirim agus scaireanna cothromais i roinnt cuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí stoic aitheanta agus a ndéantar iad a thrádáil go gníomhach. Ní hí Comhairle na nDochtúirí Leighis a bhainistíonn an ciste ach cuireann beartas infheistíochta na Comhairle taca faoi. Aithnítear ioncam ón bpunann infheistíochta (glan ar aon cháin siarchoinneála ghaolmhar) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte. Aithníodh an infheistíocht ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin rinneadh í a luacháil ag luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is ionann luach cóir agus meánphraghas na n-urrús i margadh gníomhach ar an dáta tuairiscithe tar éis aon cháin atá iníoctha ar aon bhrabús a tuilleadh a mheas. Aithnítear athruithe i luach cóir infheistíochtaí sa ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

f) Airgeadraí Eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an lá a ullmhaíodh an Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú go euro agus a thaifeadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm lá an idirbhirt. Caitear leis na difríochtaí malartaithe dá thoradh sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

g) Ioncam

Aithnítear táillí, seachas táillí coinneála, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain ar liachleachtóirí a dhéanann iarratas chun fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhráithe ag úsáid mhodh an ráta éifeachtúil úis.

i) Sochair Scoir

Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Is éard atá sa mhuirear sochair scoir don SIERR ná na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse, costais seirbhíse reatha agus costais úis agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir na mball foirne a choinníonn an Chomhairle.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus taithí ó bharrachais agus easnaimh, sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill baill foirne go dtí seo. Is ionann an cúlchiste shochair aoisliúntais agus an t-easnamh maoinithe ar oibleagáidí na scéime sochair scoir.

Oibríonn an Chomhairle Scéim Shingil Pinsin aonair na Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is scéim shochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin na seirbhíse poiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPA). Lena chois sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha leis an RCPA freisin de réir Ciorclán RCPA 28/2016. Déantar an dliteanas i leith chomhaltaí na Scéime Aonair a mheaitseáil le sócmhainn mhaoinithe iarchurtha de réir fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa atá nasctha leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin thar shaolré an léasa.

k) Infháltais

Déantar infháltais trádála a thaifeadadh ar na leibhéal táillí arna gcinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Má theipeann ar Lia-Chleachtóir an Fhoirm Iarratais Coinneála Bhliantúil a chomhlánú mar aon leis an Táille Choinneála a íoc, déanfar an té sin a scrios ó Chlár na Lia-Chleachtóirí réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Cealaíonn an próiseas seo an riachtanas chun soláthar a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha mar déantar na táillí arna n-eisiúint a chur droim ar ais nuair a scriostar an té sin den Chlár. Déantar infháltais eile a thaifeadadh ag praghas an idirbhirt.

l) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chlár chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú mar ioncam agus mar chaiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin a bheith éagsúil mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Treailimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh do lagú nuair a léirítear le teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála.

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainní ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn lagú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil

sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Stiúrthóir Airgeadais ar shaoilta sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na ranganna maoine, innealra agus treailimh go léir, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus measadh go bhfuil saolta na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Forálacha

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth ar bhunús fhaisnéise stairiúla nó faisnéise ábhartha eile, arna gcoigeartú do threochtaí le tamall anuas nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás teagmhais nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhir a bheith an-difriúil ón meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo
- treochtaí sna rátaí i dtaobh costais cúraim sláinte, an ráta boilscithe maidir le costais leighis sna réigiúin chuí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

2. Ioncam

Is mar seo a leanas atá na míreanna ioncaim:

	2024	2023
	€	€
Táillí Coinneála	14,839,062	13,894,640
An táille choinneála bhliantúil atá iníoctha ag Dochtúirí chun a gClárúcháin a choinneáil ar Chlár na nDochtúirí Leighis		
Táillí Clárúcháin		
Intéirneacht	331,828	279,250
Clárúchán ginearálta	5,107,963	3,720,210
Cur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí	86,950	80,670
Táillí Clárúcháin Speisialtóirí	159,390	148,170
	5,686,131	4,228,300
Ioncam ilghnéitheach		
Táillí seirbhíse	44,520	22,960
Táillí creidiúnaithe	-	-
Scrúduithe	86,405	77,535
Deimhniú dea-cháile sa ghairm	222,700	214,422
Táille as íoc déanach	(50)	(50)
Costais dhlíthiúla aisghafa	-	100
Eile	94,699	81,569
Maoiniú ó FSS	424,641	-
	872,915	396,536

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

3. Fostaithe agus Luach Saothair

Cuimsíonn costais foirne:

	2024	2023
	€	€
Pá agus tuarastail	9,264,718	8,193,827
Costais leasa shóisialaigh	896,336	718,773
	10,161,053	8,912,600
Costais sochair scoir (Nóta 10a)	1,944,787	1,316,860
	12,105,840	10,229,460

San áireamh laistigh de chaiteachas Pá agus Tuarastail tá costais tuarastail aisíocaíochta €120,570 ar Shláinte Leanaí Éireann do thuarastal an Uachtaráin reatha.

	2024	2023
	€	€
3.1 Asbhaintí a bhaineann le pinsin	191,984	136,176
Suimeanna dlite don Roinn Sláinte ag deireadh na bliana	16,952	12,781

3.2 Níor íocadh aon íocaíochtaí bónais leis an bhfoireann in 2024 ná in 2023.

3.3 Costais chomhiomlána Tuarastal Fostaithe

	Costais Tuarastail	Sochair foirceanta	Sochair iar- fhostaíochta	Eile
Tuarastal comhiomlán fostaithe	8,659,988	-	-	-
Príomhfhoireann bhainistíochta	700,730	-	-	-
	2024	2023		
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (1 Eanáir - 19 Meán Fómhair)	107,234	145,532		
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach* (20 Meán Fómhair – 6 Nollaig)	49,077			
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach (7 Nollaig – 31 Nollaig)	12,065	-		

*Íocadh an POF eatramhach sa tréimhse seo ar bhonn sonrasctha agus gearradh táillí as sin faoin tsainchomhairleoireacht ghnó faoi chonradh seirbhíse. Bhí CBL 23% mar chuid den íocaíocht. Íocadh €268,000 (CBL san áireamh) san iomlán leis an gcuideachta in 2024.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

3.3 Costais chomhiomlána Tuarastal Fostaithe (ar lean)

Áirítear leis an tuarastal comhlán a íocadh leis an POF coigeartú atá ag teacht le ceanglais a sonraíodh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an príomhoifigigh feidhmiúcháin ach na teidlíochtaí pinsin atá leagtha amach i scéim socair sainithe aoisliúntais pinsin na hearnála poiblí.

3.4 Líon fostaithe

132 duine ar an meán a bhí fostaithe sa bhliain 2024, 117 duine in 2023.

4. Riarachán Ginearálta

	2024	2023
	€	€
Árachas	113,955	120,399
Solas agus Teas	76,808	94,972
Deisiúcháin agus Cothabháil	118,953	65,981
Clódóireacht, postas, agus stáiseanóireacht	31,245	38,757
Riar agus stóráil comhad	36,286	40,723
Táillí teileafóin agus leathanbhanda	34,402	56,350
Costais ríomhairí	1,005,564	804,097
Airíochas agus glantachán	60,642	54,263
Cúrsaí Slándála	34,963	25,577
Creidiúnú	116,613	89,416
Taighde	14,231	62,426
Costais ghinearálta	53,553	137,905
Iníúcháireacht Inmheánach	38,154	16,446
	1,735,369	1,607,312

5. Cánachas

Foráiltear le hAlt 32 den Acht Airgeadais, 1994 go bhfuil díolúine ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ó cháin ar ioncam a fhaigheann sí ó infheistíocht. Níl Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteideal aisíocaíocht cánach coinneála ar ús taise, áfach, nuair atá an cháin sin asbhainte ó ús taise.

Comhlacht Urraithe Neamhthráchtála Stáit í Comhairle na nDochtúirí Leighis de réir bhrí Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha agus Sceideal 4 an Achta sin.

Ní ghearrann an Chomhairle Leighis CBL ar a chuid táillí agus ní éilíonn sí CBL ar ais ar a chuid cheannachán.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

6. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

	Foirgnimh agus Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feistis	Trealamh Ríomhaireachta	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2024	5,249,473	25,014	1,253,631	2,210,450	8,738,568
Breiseanna	72,674	-	673	218,901	292,248
Diúscairt	-	(261)	(400)	(730)	(1,391)
